



An Bhruiséil, 1 Nollaig 2023
(OR. en)

16044/23

**Comhad Idirinstiúideach:
2022/0196(COD)**

**AGRI 750
PESTICIDE 65
SEMENCES 110
AGRILEG 315
ENV 1390
PHYTOSAN 120
CODEC 2283
IA 338**

NÓTA

| | |
|-------------------------------|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 14118/23 + ADD 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10607/22 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 – Tuarascáil ar dhul chun cinn |

I. RÉAMHRÁ

1. An 22 Meitheamh 2022, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115¹.

¹ 10654/22 + ADD 1-6

2. Tá sé beartaithe leis an togra rialachán a chur in ionad na reachtaíochta reatha (Treoir 2009/128/CE, an ‘Treoir maidir le hÚsáid Inbhuanaithe’ anseo feasta) chun beartais náisiúnta maidir le húsáid lotnaidicídí a chomhchuihbhiú agus chun ailíniú níos fearr a dhéanamh le cuspóirí thionscnaimh shuaitheanta ábhartha an Aontais faoin gComhaontú Glas don Eoraip (an Straitéis ‘ón bhfeirm go dtí an forc’ agus na Straitéisí Bithéagsúlachta, mar shampla) agus le cuspóirí Straitéis Ceimiceán an Aontais agus an Phlean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú. Is dearbhú é an togra ar ghealltanais an Choimisiúin úsáid fhoriomlán agus riosca lotnaidicídí ceimiceacha san Aontas a laghdú 50 % agus úsáid lotnaidicídí níos guaisí a laghdú 50 % faoi 2030 mar a leagtar amach sa straitéis ‘ón bhfeirm go dtí an forc’ (F2F) agus sna straitéisí bithéagsúlachta. Tá sé d’aidhm aige freisin cur chuige comhréireach, réalaíoch ach uaillmhianach a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar ábhair inní shocharíochta atá ag dul i méid maidir le lotnaidicídí.
3. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra an 14 Nollaig 2022². Ghlac Coiste na Réigiún a thuairim maidir leis an togra an 15 Márta 2023³.
4. I bParlaimint na hEorpa, i mí Mheán Fómhair 2022, ceapadh Sarah Wiener (AT, na Glasaigh) mar rapóirtéir don togra. Thug Coiste AGRI agus an Coiste um Fhorbairt tuairimí uathu, agus tá inniúlacht eisiach ag Coiste AGRI maidir le hAirteagal 43 den togra, a bhaineann leis an maoiniú faoi CBT. Tar éis díospóireacht i seisiún iomlánach de Pharlaimint na hEorpa an 21 Samhain 2023, vótáil Parlaimint na hEorpa an 22 Samhain chun diúltú don togra ón gCoimisiún agus chun deireadh a chur leis an gcéad léamh⁴.

² 16255/22

³ 7812/23

⁴ [Téacsanna atá glactha - Úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí - Dé Céadaoin, an 22 Samhain 2023 \(europa.eu\)](https://europa.eu/press-room/en/infographic-2023-10-22-1)

II. AN OBAIR SA CHOMHAIRLE

5. Chuir an Coimisiún an togra agus a mheasúnú tionchair faoi bhráid na Meithle um Plandaí agus Ceisteanna Sláinte Plandaí ('an Mheitheal' anseo feasta) an 13 Iúil 2022, agus rinneadh cur i láthair ina dhiaidh sin ag Comhairle AGRIFISH an 18 Iúil 2022. Rinneadh achoimre ar an scrúdú agus ar an bplé mionsonraithe a rinneadh ar airteagail an togra le linn Uachtaránacht na Seicia, i dtuarascáil ar dhul chun cinn⁵ a thíolaic Comhairle AGRIFISH an 12 Nollaig 2022.
6. An 19 Nollaig 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh ón gComhairle lena n-iarrtar ar an gCoimisiún staidéar a ullmhú lena gcomhlánaítear an measúnú tionchair atá ann cheana ar an togra⁶. I gComhairle AGRIFISH mhí na Nollag 2022, chuir na hairí in iúl go bhfuil siad tiomanta leanúint den obair ar na codanna den togra nach gcumhdaítear leis an gCinneadh thuasluaite ón gComhairle.
7. Dá bhrí sin, leanadh den scrúdú agus den phlé mionsonraithe ar airteagail an togra nach gcumhdaítear leis an gCinneadh thuasluaite ón gComhairle le linn Uachtaránacht na Sualainne, a thíolaic tuarascáil ar dhul chun cinn⁷ maidir leis an obair a rinneadh ar an togra faoina dtéarma ag Comhairle AGRIFISH an 26 Meitheamh 2023.
8. Thug an Coimisiún a fhreagra ar an iarraidh thuasluaite ón gComhairle an 5 Iúil 2023⁸ agus chuir sé an freagra sin i láthair ag an gcruinniú de Chomhairle AGRIFISH an 25 Iúil 2023. Tar éis chur i láthair an Choimisiúin, d'aontaigh na hairí go bhféadfaí leanúint den phlé ón tráth sin ar aghaidh maidir leis na codanna eile den togra, eadhon na codanna sin atá nasctha go díreach leis an staidéar ón gCoimisiún lena gcomhlánaítear an measúnú tionchair ar an togra.

⁵ 15774/22

⁶ [EUR-Lex - 32022D2572 - GA - EUR-Lex \(europa.eu\)](#)

⁷ 9803/23

⁸ 11644/23 agus WK 9761/2023

9. Leanadh den obair dhian ar an gcomhad le linn Uachtaránacht na Spáinne, i gceithre chruinniú ar leibhéal na meithle agus i gcruinniú amháin ar leibhéal na n-ataiséanna. Chun an togra a chur ar aghaidh, ba é straitéis Uachtaránacht na Spáinne a thabhairt go díreach ar dhá cheann de na saincheisteanna ba chonspóidí sa togra, mar atá, ‘na limistéir íogaire’ agus ‘na spriocanna laghdúcháin táirgí cosanta plandaí (PPPanna)’, agus réitigh a lorg ag an am céanna ar na hábhair inní a bhaineann leis an ualach riaracháin ar ar tharraing na toscaireachtaí aird i bhforálacha éagsúla den togra. Chuir Uachtaránacht na Spáinne dhá cheist ar na toscaireachtaí chun a seasaimh maidir leis na saincheisteanna sin a mheas. Leis an gcéad cheann, iarradh ar na toscaireachtaí freagra a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le ‘limistéir íogaire’ (ceisteanna maidir limistéir íogaire a shainiú, maidir le bearta is infheidhme i limistéir íogaire agus maidir leis na maoluithe a d’fhéadfaí a chur ar úsáid PPPanna i limistéir íogaire). Díríodh an dara ceist ar spriocanna laghdaithe PPPanna (ceisteanna maidir leibhéal agus cineál éigeantach/deonach spriocanna an Aontais agus na spriocanna ar an leibhéal náisiúnta, chomh maith leis na moltaí ón gCoimisiún do Bhallstáit aonair mura bhfuil a bhfeidhmíocht nó a dtreocht maidir le laghdú lotnaidicídí sásúil). Pléadh an dá cheist i gcruinnithe na Meithle an 14 Meán Fómhair 2023 agus an 16 Deireadh Fómhair 2023.
10. Ar bhonn na bhfreagraí thug na toscaireachtaí ag na cruinnithe a bhí ag an Meitheal an 14 Meán Fómhair agus an 16 Deireadh Fómhair, agus ar bhonn an mhéid a fuarthas i scríbhinn ó na toscaireachtaí, d’ullmhaigh Uachtaránacht na Spáinne páipéar leathoifigiúil maidir le limistéir íogaire agus maidir leis na spriocanna laghdaithe PPPanna. Áiríodh sa pháipéar leathoifigiúil togra comhréitigh le haghaidh limistéir íogaire lena ndírítear ar shainmhíniú nua agus ar thrí chatagóir de limistéir íogaire, ar na bearta atá le cur i bhfeidhm i ngach ceann acu agus ar nós imeachta simplithe maidir le maoluithe a dheonú. Maidir leis na spriocanna laghdúcháin, áiríodh sa togra comhréitigh sprioc éigeantach chun laghdú 50 % a dhéanamh ar leibhéal an Aontais maidir le húsáid agus riosca táirgí ceimiceacha cosanta plandaí (F2F1) agus táirgí guaiseacha cosanta plandaí (F2F2), chomh maith le laghdú 25 % mar sprioc íosta éigeantach i gcás F2F1 ar an leibhéal náisiúnta.

11. Pléadh an páipéar leathoifigiúil thuasluaite ón Uachtaránacht⁹ ag an gcrúinniú a bhí ag an Meitheal an 7 Samhain, mar aon le rogha mhalartach a mhol an Uachtaránacht chun laghdú deonach 25 % a dhéanamh ar PPPanna ar an leibhéal náisiúnta. D’uireasa tromlach soiléir i bhfabhar nó i gcoinne an pháipéir thuasluaite ón Uachtaránacht agus na rogha eile, d’eagraigh Uachtaránacht na Spáinne cruinniú ataiséanna an 10 Samhain chun plé a dhéanamh ar an leagan athbhreithnithe den pháipéir leathoifigiúil ón Uachtaránacht inar cuireadh tagairt do rannchuidithe náisiúnta a bheadh le roghnú ag gach Ballstát agus le háireamh ina Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta in áit na tagartha do spriocanna laghdaithe PPPanna ar an leibhéal náisiúnta. Rinne an Uachtaránacht iarracht bhreise deiridh teacht ar chomhréiteach maidir leis an tsaincheist sin, is é sin úsáid a bhaint as an bhfoclaíocht atá sa Treoir reatha maidir le hÚsáid Inbhuanaithe maidir le ‘*cuspoirí cainníochtúla, spriocanna, bearta agus na tráthchláir*’ náisiúnta lena rannchuidítear le laghdú PPPanna. N bhfuarthas tacaíocht ó thromlach soiléir don togra comhréitigh is déanaí sin ach oiread.
12. I gcomhthráth leis an bplé thuas ar leibhéal na meithle/na n-ataiséanna, d’ullmhaigh Uachtaránacht na Spáinne téacs comhréitigh ón Uachtaránacht don togra iomlán, lena bhféachtar leis na tuairimí agus na seasaimh éagsúla a chuir na toscaireachtaí in iúl ag na cruinnithe roimhe sin a thabhairt le chéile. Tá an leagan is déanaí den téacs comhréitigh seo ón Uachtaránacht leagtha amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

III. PRÍOMHGHNÉITHE AN TÉACS COMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT

Limistéir íogaire

13. Moltar sainmhíniú modhnaithe ar limistéir íogaire sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht, lena mbunaítear trí chatagóir:

1. limistéir atá íogair ó thaobh na talmhaíochta agus na foraoiseachta de;
2. limistéir nach limistéir thalmhaíochta ná foraoiseachta iad ach atá íogair, lena n-áirítear;
3. limistéir nach limistéir thalmhaíochta ná foraoiseachta iad agus a bhfuil saintréithe sonracha acu.

⁹ 14493/23

14. I gcás gach catagóire, ní bheadh cead ach an méid seo a leanas a úsáid:

1: rialú bitheolaíoch, PPPanna a mbaineann riosca íseal leo a údaraítear san fheirmeoireacht orgánach, agus PPPanna a áirítear i ngrúpa 2 den Táscaire Comhchuibhithe Riosca.

2: rialú bitheolaíoch, PPPanna a mbaineann riosca íseal leo a údaraítear san fheirmeoireacht orgánach, agus PPPanna a údaraítear le haghaidh úsáid neamhghairmiúil.

3: rialú bitheolaíoch, PPPanna a mbaineann riosca íseal leo a údaraítear san fheirmeoireacht orgánach, PPPanna a údaraítear le haghaidh úsáid neamhghairmiúil agus PPPanna a áirítear i ngrúpa 2 den Táscaire Comhchuibhithe Riosca.

Moltar freisin sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht go ndeonófaí maoluithe trí chóras simplithe lena ndéantar laghdú suntasach ar an ualach riaracháin, ar feadh 120 lá féilire ar a mhéad agus i gcás réigiúin/limistéir shonracha.

spriocanna laghdúcháin táirgí cosanta plandaí

15. Moltar sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht gur cheart go mbeadh na spriocanna laghdaithe PPPanna a bheith éigeantach ar leibhéal an Aontais agus gurb í 50 % faoi 2030 an sprioc is ceart a shocrú, maidir le húsáid táirgí ceimiceacha cosanta plandaí agus an riosca a bhaineann leo (F2F1) agus maidir le húsáid táirgí guaiseacha cosanta plandaí (F2F2), agus an tréimhse 2015-2017 á meas mar bhonnlíne. Ar an leibhéal náisiúnta, moltar sa téacs forálacha Airteagal 4(1) den Treoir reatha maidir le hÚsáid Inbhuanaithe a oiriúnú, is é sin go rannchuideoidh gach Ballstát le spriocanna an Aontais a bhaint amach trína chuspóirí cainníochtúla, a spriocanna, a bhearta agus a thráthchláir féin a chinneadh, agus go mbeidh gá leis an méid sin a áireamh ina Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta. Dá bhrí sin, is é an toradh a bheadh ar na bearta uile arna ndéanamh ag gach Ballstát ina aonar chun úsáid PPPanna agus an riosca a bhaineann leo a laghdú go gcuideofaí le spriocanna an Aontais, is é sin laghdú 50 %, a bhaint amach.
16. Mar an chéad chéim eile, thacódh córas fógraí chuig an gCoimisiún agus, i gcás inarb iomchuí, moltaí ina dhiaidh sin ón gCoimisiún, leis an gcóras thuasluaite maidir le cuspóirí cainníochtúla náisiúnta, spriocanna, bearta agus tráthchláir chun rannchuidiú leis an méid sin.

Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta

17. Moltar sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta a shimpliú, iad a ailíniú le forálacha eile sa togra agus iad a dhíriú ar an bhfaisnéis fhíorthábhachtach, rud a laghdódh an chuid is mó den ualach riaracháin a bhaineann leis an togra.

Bainistiú Comhtháite Lotnaidí

18. Coinnítear sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht an obair a rinne Uachtaránacht na Sualainne roimhe seo i gCaibidil IV (Bainistiú Comhtháite Lotnaidí), inar tugadh isteach, mar phríomhghné, treoirlínte agus rialacha barrshonracha nó earnáilsonracha, lena dtugtar solúbthacht do na Ballstáit sainiúlachtaí náisiúnta a chur san áireamh.

Táirgí cosanta plandaí a leathadh ón aer

19. Cé go bhfuil toirmeasc ann, go ginearálta, ar leathadh PPPanna ón aer, tá sé i gceist leis an téacs comhréitigh ó Uachtaránacht na Spáinne cur chun feidhme teicneolaíochtaí nua don fheirmeoireacht bheacht a chur chun cinn. Moltar sa téacs, dá bhrí sin, údarú córais um leathadh ón aer a cheadú, in imthosca áirithe, i gcás ina bhfuil na rioscaí a bhaineann leis an leathadh sin níos ísle ná na rioscaí a bhaineann le córais eile um leathadh, nó cothrom leo, fiú. Ina theannta sin, tugtar isteach leis an téacs oibleagáid ar an gCoimisiún treirdhoiciméad a fhorbairt, i gcomhar le EFSA, a bhaineann le leathadh PPPanna ón aer a údarú — lena n-áirítear leathadh arna ndéanamh ag catagóirí áirithe ladrann — agus a úsáidfear chun measúnú a dhéanamh ar na hiarratais ar údarú PPPanna lena n-úsáid ón aer. Laghdaíodh an t-ualach riaracháin freisin agus rinneadh cumhachtú an Choimisiúin a theorannú.

Oiliúint, faisnéis agus múscailt feasachta

20. Moltar sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht gur cheart an córas oiliúna agus deimhniúcháin a shainiú ar an leibhéal náisiúnta. Ina theannta sin, cuireadh coincheap an chomhairleora neamhchlaonta — mar a shonraítear cheana i Rialachán CBT é — in ionad choincheap an chomhairleora neamhspleách, agus níor mhór córas comhairleach neamhchlaonta a shocrú, lena sonrú na critéir agus na paraiméadair uile ar leibhéal na mBallstát.

Uimhir uathúil aitheantais

21. Le hAirteagal 10(5) de Rialachán (AE) 2023/1230 maidir le hinnealra, cuirtear d'oibleagáid ar na monaróirí a áirithiú go bhfuil baiscuimhir nó sraithuimhir nó eilimint eile lenar féidir innealra a shainiú ar aon innealra a chuireann siad ar an margadh nó i seirbhís. Ós rud é nach bhféadfaí gach trealamh leata aonair a shainiú le baiscuimhir, áfach, moltar sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht uimhir uathúil aitheantais a chur san áireamh i ndoiciméid an innealra. Bheadh cód tíre san uimhir uathúil aitheantais freisin, rud a d'éascódh aitheantas trasteorann.

Táscairí comhchuibhithe riosca

22. Moltar sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht go gcoimeádfá táscairí comhchuibhithe 1 agus 2 a bunaíodh faoin Treoir reatha maidir le hÚsáid Inbhuanaithe agus go scriosfaí táscaire comhchuibhithe nua-mholta 2a (bunaithe ar líon na n-údaruithe a dheonaítear faoi Airteagal 53 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus ar na limistéir a chóireáiltear fúthu), bunaithe ar an argóint nach réiteodh modhnú na dtáscairí sin fadhb a gcáilíochta. Bheadh ar an gCoimisiún torthaí an dá tháscaire comhchuibhithe a ríomh agus iad a roinnt le gach Ballstát. Mar sin féin, coimeádtar sa téacs comhréitigh ón Uachtaránacht an fhoráil dá bhforáiltear sa togra ón gCoimisiún lena bhféadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomh tarmligthe, na táscairí comhchuibhithe riosca atá ann cheana a mhodhnú nó táscairí breise a sholáthar laistigh de 18 mí tar éis do na sonraí maidir le húsáid PPPanna arna mbailiú faoi Rialachán (AE) 2022/2379 (*Rialachán 'SAIO', mar a thugtar air*) a bheith ar fáil.

23. Ag an gcruinniú a bhí ag Coreper an 22 Samhain, nuair a pléadh agus nuair a comhaontaíodh clár oibre Chomhairle AGRIFISH an 11 Nollaig, d'aontaigh na toscaireachtaí gur cheart an comhad a choinneáil ar chlár oibre an chéad AGRIFISH eile gan beann ar vóta Pharlaimint na hEorpa lenar diúltaíodh don togra ón gCoimisiún. Mar sin féin, thug 15 Bhallstát le fios, cé go raibh dul chun cinn suntasach déanta ar an téacs ar an leibhéal teicniúil, go raibh gá fós le tuilleadh oibre ar leibhéal na meithle sula gcuirfí faoi bhráid na Comhairle é le haghaidh cur chuige ginearálta nó seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh.
24. Tar éis an chruinnithe thuasluaite a bhí ag Coreper, ag an gcruinniú deireanach a bhí ag an meitheal le linn Uachtaránacht na Spáinne an 23-24 Samhain, ba dhíol sásaimh do na toscaireachtaí an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht don togra ina iomláine ach chuir siad in iúl go raibh ceistanna acu agus go raibh soiléiriú uathu maidir le príomhghnéithe den téacs comhréitigh sin agus go raibh gá le tuilleadh ama chun iad sin a scrúdú agus machnamh a dhéanamh orthu.
25. Ag an gcéim seo, tá forchoimeádas grinnscrúdaithe fós ag na toscaireachtaí uile maidir leis an téacs comhréitigh ón Uachtaránacht atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, lena n-áirítear maidir leis na hathruithe is déanaí a tugadh isteach ann ó bhí cruinniú deireanach na Meithle ann.

IV. CONCLÚID

26. Ag an gcruinniú de Chomhairle AGRIFISH an 11 Samhain 2023, iarrfar ar na hairí an tuarascáil sin ar dhul chun cinn a thabhairt dá n-aire agus tuairimí a mhalartú ina leith.

¹⁰RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear

Rialachán (AE) 2021/2115

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún¹²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

¹⁰ Maidir le na hathruithe a rinneadh ar an leagan roimhe seo (14118/23 + ADD1), is i gcló trom a léirítear an méid a cuireadh isteach agus is le líne tríd a léirítear an méid a scriosadh.

¹¹ IO C , , lch. .

¹² IO C [...], [...], lch. [...].

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Sa Chonradh, tá ceanglas ann ardlleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a áirithiú i sainiú agus i gcur chun feidhme bheartais agus ghníomhaíochtaí uile an Aontais agus foráiltear leis nach mór beartas an Aontais maidir leis an gcomhshaol a bheith dírithe ar ardlleibhéal cosanta.
- (2) Le Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹³ bunaíodh creat chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach trí na rioscaí agus na tionchair a bhaineann le húsáid lotnaidicídí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a laghdú. Fuarthas sa mheastóireacht¹⁴ a rinneadh ar an Treoir sin nár baineadh amach na cuspóirí foriomlána a bhí inti agus nár chuir na Ballstáit an Treoir sin chun feidhme ar bhealach sásúil. Rinneadh an chonclúid sin a dhearbhu i dtuarascálacha ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle in 2017¹⁵ agus in 2020¹⁶.
- (3) Sa rún ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Feabhra 2019 i ndáil le cur chun feidhme Threoir 2009/128/CE maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí¹⁷, tugadh faoi deara nach mór don Aontas gníomhú gan mhoill chun aistriú chuig úsáid níos inbhuanaithe lotnaidicídí agus iarradh ar an gCoimisiún sprioc uaillmhianach ceangailteach uile-Aontais a mholadh chun úsáid lotnaidicídí a laghdú. D'athdhearbhaigh Parlaimint na hEorpa a hiarraidh ar spriocanna ceangailteacha maidir le laghdú sa rún uaithe an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol¹⁸.

¹³ Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat le haghaidh gníomhaíocht Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lch. 71).

¹⁴ [Tagairt le cur isteach.]

¹⁵ *Report from the Commission to the European Parliament and the Council on Member State National Action Plans and on progress in the implementation of Directive 2009/128/EC on the sustainable use of pesticides* [Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar Phleananna Gníomhaíochta Náisiúnta na mBallstát agus ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme Threoir 2009/128/CE maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí] COM(2017)587 final.

¹⁶ *Report from the Commission to the European Parliament and the Council on the experience gained by Member States on the implementation of national targets established in their National Action Plans and on progress in the implementation of Directive 2009/128/EC on the sustainable use of pesticides* [Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ar an taithí atá faighte ag na Ballstáit ar chur chun feidhme na spriocanna náisiúnta arna mbunú ina bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta agus ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme Threoir 2009/128/CE maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí] COM(2020) 204 final.

¹⁷ P8_TA(2019)0082, an 12 Feabhra 2019.

¹⁸ P9_TA(2021)0425, an 20 Deireadh Fómhair 2021.

- (4) In 2018, fuarthas amach i staidéar¹⁹ a rinne Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa (EPRS) go ndearnadh dul chun cinn i roinnt mhaith Ballstát ach nár baineadh amach cuspóirí Threoir 2009/128/CE ach ar bhealach teoranta. I dtuarascáil speisialta²⁰ ó 2020 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí, fuarthas amach nach bhfuil ach dul chun cinn teoranta déanta i ndáil leis na rioscaí a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí a thomhas agus a laghdú agus sainaitníodh laigí i gcreat reatha an Aontais. Mar a luadh ina thuarascáil faisnéise i ndáil leis an meastóireacht ar Threoir 2009/128/CE²¹, measann Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa freisin go bhfuil sé ríthábhachtach athmheasúnú a dhéanamh ar na ceanglais, na spriocanna, na coinníollacha agus na tráthchláir a leagadh síos faoi na pleananna gníomhaíochta náisiúnta.
- (5) Chun a áirithiú go mbainfear amach ina n-iomláine cuspóirí chreat dlíthiúil an Aontais maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí, ní mór é a oiriúnú trí rialacha a bheadh níos soiléire agus infheidhme go díreach a leagan síos d'oibreoirí. Ina theannta sin, ba cheart roinnt rialacha a shoiléiriú, lena n-áirítear na rialacha maidir le bainistiú comhtháite lotnaidí a chur i bhfeidhm, srianta le húsáid táirgí cosanta plandaí agus cigireachtaí ar threalamh a úsáidtear chun táirgí cosanta plandaí a chur i bhfeidhm. Dá bhrí sin, is iomchuí Treoir 2009/128/CE a aisghairm agus rialachán a chur ina hionad.
- (6) Leagtar síos na rialacha maidir le táirgí bithicídeacha i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²², agus tá sé beartaithe meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán sin. Dá bhrí sin, ní iomchuí rialacha nua maidir le húsáid táirgí bithicídeacha a thabhairt isteach sa Rialachán seo.

¹⁹ Seirbhís Taighde Pharlaimint na hEorpa, Treoir 2009/128/CE maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí –Measúnú ar Chur Chun Feidhme Eorpach, Deireadh Fómhair 2018.

²⁰ Úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí: dul chun cinn teoranta maidir le rioscaí a thomhas agus a laghdú, Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, ISBN:978-92-847-4206-6, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2020.

²¹ Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Meastóireacht ar an Treoir maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí (Tuarascáil Faisnéise), arna glacadh an 27 Aibreán 2021.

²² Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

- (7) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘An Comhaontú Glas don Eoraip’²³, leagadh amach treochlár de na príomhbhearta, lena n-áirítear bearta reachtacha, chun úsáid agus riosca lotnaidicídí ceimiceacha a laghdú ar bhealach suntasach. Sa Straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’²⁴, i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030²⁵ agus sa Phlean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú²⁶, gheall an Coimisiún go ngníomhódh sé chun laghdú 50 % a dhéanamh ar úsáid iomlán lotnaidicídí ceimiceacha agus ar an riosca iomlán a bhaineann leo faoi 2030 agus chun laghdú 50 % a dhéanamh ar úsáid lotnaidicídí atá níos guaisí (táirgí cosanta plandaí ina bhfuil substaint ghníomhach amháin nó níos mó atá formheasta mar shubstaint a bhféadfaí ionadú a dhéanamh uirthi i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁷ agus a liostaítear i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún²⁸, nó ina bhfuil ceann amháin de na substaintí gníomhacha a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/408 ón gCoimisiún²⁹) faoi 2030.

²³ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *The European Green Deal* [An Comhaontú Glas don Eoraip], COM/2019/640 final.

²⁴ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol], COM/2020/381 final.

²⁵ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2030 Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 — An dúlra a thabhairt ar ais inár saol], COM/2020/380 final.

²⁶ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Pathway to a Healthy Planet for All EU Action Plan: ‘Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil’* [Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách — Plean Gníomhaíochta AE: ‘I dtreo truailliú nialasach le haghaidh an aeir, an uisce agus na cré’] COM(2021) 400 final.

²⁷ Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/EEC ón gComhairle (*IO L 309*, 24.11.2009, *lch. 1*).

²⁸ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (*IO L 153*, 11.6.2011, *lch. 1*).

²⁹ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408 ón gCoimisiún an 11 Márta 2015 maidir le cur chun feidhme Airteagal 80(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena mbunaítear liosta substaintí a bhféadfaí ionadú a dhéanamh orthu (*IO L 67*, 12.3.2015, *lch. 18*).

Tá úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí comhlántach freisin le cur chun cinn na feirmeoireachta orgánaí agus le sprioc na Straitéise ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ a bhaint amach, is é sin 25 % ar a laghad de thalamh talmhaíochta an Aontais a bheith faoi fheirmeoireacht orgánach faoi 2030. Tacaíonn sé le cuspóirí chreat straitéiseach an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair³⁰ agus ar an gcaoi sin cuireann sé le cur chun feidhme phrionsabal 10 de Chlár Eorpach na gCearta Sóisialta maidir le timpeallacht oibre atá sláintiúil, sábháilte agus dea-oiriúnaithe.

- (8) Le dhá thionscnamh Eorpacha ó na saoránaigh, tugtar aghaidh ar úsáid lotnaidicídí agus iarrtar spriocanna laghdúcháin uailmhianacha. Leis an tionscnamh dar teideal *Ban glyphosate and protect people and the environment from toxic pesticides* [Cuirtear toirmeasc ar an ngliofosáit agus cosnaítear daoine agus an comhshaol ar lotnaidicídí tocsaineacha] a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 6 Deireadh Fómhair 2017, iarradh ar an gCoimisiún, faoina thrú aidhm ‘spriocanna éigeantacha uile-Aontais don laghdú ar úsáid lotnaidicídí a shocrú d’fhonn todhchaí saor ó lotnaidicídí a bhaint amach’. Ina fhreagra a glacadh an 12 Nollaig 2017, luaigh an Coimisiún go ndéanfadh sé athmheastóireacht ar an ngá atá le spriocanna éigeantacha uile-Aontais le haghaidh lotnaidicídí. Ina dhiaidh sin, sa tionscnamh ‘Sábhálaimis na beacha agus na feirmeoirí! I dtreo talmhaíocht neamhdhíobhálach do bheacha i gcomhair comhshaol folláin’ iarrtar ar an gCoimisiún ‘gníomhartha dlíthiúla a mholadh chun 80 % de na lotnaidicídí sintéiseacha i dtalmhaíocht an Aontais a chéimniú amach faoi 2030, ag tosú leis na cinn is guaisí, agus le bheith saor ó ábhair shintéiseacha faoi 2035.’ Tá os cionn 1 mhilliún ráiteas tacaíochta bailithe ag an tionscnamh faoin 30 Meán Fómhair 2021 agus tá na ráitis sin á bhfíorú ag údaráis na mBallstát faoi láthair.

³⁰ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *EU strategic framework on health and safety at work 2021-2027 Occupational safety and health in a changing world of work* [Creat Straitéiseach an Aontais Eorpaigh maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair 2021-2027], COM/2021/323 final.

- (9) I dtuarascáil deiridh na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa, a foilsíodh an 9 Bealtaine 2022, a mhéid a bhaineann leis na tograí maidir le talmhaíocht, táirgeadh bia, bithéagsúlacht agus éiceachórais, agus truailliú, iarrann na saoránaigh ar an Aontas go háirithe laghdú suntasach a dhéanamh ar úsáid lotnaidicídí ceimiceacha agus leasachán ceimiceach, i gcomhréir leis na spriocanna atá ann cheana, agus slándáil bia á háiritiú, agus tacaíocht do thaighde chun roghanna malartacha atá níos inbhuanaithe agus níos nádúrtha a fhorbairt. Iarrann na saoránaigh tuilleadh taighde agus nuálaíochtaí, lena n-áirítear i réitigh theicneolaíocha le haghaidh táirgeadh inbhuanaithe, frithsheasmhacht plandaí agus feirmeoireacht bheacht, agus tuilleadh cumarsáide, córais chomhairleacha, agus tuilleadh oiliúna d'fheirmeoirí agus ó fheirmeoirí agus iarrann siad ar an Aontas freisin feithidí a chosaint, go háirithe feithidí dúchasacha agus feithidí pailnitheacha.³¹
- (10) Sna conclúidí uaithe an 19 Deireadh Fómhair 2020³², chuir Comhairle an Aontais Eorpaigh in iúl, agus na spriocanna laghdúcháin de chuid an Choimisiúin i ndáil le húsáid lotnaidicídí a leagtar amach sa Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' á dtabhairt dá haire, go mbeidh gá le hiarrachtaí ó na Ballstáit agus ó gach páirtí leasmhar chun na spriocanna sin a bhaint amach, chomh maith le dlúthchomhar, comhairliúchán agus comhoibriú. D'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún freisin a áirithiú gur spriocanna de chuid an Aontais iad na spriocanna sin nach mór do na Ballstáit uile rannchuidiú leo trí ghníomhaíocht ar an leibhéal náisiúnta. Iarrtar sna conclúidí ón gComhairle go leagfar amach na spriocanna sin agus an méid a baineadh amach go dtí seo á gcur san áireamh, mar aon le túsphointí, imthosca agus coinníollacha éagsúla na mBallstát.

³¹ *Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa – Tuarascáil ar an toradh deiridh*, Bealtaine 2022, Moltaí 1 agus 2, lgh. 43-44.

³² An Bhruiséil, an 19 Deireadh Fómhair 2020, 12099/20.

- (11) Is rogha rialúcháin inbhuanaithe iad oibreáin rialúcháin bhitheolaíocha ar úsáid táirgí ceimiceacha chun orgánaigh dhíobhálacha a rialú. Mar a tugadh faoi deara i gCinneadh (AE) 2021/1102 ón gComhairle³³, tá tábhacht mhéadaitheach ag baint le hoibreáin bhitheolaíocha sa talmhaíocht agus san fhóraoiseacht inbhuanaithe agus tá ról lárnach acu má tá rath le bheith ar bhainistiú comhtháite lotnaidí agus ar an bhfeirmeoireacht orgánach. Éascaíonn rochtain ar rialuithe bitheolaíocha an t-aistriú ó tháirgí cosanta plandaí ceimiceacha. Is iomchuí feirmeoirí a spreagadh chun athrú go modhanna talmhaíochta lena mbaineann ionchur íseal, lena n-áirítear an fheirmeoireacht orgánach. Dá bhrí sin, is iomchuí coincheap an rialaithe bhitheolaíoch a shainmhíniú mar bhonn do na Ballstáit chun spriocanna táscacha a leagan síos chun céatadán na mbarr ar a n-úsáidtear oibreáin rialúcháin bhitheolaíocha a mhéadú.
- (12) Is é cuspóir na Straitéise ‘Ón bhFeirm go dtí an Forc’ dul chun cinn suntasach a dhéanamh ó thaobh úsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha a laghdú ar bhealach atá inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de. Chun an aidhm sin a bhaint amach agus chun gur féidir faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn, is gá spriocanna cainníochtaithe a leagan síos ar leibhéal an Aontais[...] maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha agus na rioscaí a bhaineann leo a laghdú agus maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí atá níos guaisí a laghdú. Ba cheart do na Ballstáit [...] **a gcuspóirí cainníochtúla, a spriocanna, a mbearta agus a dtráthchláir a bhunú chun rannchuidiú** le baint amach na spriocanna sin mar chuid dá bpleananna gníomhaíochta náisiúnta. Leis an laghdú ar úsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha, meastar go laghdófar go mór na rioscaí a bhaineann le sábháilteacht agus sláinte ag an obair d’úsáideoirí gairmiúla.

³³ Cinneadh (AE) 2021/1102 ón gComhairle an 28 Meitheamh 2021 lena n-iarrrtar ar an gCoimisiún staidéar – agus togra, más iomchuí, i bhfianaise thorthaí an staidéir – a thíolacadh ar staid agus roghanna an Aontais maidir le hoibreáin inveirtibreacha um rialú bitheolaíoch a thabhairt isteach, a mheas, a tháirgeadh, a mhargú agus a úsáid laistigh de chríoch an Aontais (IO L 238, 6.7.2021, lch. 81).

12bis Chun cuidiú le comhleanúnachas a áirithiú idir beartais náisiúnta agus beartais an Aontais i ndáil le spriocanna an Aontais maidir le laghduithe faoi 2030, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann moltaí a eisiúint do na Ballstáit maidir leis an leibhéal uailmhéine a bhaineann le cuspóirí cainníochtúla, spriocanna, bearta agus tráthchláir na mBallstát féin. Cé nach bhfuil aon bhrí cheangailteach le moltaí, mar a leagtar amach in Airteagal 288 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ba cheart do na Ballstáit aird chuí a thabhairt ar na moltaí sin mar sin féin.

(13) [...]

(14) Ba cheart do na Ballstáit pleananna gníomhaíochta náisiúnta a dhréachtú agus a fhoilsiú. Chun go mbeidh pleananna gníomhaíochta náisiúnta na mBallstát éifeachtach, ba cheart cuspóirí cainníochtúla, spriocanna, bearta agus amchláir a bheith iontu chun na rioscaí agus an tionchar a bhaineann le húsáid lotnaidicídí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a laghdú mar aon le hanailís ar phríomhshubstaintí gníomhacha agus barra a mbíonn tionchar acu ar bhaint amach na spriocanna maidir leis an úsáid lotnaidicídí a laghdú ar leibhéal an Aontais. Ar an gcaoi sin, beifear in ann cur chuige struchtúraithe a ghlacadh chun a áirithiú go mbainfear na spriocanna sin amach. Chun faireachán a dhéanamh ar an méid atá forálacha an Rialacháin seo á gcomhlíonadh, ba cheart é a chur de cheangal ar na Ballstáit tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar shonraí cainníochtúla beachta i dtaobh chomhlíonadh na bhforálacha maidir le húsáid, oiliúint, trealamh leata agus bainistiú comhtháite lotnaidí.

(15) [...]

(16) D'fhéadfadh ról ríthábhachtach a bheith ag ionstraimí eacnamaíocha, lena n-áirítear iad siúd faoi CBT a chuireann tacaíocht ar fáil d'fheirmeoirí, maidir le cuspóirí a bhaint amach a bhaineann le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus, go háirithe, úsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha a laghdú. Ní mór do na Ballstáit a léiriú ina bPleananna Straitéiseacha náisiúnta CBT go rannchuidíonn cur chun feidhme CBT le reachtaíocht ábhartha eile an Aontais agus a gcuspóirí agus go dtacaíonn sé leo, lena n-áirítear cuspóirí faoin Rialachán seo.

- (17) Chun faireachán a dhéanamh, ar bhealach cuíchóirithe, so-inchomparáide, ar a mhéid a chomhlíontar an Rialachán seo, ba cheart do na Ballstáit sonraí cainníochtúla a áireamh i ndáil le cur chun feidhme an Rialacháin seo a mhéid a bhaineann le húsáid, oiliúint, trealamh leata agus bainistiú comhtháite lotnaidí.
- (17bis) [...]
- (18) Tá gá le cur chuige maidir le srianadh lotnaidí a leanann bainistiú comhtháite lotnaidí chun a áirithiú go ndéanfar breithniú cúramach ar gach modh atá ar fáil lena ndíspreagtar líon na n-orgánach díobhálach a fhorbairt, agus ag an am céanna úsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha a choinneáil ag leibhéal a bhfuil bonn cirt eacnamaíoch agus éiceolaíoch leo agus rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol a íoslaghdu chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint. Cuireann ‘bainistiú comhtháite lotnaidí’ béim ar bharr sláintiúil a fhás agus an cur isteach is lú is féidir á dhéanamh ar agraí-éiceachórais, spreagann sé meicníochtaí nádúrtha rialaithe lotnaidí agus ní úsáideann sé rialú ceimiceach ach amháin nuair a bhíonn na modhanna rialaithe eile ar fad ídithe. Ba cheart an cur chuige céanna a ghlacadh chun aidhmeanna eile cosanta plandaí a bhaint amach, mar shampla tionchar a imirt ar phróiseas saoil plandaí, mar a shonraítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Chun a áirithiú go gcuirfear bainistiú comhtháite lotnaidí chun feidhme go comhsheasmhach ar an talamh, is gá rialacha soiléire a leagan síos sa Rialachán seo. Chun cloí leis an oibleagáid maidir le bainistiú comhtháite lotnaidí a leanúint, ba cheart d’úsáideoir gairmiúil na modhanna agus na cleachtais uile lena seachnaítear úsáid táirgí cosanta plandaí a mheas agus a chur chun feidhme. Níor cheart táirgí cosanta plandaí ceimiceacha a úsáid ach amháin nuair a bheidh breithniú déanta ar na modhanna rialaithe eile ar fad. Chun comhlíonadh an cheanglais seo a áirithiú agus faireachán a dhéanamh air, tá sé tábhachtach go gcoinneodh úsáideoirí gairmiúla taifead ar úsáid táirgí cosanta plandaí nó aon ghníomhaíocht eile a dhéantar i gcomhréir le bainistiú comhtháite lotnaidí. Tá na taifid sin ag teastáil freisin le haghaidh leathadh ón aer.

- (19) Chun dúbailt neamhriachtanach a sheachaint, féadfaidh an Coimisiún, in éineacht leis na Ballstáit, teimpléad caighdeánach a fhorbairt le gur féidir na taifid arna gcoimeád ag úsáideoirí gairmiúla de bhearta arna ndéanamh i gcomhréir le bainistiú comhtháite lotnaidí a chomhtháthú leis na taifid a choimeádtar faoi Airteagal 67 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
- (20) Chun comhlíonadh phrionsabail an bhainistithe chomhtháite lotnaidí a éascú d'úsáideoirí gairmiúla, ní mór treoirlínte barrshonracha nó earnáilsonracha a leagan síos ar cheart d'úsáideoir gairmiúil a leanúint i ndáil leis an mbarr nó an earnáil shonrach agus an réigiún ina n-oibríonn an t-úsáideoir gairmiúil. Féadfaidh na Ballstáit rialacha barrshonracha nó earnáilsonracha a ghlacadh atá ceangailteach ó thaobh dlí de, in ionad treoirlínte barrshonracha nó earnáilsonracha nó chun na treoirlínte sin a chomhlánú. Ba cheart, sna treoirlínte nó rialacha barrshonracha nó earnáilsonracha sin, prionsabail ghinearálta an bhainistithe chomhtháite lotnaidí a shonrú do bharr nó d'earnáil faoi leith. Chun a áirithiú go mbeidh na rialacha barrshonracha nó earnáilsonracha i gcomhréir le prionsabail ghinearálta an bhainistithe chomhtháite lotnaidí, ba cheart rialacha mionsonraithe a leagan síos maidir leis an méid ba cheart a bheith iontu. Ba cheart don Choimisiún forbairt, cur chun feidhme agus forfheidhmiú na rialacha a fhíorú. Chun cabhrú le húsáideoirí gairmiúla treoirlínte barrshonracha nó earnáilsonracha a leanúint, is gá a áirithiú go bhfuil faisnéis acu maidir le raon iomlán na dtáirgí cosanta plandaí a bhaineann lena mbarr nó lena n-earnáil. Is iomchuí, dá bhrí sin, go n-áireodh na Ballstáit tagairt i dtreoirlínte barrshonracha do gach táirge údaraithe cosanta plandaí is féidir a úsáid don bharr nó don earnáil sin, lena n-áirítear cibé an bhfuil siad aicmithe mar tháirgí cosanta plandaí a mbaineann riosca íseal leo nó mar tháirgí ceimiceacha nó mar tháirgí cosanta plandaí atá níos guaisí. D'fhéadfaí an treoir sin a chur ar fáil, mar shampla, trí shuíomh gréasáin ina liostófaí na táirgí údaraithe cosanta plandaí uile agus a n-úsáidí údaraithe.
- (20a) Chun tacú le cur chun feidhme uailmhianach an bhainistithe chomhtháite lotnaidí, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit gníomhaíochtaí deonacha sonracha a chur san áireamh i dtreoirlínte barrshonracha nó earnáilsonracha a d'fhéadfadh tacaíocht chistiúcháin a fháil trí CBT i gcás ina dtéann siad níos faide ná na ceanglais bhonnlíne, féadfaidh na Ballstáit rogha a dhéanamh rialacha barrshonracha nó earnáilsonracha a shocrú.

- (21) Chun a fhíorú go bhfuil úsáideoirí gairmiúla ag comhlíonadh bainistiú comhtháite lotnaidí, ba cheart clár um bainistiú comhtháite leictreonach lotnaidí agus úsáid táirgí cosanta plandaí a choimeád chun comhlíonadh na bprionsabal ghinearálta maidir le bainistiú comhtháite lotnaidí a leagtar amach sa Rialachán seo a fhíorú agus tacú le forbairt bheartas an Aontais. Ba cheart rochtain ar an gclár a thabhairt freisin d'údaráis staidrimh náisiúnta chun staidreamh oifigiúil a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh i gcomhréir le Caibidil V de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁴. Ba cheart taifead a dhéanamh sna cláir sin ar aon bheart coisctheach nó ar aon idirghabháil choisctheach agus tuairisc ar chomhlíonadh na treoirlíne nó rialach barrshonraí nó earnáilsonraí.
- (22) Chun a áirithiú go n-úsáidfear táirgí cosanta plandaí agus an trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** a bhaineann leo ar bhealach a chosnaíonn sláinte an duine agus an comhshaol, is gá foráil a dhéanamh maidir le ceanglais ghinearálta ar úsáideoirí gairmiúla i ndáil leis an oiliúint is gá chun táirgí cosanta plandaí áirithe nó trealamh leata áirithe **le haghaidh úsáid ghairmiúil** a úsáid, i ndáil le húsáid táirgí cosanta plandaí níos guaisí agus i ndáil leis an ngá ceanglais chigireachta a chomhlíonadh le haghaidh trealamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil.

³⁴ Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

- (23) D'fhéadfadh tionchair dhiúltacha ar leith a bheith ag úsáid táirgí cosanta plandaí i limistéir áirithe atá in úsáid go minic ag an bpobal i gcoitinne nó ag grúpaí leochaileacha, i bpobail ina bhfuil cónaí ar dhaoine agus ina n-oibríonn siad agus i limistéir atá íogair ó thaobh na héiceolaíochta de, ar nós láithreáin Natura 2000 a chosnaítear i gcomhréir le Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³⁵ agus Treoir 92/43/CEE ón gComhairle³⁶. Má úsáidtear táirgí cosanta plandaí i limistéir atá in úsáid ag an bpobal i gcoitinne, bíonn féidearthacht ard ann go nochtfaí daoine do na táirgí cosanta plandaí sin. Chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint, ba cheart, dá bhrí sin, srian a chur ar an úsáid a bhaintear as táirgí cosanta plandaí i limistéir íogaire. Ba cheart údar cuí a bheith le maoluithe ar aon srian agus níor cheart iad a dheonú ach amháin i ngeall ar fhadhbanna sláinte plandaí nach féidir a rialú le roghanna malartacha réasúnacha eile, agus cúinsí teicniúla, eacnamaíocha agus comhshaoil á gcur san áireamh. I gcásanna sonracha ina bhfuil riosca ann go leathfar speicis choimhthíocha ionracha nó lotnaidí coraintín, lena n-áirítear i limistéir chríochaithe arna mbunú faoi Rialachán (AE) 2016/2031, ba cheart táirgí cosanta plandaí atá riachtanach chun sláinte plandaí a chosaint a cheadú fós. Féadfaidh an Coimisiún doiciméad treorach teicniúil a fhorbairt chun cur chun feidhme aonfhoirmeach na nósanna imeachta náisiúnta um maolú a éascú.

³⁵ Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

³⁶ Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fíáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

- (24) Tá an comhshaol uisceach agus soláthairtí uisce óil thar a bheith íogair i leith táirgí cosanta plandaí. Chun an comhshaol uisceach a chosaint, ba cheart, dá bhrí sin, toirmeasc a chur ar tháirgí cosanta plandaí a úsáid i limistéir uiscí dromchla agus thart timpeall orthu. Ba cheart bearta iomchuí a bheith i bhfeidhm ag na Ballstáit chun meathlú ar uisce dromchla agus screamhuisce agus ar uiscí cósta agus mara a sheachaint agus chun go mbeifear in ann stádas maith dromchla agus screamhuisce a bhaint amach, chun an comhshaol uisceach agus soláthairtí uisce óil a chosaint ar thionchar táirgí cosanta plandaí. Ina theannta sin, tá sé tábhachtach oiliúint a chur ar úsáideoirí gairmiúla maidir le conas is féidir leataí de tháirgí áirithe cosanta plandaí a aicmítear mar tháirgí atá ‘díobhálach don saol uisceach a bhfuil éifeachtaí fadtréimhseacha acu’, ‘an-tocsaineach don saol uisceach a bhfuil éifeachtaí fadtréimhseacha acu’ nó ‘tocsaineach don saol uisceach a bhfuil éifeachtaí fadtréimhseacha acu’ a íoslaghdú nó deireadh a chur leo. Tá sé tábhachtach freisin oiliúint a chur ar úsáideoirí gairmiúla maidir leis an tábhacht a bhaineann le tús áite a thabhairt do tháirgí cosanta plandaí nó do roghanna malartacha neamhcheimiceacha a mbaineann riosca íseal leo, do theicneolaíocht shruth-laghdaíthe a úsáid agus do bhearta maolaithe riosca.
- (25) Tagraíonn feirmeoireacht bheacht do chórais bainistithe talmhaíochta a chuireann bainistiú barr in oiriúint go cúramach chun bheith ag teacht le dálaí áitiúla, na coinníollacha a fhaightear laistigh de dháileachtaí talún, mar shampla. Tríd an teicneolaíocht atá ann cheana a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear úsáid sonraí agus seirbhísí spáis an Aontais (Galileo agus Copernicus), d’fhéadfaí úsáid lotnaidicídí a laghdú go suntasach. Dá bhrí sin, is gá foráil a dhéanamh maidir le creat reachtach a dhreasaíonn forbairt na feirmeoireachta beachta. De ghnáth, ní bhíonn leathadh táirgí cosanta plandaí ó aerárthach, lena n-áirítear iad á leathadh le heitleáin, le héileacaptair agus le dróin, chomh beacht le modhanna eile úsáide agus dá bhrí sin d’fhéadfadh sé a bheith ina chúis le tionchair dhíobhálacha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol. Dá bhrí sin, ba cheart toirmeasc a chur ar leathadh ón aer, agus maoluithe teoranta á ndéanamh ar bhonn cás ar chás i gcás inar lú an tionchar diúltach a bheidh aige nó ina mbeidh an tionchar céanna aige ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol ná aon mhodh eile leata nó i gcás nach bhfuil aon mhodh inmharthana malartach leata ann. Is gá freisin taifead a dhéanamh ar líon na leataí ón aer a rinneadh ar bhonn na gceadanna a deonaíodh le haghaidh leathadh ón aer chun sonraí soiléire a fháil ar cé mhéad leathadh ón aer ar deonaíodh cead ina leith i ndáiríre.

- (26) Is dócha, áfach, go mbeifear in ann leathadh spriocdhírthe táirgí cosanta plandaí a dhéanamh le haerárthaí gan foireann (lena n-áirítear dróin). Is dócha go gcuideoidh aerárthaí gan foireann mar sin le laghdú a dhéanamh ar úsáid táirgí cosanta plandaí a bhí leis an leathadh spriocdhírthe agus, dá bhrí sin, cuideoidh siad leis na rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol a laghdú i gcomparáid le húsáid trealamh leata talamhbhunaithe **le haghaidh úsáid ghairmiúil**. Is iomchuí, dá bhrí sin, critéir a leagan síos sa Rialachán seo maidir le haerárthaí áirithe gan foireann a dhíolmhú ón toirmeasc ar leathadh ón aer. Is iomchuí freisin cur i bhfeidhm na díolúine sin a chur siar go ceann 3 bliana i bhfianaise staid na héiginnteachta eolaíche atá ann faoi láthair.
- (27) Tá baol ar leith ann go mbeidh daoine agus an comhshaol á nochtadh má dhéantar táirgí cosanta plandaí a láimhseáil, lena n-áirítear táirgí mar sin a stóráil, a chaolú agus a mheascadh, trealamh úsáide a ghlanadh tar éis a n-úsáide, meascáin umar a dhiúscairt agus pacáistíocht fholamh agus iarsmaí táirgí cosanta plandaí a dhiúscairt. Dá bhrí sin, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar na gníomhaíochtaí sin. A mhéid a éilíonn úsáid, stóráil agus diúscairt táirgí cosanta plandaí go gcomhlíonfar na híoscheanglais sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre, leagtar síos na ceanglais sin, *inter alia*, le Treoir 89/391/CEE ón gComhairle³⁷, Treoir 89/656/CEE ón gComhairle³⁸, Treoir 98/24/CE ón gComhairle³⁹, Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁰ agus Treoir 2009/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴¹.

³⁷ Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibríthe ar an láthair oibre a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

³⁸ Treoir 89/656/CEE ón gComhairle an 30 Samhain 1989 maidir leis na híoscheanglais sláinte agus sábháilteachta maidir le húsáid trealamh cosanta pearsanta ag oibríthe ar an láthair oibre (an tríú treoir ar leith de réir Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 393, 30.12.1989, lch. 18).

³⁹ Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibríthe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ag an obair (an ceathrú Treoir déag aonair de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 131, 5.5.1998, lch. 11).

⁴⁰ Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibríthe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shóghinigh ag an obair (an séú Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE ón gComhairle) (IO L 158, 30.4.2004, lch. 50).

⁴¹ Treoir 2009/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte maidir le húsáid trealamh oibre ag oibríthe ar an láthair oibre (an dara Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 260, 3.10.2009, lch. 5).

- (28) I bhfianaise thábhacht na comhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a úsáid mar mhodh chun tacú lena n-úsáid ar bhealach a chosnaíonn sláinte an duine agus an comhshaol i gcomhréir le bainistiú comhtháite lotnaidí, tá sé tábhachtach oiliúint leordhóthanach a chur ar chomhairleoirí.
- (29) Is gné thábhachtach den slabhra dáileacháin é táirge cosanta plandaí a dhíol toisc gur féidir le dáileoirí an fhaisnéis riachtanach a chur ar fáil chun tacú lena úsáid chuí dá bharr. I dteannta na hoibleagáide atá ar dháileoirí taifid a choinneáil ar tháirgí cosanta plandaí agus iad a sholáthar don údarás inniúil ábhartha arna iarraidh sin i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, ba cheart comhairle shonrach faoi threoracha sábháilteachta maidir le sláinte an duine agus maidir leis an gcomhshaol a bheith ar fáil don cheannaitheoir nó don úsáideoir deiridh tráth an díola chun gur féidir ceisteanna a fhreagairt a éascóidh úsáid cheart an táirge ábhartha cosanta plandaí. I gcás úsáideoirí neamhghairmiúla, ba cheart faisnéis ghinearálta a bheith ar fáil ag an bpointe díola maidir le táirgí cosanta plandaí a úsáid, a láimhseáil agus a stóráil go sábháilte agus maidir le pacáistíocht táirgí mar sin a dhiúscairt, ós rud é nach mbíonn an t-eolas praiticiúil céanna ag na húsáideoirí sin de ghnáth agus atá ag úsáideoirí gairmiúla.

- (30) Tá sé riachtanach do na Ballstáit córais oiliúna tosaigh agus leantacha a chur ar bun agus a chothabháil do dháileoirí, comhairleoirí agus úsáideoirí gairmiúla na dtáirgí cosanta plandaí agus córais chun an oiliúint sin a thairgeadh agus cruthúnas uirthi a chur ar fáil, chun a áirithiú go bhfuil na hoibreoírí sin go hiomlán ar an eolas faoi na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte an duine agus don chomhshaol agus faoi na bearta iomchuí chun na rioscaí sin a laghdú a mhéid is féidir. D'fhéadfaí cruthúnas ar oiliúint a sholáthar mar dheimhniú bailí oiliúna nó mar thairgeadh ar iontráil i gclár oifigiúil leictreonach. Ba cheart an oiliúint do chomhairleoirí a bheith níos fairsinge ná oiliúint dáileoirí agus úsáideoirí gairmiúla ós rud é gur gá dóibh a bheith in ann tacú le cur chun feidhme cuí na rialacha comhtháite bainistithe lotnaidí agus barrshonracha. Is oiliúint oiriúnach *a priori* do chomhairleoirí é céim ollscoile a bheith acu sna heolaíochtaí agranamáíochta nó foraoiseachta. Ba cheart úsáid nó ceannach táirge cosanta plandaí atá údaraithe le haghaidh úsáid ghairmiúil a theorannú do dhaoine a bhfuil deimhniú oiliúna acu agus ba cheart dáileadh táirgí cosanta plandaí atá údaraithe le haghaidh úsáid ghairmiúil a theorannú do dháileoirí ag a bhfuil foireann ar fáil acu a bhfuil deimhniú oiliúna ina seilbh acu chun eolas leordhóthanach a sholáthar do cheannaitheoirí táirgí cosanta plandaí maidir lena n-úsáid, maidir le rioscaí gaolmhara sláinte agus comhshaoil agus maidir leis na teoracha sábháilteachta iomchuí chun na rioscaí sin a bhainistiú. Ina theannta sin, níor cheart ach do dhaoine a bhfuil deimhniú oiliúna acu comhairle a thabhairt d'úsáideoir gairmiúil maidir le táirgí cosanta plandaí a úsáid. Ina theannta sin, chun a áirithiú go n-úsáidfear táirgí cosanta plandaí ar bhealach sábháilte do shláinte an duine agus don chomhshaol, ba cheart é a bheith de cheangal ar dháileoirí faisnéis shonrach faoi tháirge a chur ar fáil ag an díolphointe do cheannaitheoirí gairmiúla agus neamhghairmiúla de tháirgí cosanta plandaí.
- (31) Chun cur chuige pleanáilte a áirithiú maidir le teicnící díobhálacha rialaithe orgánach trí roinnt séasúir fáis chun úsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha a íoslaghdú a mhéid is féidir agus chun a áirithiú go gcuirfear bainistiú comhtháite lotnaidí chun feidhme mar is ceart, ba cheart ceangal a chur ar úsáideoirí gairmiúla, i gcás inarb iomchuí i gcomhthéacs shaineolas ábhartha an úsáideora ghairmiúil i gcomparáid leis an gcomhairleoir agus ag féachaint don fháil atá ar chomhairleoirí, dul i gcomhairle go rialta le comhairleoirí neamhchlaonta maidir le bainistiú lotnaidí, ionas nach n-úsáidfear táirgí cosanta plandaí ach amháin mar rogha dheiridh.

- (32) I bhfianaise na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte an duine agus don chomhshaol ó úsáid táirgí cosanta plandaí, ba cheart rochtain a bheith ag an bpobal ar fhaisnéis níos fearr maidir leis na tionchair fhoriomlána a bhíonn ag úsáid na dtáirgí sin trí chláir múscailte feasachta, trí fhaisnéis a chuirtear ar aghaidh trí dháileoirí agus trí bhearta iomchuí eile.
- (33) Chun tuiscint níos fearr a fháil ar na treochoí maidir le teagmhais géarnimhithe agus maidir le nimhiú ainsealach a eascraíonn as nochtadh daoine do tháirgí cosanta plandaí, ba cheart do gach Ballstát faisnéis a thiomsú faoi treochoí mar sin, i gcás ina mbeidh sí ar fáil. Ba cheart don Choimisiún faireachán a dhéanamh freisin ar na treochoí foriomlána ar leibhéal an Aontais.
- (34) Chun drochthionchar táirgí cosanta plandaí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a íoslaghú, is gá an trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** a thabhairt le haghaidh cigireacht theicniúil rialta. I bhfianaise an tionchair bhig a d'fhéadfadh a bheith ag an trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** a bhfuil scála an-íseal úsáide aige, is iomchuí freisin cead a thabhairt do na Ballstáit ceanglais chigireachta nach bhfuil chomh dian céanna a leagan síos agus foráil a dhéanamh maidir le heatraimh éagsúla chigireachta i ndáil leis an trealamh sin. Thairis sin, i ngeall ar an gcostas réasúnta íseal a bhaineann le trealamh nua leata láimhe agus spraeirí cnapsaic a cheannach i gcomparáid le costais na cigireachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht maoluithe náisiúnta a dhéanamh ar an gcigireacht éigeantach ar threalamh den sórt sin, faoi réir measúnú riosca a dhéanamh a chumhdaíonn na rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann le trealamh den sórt sin. Ba cheart meastachán ar scála úsáide an trealaimh a áirithiú sa mheasúnú sin. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais chigireachta, is gá a cheangal ar gach Ballstát clár trealaimh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** a bhunú agus an clár sin a choimeád cothrom le dáta. Is gá foráil a dhéanamh maidir le haitheantóir uathúil a sholáthar don trealamh leata sin **le haghaidh úsáid ghairmiúil** chun a áirithiú go ndéantar gach trealamh a shainaitint.

- (35) Chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh maidir leis na rioscaí agus na tionchair dhíobhálacha ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol ó úsáid táirgí cosanta plandaí a laghdú, is gá leanúint ag baint úsáide as an gcóras táscairí riosca comhchuibhithe a bunaíodh faoi Threoir (AE) 2009/128/CE.
- (36) Ba cheart sonraí staidrimh maidir le táirgí cosanta plandaí arna mbailiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴² a úsáid chun na táscairí riosca comhchuibhithe seo a ríomh agus chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo spriocanna ceangailteacha de chuid an Aontais a bhaint amach bunaithe ar an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'. Ós rud é go n-athraíonn úsáid táirgí cosanta plandaí ó bhliain go bliain, ag brath ar an aimsir go háirithe, is iomchuí tréimhse bunlíne 3 bliana a bheith ann chun na luaineachtaí sin a chur san áireamh. Is é 2011-2013 an tréimhse bhunlíne chun táscairí riosca comhchuibhithe 1 agus 2 a ríomh, mar ba é sin an chéad tréimhse trí bliana a bhfuair an Coimisiún sonraí ina leith faoi Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009⁴³ agus tá sí i gcomhthráth le teacht i bhfeidhm Threoir 2009/128/CE. Is é 2015-2017 an tréimhse bhunlíne chun dul chun cinn a ríomh i dtreo spriocanna laghdúcháin de chuid an Aontais le haghaidh 2030, ós rud é gurb é sin na trí bliana is déanaí a raibh sonraí ar fáil ina leith tráth a fógraíodh an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'.
- (37) Faoi láthair, is iad na sonraí stóinsithe staidrimh amháin atá ar fáil ar leibhéal an Aontais agus a bhaineann le margú agus úsáid táirgí cosanta plandaí an staidreamh maidir leis na cainníochtaí de shubstaintí gníomhacha i dtáirgí cosanta plandaí a chuirtear ar an margadh, agus na sonraí maidir leis an líon údaruithe le haghaidh staideanna éigeandála i gcosaint plandaí arna ndeonú faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Úsáidtear an staidreamh sin nuair atá táscairí riosca comhchuibhithe 1 agus 2 faoi Threoir 2009/128/CE á ríomh agus dul chun cinn á ríomh i dtreo spriocanna laghdúcháin ceangailteacha de chuid an Aontais le haghaidh 2030 bunaithe ar an Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc'.

⁴² Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le staidreamh ar ionchur agus aschur talmhaíochta, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 617/2008 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1165/2008, (CE) Uimh. 543/2009 agus (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/16/CE ón gComhairle (IO L 315, 7.12.2022, lch. 1).

⁴³ Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le staidreamh i dtaca le lotnaidídí (IO L 324, 10.12.2009, lch. 1).

- (38) Ar chúiseanna trédhearcachta, agus chun a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit uile é a chur chun feidhme ar bhealach aonfhoirmeach, ba cheart an mhodheolaíocht chun an dul chun cinn chun spriocanna laghdúcháin 2030 an Aontais a bhaint amach agus an mhodheolaíocht chun táscairí riosca comhchuibhithe a ríomh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a leagan amach in Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.
- (39) Aithnítear i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030 an gá atá le gníomhaíocht phráinneach chun an bhithéagsúlacht a chosaint. Tá fianaise ann go bhfuil laghdú forleathan ar speicis, go háirithe feithidí agus pailneoirí san Aontas. Tá cailliúint bithéagsúlachta ann, i measc tosca eile, mar gheall ar úsáid táirgí cosanta plandaí, agus níl gníomhaíochtaí na mBallstát faoi ionstraimí beartais reatha an Aontais fós in ann deireadh a chur leis an treocht sin maidir le cailliúint bithéagsúlachta. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, a áirithiú go n-úsáidfear táirgí cosanta plandaí sa chaoi go maolófar an riosca go mbeidh éifeachtaí díobhálacha ag na táirgí sin ar fhiadhúlra, trí bhíthin roinnt beart lena n-áirítear oiliúint, cigireacht ar threalamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil agus cosaint an chomhshaoil uiscigh agus limistéar íogair.
- (40) Chun cumarsáid a éascú idir an Coimisiún agus na húdaráis inniúla atá freagrach as an Rialachán seo a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, ba cheart do na Ballstáit an Coimisiún a chur ar an eolas faoi na húdaráis inniúla arna n-ainmniú faoin Rialachán seo.
- (41) Chun na hoibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo a fhorfheidhmiú, ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus ba cheart dóibh a áirithiú go bhforfheidhmeofar na rialacha sin. Ba cheart na pionóis sin a bheith éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tá sé tábhachtach freisin foráil a dhéanamh go ngnóthóidh na Ballstáit costais a bhaineann le hoibleagáidí a chur i gcrích faoin Rialachán seo trí bhíthin táillí nó muirir chun a áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha airgeadais ar fáil d'údaráis inniúla.

- (42) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar na rioscaí agus ar na tionchair a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí a bhaint amach go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge a n-úsáide agus de bharr chastacht agus éifeachtaí na bpróifíilí riosca a bhaineann leo, gur fearr is féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
- (43) Maidir le gníomhaíochtaí a dhéanann na húdaráis inniúla, nó comhlachtaí eile nó daoine nádúrtha ar tarmligeadh cúraimí i ndáil le rialú oifigiúil chucu, chun a fhíorú go bhfuil an Rialachán seo á chomhlíonadh ag oibreoirí, cé is moite de chúraimí rialaithe a bhaineann le trealamh a úsáidtear chun táirgí cosanta plandaí a leathadh, rialaítear iad le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁴. Dá bhrí sin, ní gá foráil a dhéanamh leis an Rialachán seo ach amháin maidir le rialuithe agus iniúchtaí i ndáil le cigireacht ar threalamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil.

⁴⁴ Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

- (44) Chun dul chun cinn teicniúil agus forbairtí eolaíocha a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun leasú a dhéanamh ar na forálacha maidir le hoibleagáidí úsáideoirí gairmiúla agus comhairleoirí a bhaineann le bainistiú comhtháite lotnaidí, cigireacht ar threalamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil, na critéir maidir le húsáid a leasú, trí dhíolúine, i ndáil le haerárthaí gan foireann chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, táscairí riosca comhchuibhithe a ríomh, na sonraí atá le soláthar i dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn agus ar chur chun feidhme agus an fhoirm fógartha maidir le trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** chomh maith le hIarscríbhinní II III, IV, V agus VI. Mar an gcéanna, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí chritéir bheachta a shonrú i ndáil le tosca áirithe a bhaineann le haerárthaí gan foireann, a luaithe a bheifear in ann sonraíochtaí mar sin a fhorbairt le dul chun cinn teicniúil agus forbairtí eolaíocha. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr⁴⁵. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (45) Chun a mheas an mbaintear cuspóirí an Rialacháin seo amach go héifeachtach agus go héifeachtúil, an bhfuil an Rialachán comhleanúnach agus an bhfuil sé fós ábhartha agus an gcuireann sé breisluach ar fáil ar leibhéal an Aontais, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo.

⁴⁵ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

- (46) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú do chur chun feidhme fhorálacha an Rialacháin seo maidir leis na hiontrálacha a bheidh le déanamh ag úsáideoirí gairmiúla sa chlár leictreonach comhtháite bainistithe lotnaidí agus úsáide táirgí cosanta plandaí, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir leis an achoimre agus anailís a dhéanfaidh na húdaráis inniúla ar an bhfaisnéis atá sa chlár sin agus chun faisnéis a sholáthar maidir le teagmhais ghéarnimhithe agus nimhiú ainsealach. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁶.
- (47) Ach an Rialachán seo a bheith curtha chun feidhme ag na Ballstáit, beidh oibleagáidí nua agus feabhsaithe ar fheirmeoirí agus ar úsáideoirí lotnaidicídí eile. Is ceanglais bhainistíochta reachtúla agus caighdeáin maidir le dea-choinníollacha talmhaíochta agus comhshaoil talún atá i gceist le cuid acu mar a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁷, nach mór d'fheirmeoirí a chomhlíonadh, i gcomhréir leis an Rialachán sin, chun íocaíochtaí CBT a fháil, cé go bhféadfar ceanglais eile, a théann thar bhunlíne na gceanglas éigeantach, a chúiteamh le híocaíochtaí breise faoi chórais dheonacha amhail éiciscéimeanna de bhun Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2021/2115. Foráiltear le hAirteagal 31(5), pointí (a) agus (b), agus Airteagal 70(3), pointí (a) agus (b) de Rialachán (AE) 2021/2115 nach bhfuil cistiú CBT ar fáil ach amháin do chleachtais a chuirtear chun feidhme faoi éiciscéim nó faoi ghealltanais agra-chomhshaoil-aeráide a théann thar na ceanglais reachtúla bainistíochta ábhartha agus caighdeáin dea-choinníollacha talmhaíochta agus comhshaoil talún a bhunaítear faoin Rialachán sin agus na híoscheanglais ábhartha maidir le húsáid leasacháin agus táirgí cosanta plandaí, leas ainmhithe, chomh maith le ceanglais éigeantacha ábhartha eile arna mbunú le dlí náisiúnta agus le dlí an Aontais.

⁴⁶ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

⁴⁷ Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

Ós rud é gur gá tacaíocht airgeadais a thabhairt d'fheirmeoirí agus d'úsáideoirí eile agus iad ag aistriú chuig úsáid níos inbhuanaithe lotnaidicídí, ní mór Rialachán (AE) 2021/2115 a leasú chun go bhféadfar na ceanglais arna bhforchur i gcomhréir leis an Rialachán seo a mhaoiniú le linn idirthréimhse. An rogha eisceachtúil seo do Bhallstáit cistiú breise a chur ar fáil do bhearta a ghlactar agus an Rialachán seo á chur chun feidhme acu, ba cheart feidhm a bheith aici maidir le haon oibleagáid ar fheirmeoirí agus ar úsáideoirí eile a eascraíonn as cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áirítear cleachtais shainordaitheacha feirmeoireachta a fhorchuirtear leis na rialacha barrshonracha le haghaidh bainistiú comhtháite lotnaidí. Ina theannta sin, de bhun Airteagal 73(5) de Rialachán (AE) 2021/2115, féadfar tacú le hinfheistíochtaí ó fheirmeoirí chun ceanglais nua a fhorchuirtear le dlí an Aontais a chomhlíonadh go ceann uastréimhse 24 mhí ón dáta a bheidh siad éigeantach don ghabháltas. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart idirthréimhse níos faide a leagan amach d'infheistíochtaí a chomhlíonann na ceanglais a fhorchuirtear ar fheirmeoirí i gcomhréir leis an Rialachán seo. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2021/2115 a leasú dá réir.

- (47bis) Ba cheart do tháirgeoirí, soláthraithe, dáileoírí, allmhaireoirí, agus onnmhaireoirí táirgí cosanta plandaí taifid a choinneáil go ceann 5 bliana ar a laghad ar na táirgí cosanta plandaí a tháirgeann siad, a allmhairíonn siad, a onnmhairíonn siad, a stóráilann siad nó a chuireann siad ar an margadh. Ba cheart d'úsáideoirí gairmiúla táirgí cosanta plandaí taifid a choinneáil, ar feadh 3 bliana ar a laghad, ar na táirgí cosanta plandaí a úsáideann siad, taifid ina mbeidh ainm an táirge cosanta plandaí, an t-am a úsáideadh é agus an dáileog a úsáideadh, an limistéar inar úsáideadh an táirge cosanta plandaí agus an barr ar úsáideadh air é. Ba cheart dóibh an fhaisnéis ábhartha atá sna taifid sin a chur ar fáil don údarás inniúil arna iarraidh sin dó.
- (48) Ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar ionas go bhféadfaidh údaráis inniúla agus oibreoirí ullmhú do na ceanglais a thugann sé isteach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha d'úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí trína fhoráil go socrófar agus go mbainfear amach faoi 2030 spriocanna laghdúcháin an Aontais maidir le húsáid agus riosca táirgí cosanta plandaí ceimiceacha, ceanglais a bhunú maidir le táirgí cosanta plandaí a úsáid, a stóráil, a dhíol agus a dhiúscairt agus maidir le trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil**, trí fhoráil a dhéanamh maidir le hoiliúint agus feasacht a ardú, agus trí fhoráil a dhéanamh maidir le bainistiú comhtháite lotnaidí a chur chun feidhme.

Airteagal 2

Raon feidhme

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le táirgí a thagann faoin raon feidhme a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘táirge cosanta plandaí ceimiceach’ táirge cosanta plandaí ina bhfuil substaint ghníomhach cheimiceach;
- (2) ciallaíonn ‘táirge cosanta plandaí a mbaineann riosca íseal leis’ táirge cosanta plandaí a údaraítear i gcomhréir le hAirteagal 47(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009;
- (3) ciallaíonn ‘substaint ghníomhach cheimiceach’ substaint ghníomhach seachas substaintí gníomhacha a fhaightear go nádúrtha, substaintí gníomhacha de bhunús nádúrtha nó bitheolaíoch nó substaintí atá comhionann leo, mar shampla miocrorgánaigh, séimiceimiceáin nó eastóscáin ó tháirgí plandaí mar a shainmhínítear in Airteagal 3(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 iad, ach lena n-áirítear miotail throma agus a salainn;
- (4) ciallaíonn ‘bithéagsúlacht’ bithéagsúlacht mar atá sainmhínithe in Airteagal 3(29) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009;
- (5) ciallaíonn ‘táirge cosanta plandaí níos guaisí’ táirge cosanta plandaí ina bhfuil substaint ghníomhach amháin nó níos mó atá formheasta mar shubstaintí atá le hionadú i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus atá liostaithe i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, nó ina bhfuil substaint ghníomhach amháin nó níos mó atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408;

- (6) ciallaíonn ‘limistéar talmhaíochta atá in úsáid’ limistéar talmhaíochta atá in úsáid mar a shainmhínítear é in Airteagal 2, pointe (e) de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1091 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁸;
- (7) ciallaíonn ‘úsáideoir gairmiúil’ aon duine a [...] **úsáideann** táirge cosanta plandaí **le linn a ngníomhaíochtaí gairmiúla** [...];
- (8) ciallaíonn ‘dáileoir’ aon duine a chuireann táirge cosanta plandaí ar fáil ar an margadh le linn gníomhaíochtaí tráchtála, lena n-áirítear mórdhíoltóir, soláthróir nó miondhíoltóir;
- (9) ciallaíonn ‘comhairleoir’ aon duine a thugann comhairle maidir le bainistiú comhtháite lotnaidí agus maidir le húsáid shábháilte táirgí cosanta plandaí, i gcomhthéacs acmhainneacht ghairmiúil nó seirbhís tráchtála, lena n-áirítear seirbhísí comhairleacha príobháideacha agus poiblí;
- (9bis) ciallaíonn ‘oibreoir’ aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá faoi réir ceann amháin nó níos mó de na hoibleagáidí dá bhforáiltear sa Rialachán seo;**
- (10) ciallaíonn ‘trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil**’ aon trealamh [...] **is féidir le húsáideoir gairmiúil** [...] a úsáid chun táirge cosanta plandaí a leathadh, tráth a mhonaraithe agus aon ghabháil atá bunriachtanach d’oibriú éifeachtach an trealamh sin, cé is moite de threalamh atá ceaptha chun ábhar iomadaithe atá cóireáilte le táirgí cosanta plandaí a chur nó a phlandú;
- (11) [...]
- (12) ciallaíonn ‘leathadh ón aer’ táirge cosanta plandaí a leathadh ó aerárthach;
- (13) ciallaíonn ‘córas aerárthaí gan foireann’ aon aerárthach a bhfuil trealamh leata ón aer aige, a oibríonn go huathrialach nó atá deartha chun oibriú go huathrialach gan píolóta ar bord;

⁴⁸ Rialachán (AE) 2018/1091 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir le staidreamh comhtháite feirme agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1166/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1337/2011 (IO L 200, 7.8.2018, lch. 1).

- (14) ciallaíonn ‘táirge cosanta plandaí atá údaraithe le haghaidh úsáid ghairmiúil’ táirge cosanta plandaí a údaraíodh d’úsáideoirí gairmiúla amháin i gcomhréir le hAirteagal 31 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009;
- (15) ciallaíonn bainistiú comhtháite lotnaidí breithniú cúramach ar gach modh atá ar fáil lena ndíspreagtar líon na n-orgánach díobhálach a fhorbairt, agus ag an am céanna úsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha a choinneáil ag leibhéal a bhfuil bonn cirt eacnamaíoch agus éiceolaíoch leo agus rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol a íoslaghdú;
- (16) ciallaíonn ‘limistéar íogair’ aon cheann de na catagóirí seo a leanas:
- a) Limistéir atá íogair ó thaobh na talmhaíochta agus na foraoiseachta de, lena n-áirítear:
 - (i) [...]
 - (ii) Aon limistéar foraoiseachta nó aon limistéar talmhaíochta a úsáidtear laistigh de láithreáin a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo sa liosta dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Threoir 92/43/CEE agus na limistéir chaomhantais speisialta arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 4(4) den Treoir sin, agus limistéir chosanta speisialta arna n-aicmiú de bhun Airteagal 4 de Threoir 2009/147/CE;
 - (iii) [...]

- b) Limistéir nach limistéir thalmhaíochta ná limistéir fhoraoiseachta iad ach atá fogair, lena n-áirítear:
- (i) limistéar atá in úsáid ag an bpobal i gcoitinne, mar shampla páirc phoiblí nó gairdín, limistéir áineasa phoiblí nó phríobháideacha nó tailte spóirt nach féidir rochtain phoiblí a dhiúltú iontu le linn tréimhsí úsáide táirgí cosanta plandaí agus le linn tréimhse sábháilteachta ina dhiaidh sin, ná le linn conaire poiblí;
 - (ii) páirc phríobháideach nó gairdín príobháideach;
 - (iii) limistéar a úsáideann na [...] grúpaí leochaileacha seo a leanas den chuid is mó: mná torracha agus mná altranais, naíonáin, leanaí agus daoine scothaosta;
 - (iv) láithreáin a bhfuil tábhacht Chomhphobail leo sa liosta dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Threoir 92/43/CEE agus na limistéir chaomhantais speisialta arna n-ainmniú i gcomhréir le hAirteagal 4(4) den Treoir sin, agus limistéir chosanta speisialta arna n-aicmiú de bhun Airteagal 4 de Threoir 2009/147/CE, nach bhfuil san áireamh i bpointe (a).
- (b bis) Eisiatar bóithre, mótarbhealaí agus imill iarnróid, calafoirt thionsclaíocha, aerfoirt, **suíomhanna míleata atá dúnta**, limistéir thionsclaíocha agus limistéir ina bhfuil línte cumhachta lastuas ó raon feidhme phointí (b)(i) agus (b)(iv).

c) Limistéir nach limistéir thalmhaíochta ná limistéir fhoraoiseachta iad agus a bhfuil saintréithe sonracha acu, lena n-áirítear:

(i) forais spóirt inar féidir rochtain phoiblí a dhiúltú le linn tréimhsí úsáide táirgí cosanta plandaí agus le linn tréimhse sábháilteachta ina dhiaidh sin;

(ii) reiligi.

(17) ciallaíonn ‘lotnaid choraintín’ aon lotnaid choraintín mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Rialachán (AE) Uimh. 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴⁹;

(18) ‘ciallaíonn ‘speicis choimhthíocha ionracha’ speicis choimhthíocha ionracha mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 2, de Rialachán (AE) 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁰;

(19) ciallaíonn ‘uisce dromchla’ dobharlach dromchla mar a shainmhínítear é in Airteagal 2, pointe (10) de Threoir 2000/60/CE;

(20) ciallaíonn ‘screamhuisce’ dobharlach screamhuisce mar a shainmhínítear é in Airteagal 2, pointe (12) de Threoir 2000/60/CE;

⁴⁹ Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle (IO L 317, 23.11.2016, lch. 4).

⁵⁰ Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú (IO L 317, 4.11.2014, lch. 35).

- (21) ciallaíonn ‘táscaire riosca’ tomhas a léiríonn an t-athrú coibhneasta ar na rioscaí do shláinte an duine nó don chomhshaol a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí, agus a ríomhtar i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI;
- (22) ciallaíonn ‘modhanna neamhcheimiceacha’ malairtí ar tháirgí cosanta plandaí ceimiceacha;
- (23) ciallaíonn ‘rialú bitheolaíoch’ orgánaigh atá díobhálach i leith plandaí nó táirgí plandaí a rialú trí úsáid a bhaint as modhanna nádúrtha de thionscnamh bitheolaíoch nó substaintí atá comhionann leo, mar shampla miocrorgánaigh, séimiceimiceáin, úisc ó tháirgí plandaí mar atá sainmhínithe in Airteagal 3(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, nó macra-orgánaigh inveirteabracha;
- (23a) ciallaíonn ‘deimhniú oiliúna’ cruthúnas ar oiliúint a d’fhéadfaí a sholáthar mar dheimhniú bailí oiliúna nó mar thairfead iontrála i gelár leictreonach oifigiúil, mar a leagtar síos in Airteagal 25 den Rialachán seo.

CAIBIDIL II

SPRIOCANNA I nDÁIL LE LAGHDÚ

Airteagal 4

spriocanna laghdúcháin de chuid an Aontais 2030

1. Áiritheoidh na Ballstáit le chéile go mbeidh laghdú 50 % ar fud an Aontais faoi 2030 maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha agus an riosca a bhaineann leo ('sprioc laghdaithe 1 de chuid an Aontais le haghaidh 2030') agus maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí atá níos guaisí ('sprioc laghdaithe 2 de chuid an Aontais le haghaidh 2030'), i gcomparáid le meán na mblianta 2015, 2016 agus 2017 (dá ngairtear i dteannta a chéile 'spriocanna laghdúcháin de chuid an Aontais le haghaidh 2030').
 - 1a. Rannchuideoidh gach Ballstát [...], trí na bearta arna ndéanamh de bhun an Rialacháin seo, le spriocanna an Aontais dá dtagraítear i mír 1 a bhaint amach trína chuspóirí cainníochtúla, spriocanna, bearta agus tráthchláir féin a shocrú chun na rioscaí agus an tionchar a bhaineann le húsáid lotnaidicídí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a laghdú.
 - 1b. Cuirfidh na Ballstát na **cuspoirí cainníochtúla, na spriocanna, na bearta agus na tráthchláir sin** in iúl don Choimisiún trína bpleananna gníomhaíochta náisiúnta. Má mheasann an Coimisiún nach leor na **cuspoirí cainníochtúla, na spriocanna, na bearta agus na tráthchláir** náisiúnta [...] le spriocanna laghdúcháin foriomlána an Aontais le haghaidh 2030 a bhaint amach, féadfaidh an Coimisiún moltaí tírshonracha a eisiúint do na Ballstáit chun a leibhéal **uailmhéine maidir lena gcuspóirí cainníochtúla, a spriocanna, a mbearta agus a dtráthchláir** a mhéadú [...].

- 1c. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann aird chuí ar na moltaí de mheon dlúthpháirtíochta idir na Ballstáit agus an tAontas agus idir na Ballstáit, agus féadfaidh sé a leagan amach, ina phlean gníomhaíochta náisiúnta, conas a thug sé aird chuí ar an moladh.
1. Is ar bhonn bliantúil a ríomhfaidh an Coimisiún an dul chun cinn i dtreo bhaint amach spriocanna laghdúcháin de chuid an Aontais le haghaidh 2030 i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Airteagal 5

spriocanna laghdúcháin 2030 de chuid na mBallstát le haghaidh táirgí cosanta plandaí ceimiceacha

[...]

Airteagal 6

Measúnú tosaigh an Choimisiúin ar spriocanna náisiúnta

[...]

Airteagal 7

Treochtaí sa dul chun cinn i dtreo spriocanna laghdúcháin de chuid an Aontais le haghaidh 2030 arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún

1. Faoin 31 Lúnasa gach bliain féilire, foilseoidh an Coimisiún, ar shuíomh gréasáin, na meántreochtaí sa dul chun cinn i dtreo spriocanna laghdúcháin an Aontais le haghaidh 2030. Ríomhfar na treochtaí sin mar an difríocht idir meán na mblianta 2015-2017 agus na bliana a chríochnaigh 20 mí roimh an bhfoilsiú. Ríomhfar na treochtaí i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn I.
2. Nuashonróidh an Coimisiún an suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 1 uair amháin sa bhliain ar a laghad.
3. [...]

CAIBIDIL III

PLEANANNA GNÍOMHAÍOCHTA NÁISIÚNTA

Airteagal 8

Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta

1. Faoin... [*OF: cuir isteach an dáta , – [...] 24 mhí tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*], dréachtóidh, glacfaidh agus foilseoidh gach Ballstát ar shuíomh gréasáin poiblí pleananna gníomhaíochta náisiúnta ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad:
 - a) faisnéis maidir le [...] **cuspoirí cainníochtúla, spriocanna, bearta agus tráthchláir náisiúnta na mBallstát féin** chun rannchuidiú [...]le spriocanna laghdúcháin de chuid an Aontais le haghaidh 2030 dá dtagraítear in Airteagail 4 agus 9 **a bhaint amach**;
 - b) [...]
 - c) mionsonraí faoin dul chun cinn pleanáilte i leith na ngnéithe atá ábhartha ó thaobh chur chun feidhme an Rialacháin seo a liostaítear in Iarscríbhinn II;

- d) [...]
- e) liosta de chineálacha trealamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil ar a gcuireann an Ballstát ceanglais éagsúla cigireachta i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 32(1);
- f) má tá sí ar fáil, faisnéis ar na gníomhaíochtaí a rinneadh i gcoinne táirgí cosanta plandaí a úsáideadh go neamhdhleathach nó a urghabhadh trí oibríochtaí frithchalaoise le linn na 3 bliana roimhe sin, lena n-áirítear na méideanna a urghabhadh, agus aon bhearta náisiúnta atá beartaithe chun cosc a chur ar úsáid táirgí cosanta plandaí góchumtha agus neamhdhleathacha;
- g) bearta náisiúnta chun úsáideoirí gairmiúla a spreagadh le modhanna neamhcheimiceacha a úsáid, lena n-áirítear, i gcas inar féidir, trí bhíthin dreasachtaí airgeadais, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais maidir le Státchabhair;
- h) bearta atá beartaithe agus glactha chun tacú le nuálaíocht agus/nó forbairt agus/nó oiliúint maidir le modhanna neamhcheimiceacha rialaithe lotnaidí a úsáid;
- i) modhanna eile atá beartaithe agus glactha chun tacú le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí, i gcomhréir leis na prionsabail a bhaineann le bainistiú comhtháite lotnaidí, lena n-áirítear iad siúd atá sna rialacha nó treoirlíne barrshonracha a leagtar amach in Airteagal 15(1).

Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún gan mhoill faoin gcéad fhoilsiú dá phlean gníomhaíochta náisiúnta.

Athbhreithneoidh gach Ballstát a phlean gníomhaíochta náisiúnta gach 5 bliana ar a laghad ó fhoilseofar é den chéad uair. De bharr an athbhreithnithe féadfaidh Ballstát a phlean gníomhaíochta náisiúnta a leasú. Foilseoidh na Ballstáit leaganacha leasaithe dá bpleananna gníomhaíochta náisiúnta agus cuirfidh siad ar fáil pleananna gníomhaíochta náisiúnta leasaithe don Choimisiún gan mhoill.

Sna pleananna gníomhaíochta náisiúnta a fhoilsítear suas go dtí 2030 agus le linn na bliana sin, beidh an fhaisnéis a liostaítear sa chéad fhomhír, pointí (a) go (i).

Beidh an fhaisnéis a liostaítear sa chéad fhomhír, pointí (c) go (i) sna pleananna gníomhaíochta náisiúnta a fhoilseofar tar éis 2030.

2. Cuirfidh gach Ballstát próiseas comhairliúcháin i gcrích sula nglacfaidh sé nó sula modhnóidh sé a pleananna gníomhaíochta náisiúnta i gcomhréir le ceanglais Threoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵¹.
3. Sna pleananna gníomhaíochta náisiúnta beidh achoimre ar an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí a cuireadh i gcrích sular glacadh iad agus liostófar iontu na húdaráis ar a mbeidh sé de chúram iad a chur chun feidhme.
4. Beidh na pleananna gníomhaíochta náisiúnta comhsheasmhach le pleananna Ballstát arna dtarraingt suas i gcomhréir le Treoracha 91/676/CEE, 92/43/CEE, 2000/60/CE, 2008/50/CE, 2009/147/CE agus (AE) 2016/2284 agus Rialachán xxx/xxx maidir le hathchóiriú dúlra [*tagairt don ghníomh a glacadh le cur isteach*], agus le Pleananna Straitéiseacha CBT a tarraingíodh suas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/2115.
5. Féadfaidh na Ballstáit ina bhfuil cuid de na réigiúin is forimeallaí bearta a dhéanamh atá saincheaptha do na réigiúin sin ina bpleananna gníomhaíochta náisiúnta agus na riachtanais shonracha a bhaineann leis na dálaí aeráide sonracha agus na barra sna réigiúin sin á gcur san áireamh acu.

Airteagal 9

Faisnéis maidir le húsáid [...] náisiúnta na substaintí gníomhacha [...]

1. Áireofar sna pleananna gníomhaíochta náisiúnta a fhoilsítear suas go dtí 2030 agus le linn na bliana sin, an fhaisnéis seo a leanas a bhaineann le **húsáid náisiúnta na substaintí gníomhacha [...]** **ao bhféadfadh tionchar a bheith acu ar bhaint amach spriocanna laghdúcháin an Aontais le haghaidh 2030 dá dtagraítear in Airteagal 4:**

 - a) ar a laghad na cúig shubstaint ghníomhacha is mó a imríonn tionchar ar an treocht sa laghdú úsáide agus riosca a bhaineann le táirgí cosanta plandaí, agus an treocht maidir le húsáid na dtáirgí cosanta plandaí níos guaisí, de réir mar a cinneadh tríd an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn I a chur i bhfeidhm, le linn na 3 bliana sular glacadh an plean gníomhaíochta náisiúnta;

⁵¹ Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le measúnú ar éifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol (*IO L 197, 21.7.2001, lch. 30*).

- b) na barra agus/nó na húsáidí is mó dá n-úsáidtear gach ceann de na substaintí gníomhacha dá dtagraítear i bpointe (a) agus líon heicteár gach bairr **nó láthair** a chóireáiltear;
- c) [...]
- d) [...]
- 2. [...]
- 3. [...]
- 4. [...]

Airteagal 10

[...]Tuarascáil ar chur chun feidhme[...]

1. Faoi 31 Lúnasa gach **2** bhliain, ach tráth nach luaithe ná [*OF: cuir isteach an dáta – [...] 36 mhí tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*] cuirfidh gach Ballstát tuarascáil [...] ar chur chun feidhme faoi bhráid an Choimisiúin ina mbeidh na sonraí cainníochtúla a liostaítear in Iarscríbhinn II.
2. [...]
3. Foilseoidh gach Ballstát a thuarascáil [...] ar chur chun feidhme ar shuíomh gréasáin poiblí agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoi sin.
4. I gcás ina measann an Coimisiún nach bhfuil na sonraí a cheanglaítear faoi Iarscríbhinn II iomlán, féadfaidh sé a iarraidh ar Bhallstát na sonraí atá in easnamh a chur lena thuarascáil [...] ar chur chun feidhme. Má thugtar an tuarascáil [...] ar chur chun feidhme cothrom le dáta, foilseofar an leagan nuashonraithe freisin ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 3 agus cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoi sin.
5. Foilseoidh an Coimisiún tuarascálacha [...] ar chur chun feidhme na mBallstát ar shuíomh gréasáin poiblí.

6. Beidh sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 40 lena leasaítear Iarscríbhinn II chun é a thabhairt cothrom chun dáta i bhfianaise dul chun cinn na teicneolaíochta agus na forbartha eolaíochta atá ábhartha d'úsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí.

Airteagal 11

Anailís an Choimisiúin ar thuarascálacha [...] ar chur chun feidhme

1. Faoin... [*OF: cuir isteach an dáta – [...] 3 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*], agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, foilseoidh an Coimisiún ar a shuíomh gréasáin anailís ar:
- a) na treochtaí foriomlána sa dul chun cinn i dtreo spriocanna laghdúcháin de chuid an Aontais le haghaidh 2030;
 - b) dul chun cinn na mBallstát [...] maidir [...] **lena gcuspóirí cainníochtúla, spriocanna, bearta agus na tráthchláir** dá dtagraítear in Airteagal 4, **mír 1a** [...].
2. [...]
3. Tar éis na hanailíse dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh an Coimisiún moladh a thabhairt don Bhallstát. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann aird chuí ar an moladh agus féadfaidh sé a leagan amach, ina thuarascáil [...] ar chur chun feidhme ina dhiaidh sin, an chaoi ar thug sé aird chuí ar an moladh.
4. [...]
5. [...]
6. [...]
7. Faoin... [*OF: – 5 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn agus cur chun feidhme faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

CAIBIDIL IV

BAINISTIÚ LOTNAIDÍ COMHTHÁITE

Airteagal 12

Bainistiú lotnaidí comhtháite

1. Cuirfidh úsáideoirí gairmiúla bainistiú comhtháite lotnaidí i bhfeidhm trí na prionsabail ghinearálta a shonraítear in Airteagal 13 a chur i bhfeidhm.
 - a) [...]
 - b) [...]
- 1a. Féadfaidh úsáideoirí gairmiúla treoirlínte barrshonracha nó earnáilsonracha arna nglacadh ag an mBallstát ina n-oibríonn siad a chur i bhfeidhm maidir leis an mbarr nó earnáil ábhartha agus an limistéar ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 14 agus na gníomhaíochtaí a dhéanamh a leagtar amach in Airteagal 13(8). Má chuireann úsáideoir gairmiúil na treoirlínte ábhartha barrshonracha nó earnáilsonracha i bhfeidhm, meastar gur chuir an t-úsáideoir gairmiúil sin prionsabail ghinearálta an bhainistithe chomhtháite lotnaidí a leagtar amach in Airteagal 13 i bhfeidhm i ndáil leis an mbarr nó leis an earnáil ábhartha.
- 1b. Féadfaidh úsáideoirí gairmiúla treoirlínte barrshonracha nó earnáilsonracha arna nglacadh ag an mBallstát ina n-oibríonn siad a chur i bhfeidhm maidir leis an mbarr nó earnáil ábhartha agus an limistéar ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 14 agus na gníomhaíochtaí a dhéanamh a leagtar amach in Airteagal 13(8).
2. [...] (*aistrithe chuig Airteagal 25bis*)

Prionsabail ghinearálta an bhainistithe chomhtháite lotnaidí

1. I dtús báire déanfaidh úsáideoirí gairmiúla bearta a bhreithniú agus, i gcás inarb infheidhme bearta a chur i bhfeidhm nach bhfuil gá dóibh táirgí ceimiceacha cosanta plandaí a úsáid chun orgánaigh dhíobhálacha a chosc nó a dhíothú sula mbainfear leas as táirgí ceimiceacha cosanta plandaí.
2. Léireoidh taifid úsáideora ghairmiúil dá dtagraítear in Airteagal 15(1) go ndearna sé na roghanna seo a leanas go léir a bhreithniú, de réir mar is ábhartha:
 - uainíocht na mbarr,úsáid teicnící ábhartha saothraithe, lena n-áirítear teicníc ceapaí síl stálaithe, dátaí agus dlúis churadóireachta, earc-chur, idirchuraíocht, curaíocht chaomhnaithe, prúnáil agus síolú díreach,
- úsáid a bhaint as cineálacha frithsheasmhacha nó fulangacha agus ábhar atáirgthe plandaí deimhnithe nó a gcoibhéis,
- úsáid cleachtas cothromaithe leasúcháin, aolta, uisciúcháin agus taosctha,
- spré orgánach díobhálach a chosc le bearta sláinteachais, lena n-áirítear glanadh tráthrialta innealra agus trealaimh,
- cosaint agus feabhsú orgánach tairbhiúil tábhachtach laistigh agus lasmuigh de láithreáin táirgthe,
- coinneáil amach lotnaidí trí struchtúir chosanta, eangaigh agus bacainní fisiceacha eile a úsáid.

3. Déanfaidh úsáideoirí gairmiúla faireachán ar orgánaigh le modhanna agus uirlisí iomchuí. Ar na modhanna agus na huirlisí sin beidh ceann amháin de na nithe seo a leanas ar a laghad:
- a) breathnuithe a rinneadh sa ghort;
 - b) córais rabhaidh fuaim, réamhaisnéise agus diagnóisithe luatha atá fóna ó thaobh na heolaíochta de, más indéanta sin;
 - c) úsáid comhairle ó [...] chomhairleoirí **a cuireadh oiliúint orthu i gcomhréir le hAirteagal 25.**
4. Ní fhéadfaidh úsáideoirí gairmiúla táirgí cosanta plandaí ceimiceacha a úsáid ach amháin má bhíonn gá leo chun leibhéal inghlactha rialúcháin orgánach díobhálach a bhaint amach tar éis na modhanna neamhcheimiceacha eile go léir de réir mar a leagtar amach i míreanna 1 agus 2 a bhreithniú agus i gcás inar comhlíonadh aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:
- a) go léiríonn torthaí an fhaireacháin, ar bhonn breathnú taifeadta, gur gá na táirgí cosanta plandaí ceimiceacha a leathadh go tráthúil mar gur leor an líon orgánach díobhálach atá ann chun sin a údarú;
 - b) i gcás ina mbeidh údar leis sin de réir córas tacaíochta cinntí, nó de réir comhairleoir a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 25 bis, gur chinn an t-úsáideoir gairmiúil, trí bhíthin cinneadh taifeadta, táirgí cosanta plandaí ceimiceacha a úsáid ar chúiseanna coisctheacha.
5. [...]

6. Coinneoidh úsáideoirí gairmiúla úsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha agus foirmeacha eile idirghabhála ar leibhéal atá de réir dea-chleachtas cosanta plandaí mar a shainítear in Airteagal 3, mír 18, de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus nach gcuireann leis an riosca go bhforbrófar frithsheasmhacht i bpobail orgánach díobhálach. I gcás inar féidir, úsáidfidh úsáideoirí gairmiúla na bearta seo a leanas:
- a) ráta leata a laghdú;
 - b) líon leataí a laghdú;
 - c) leathadh páirteach;
 - d) leathadh ar an spota.
7. I gcás ina mbeifear ar an eolas faoin riosca frithsheasmhachta ar bheart cosanta plandaí agus inar gá an beart sin a chur i bhfeidhm arís agus arís eile de bharr leibhéil na n-orgánach díobhálach, cuirfidh úsáideoirí gairmiúla na straitéisí frith-fhrithsheasmhachta a bheidh ar fáil i bhfeidhm chun éifeachtacht an bhirt sin a choinneáil ar bun.

I gcás inar gá táirgí cosanta plandaí a úsáid arís agus arís eile mar chuid de bheart cosanta plandaí, úsáidfidh úsáideoirí gairmiúla táirgí cosanta plandaí lena mbaineann modhanna gníomhaíochta éagsúla, i gcás ina mbeidh fáil orthu.

8. Déanfaidh úsáideoirí gairmiúla na gníomhaíochtaí seo a leanas go léir:
- a) leibhéal ratha na mbeart cosanta plandaí a cuireadh i bhfeidhm a sheiceáil agus a dhoiciméadú ar bhonn na dtaifead ar úsáid táirgí cosanta plandaí agus idirghabhálacha eile agus an fhaireacháin ar orgánaigh dhíobhálacha;
 - b) an fhaisnéis a fuarthas a chur i bhfeidhm trí na gníomhaíochtaí a dhéanamh dá dtagraítear i bpointe (a) mar chuid den phróiseas cinnteoireachta maidir le hidirghabhálacha a dhéanfar dá éis sin.

9. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 40 lena leasaítear an liosta roghanna a leagtar amach i mír 2, na modhanna agus na huirlisí a leagtar amach i mír 3 agus na bearta a leagtar amach i mír 6 den Airteagal seo chun dul chun cinn teicniúil agus forbairtí eolaíocha a chur san áireamh.

Airteagal 13a

Cuirfidh úsáideoirí gairmiúla na prionsabail ghinearálta maidir le bainistiú comhtháite lotnaidí a shonraítear in Airteagal 13 i bhfeidhm agus iad ag tabhairt faoi aon aidhmeanna cosanta plandaí mar a shonraítear in Airteagal 2, mír 1 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

Airteagal 14 (Airteagal 15 roimhe seo)

Treoirlínte agus rialacha barrshonracha nó earnáilsonracha

1. Glacfaidh na Ballstáit treoirlínte agranamaíocha bunaithe ar bhainistiú comhtháite lotnaidí le haghaidh barr ar leith a fhás nó a stóráil nó le haghaidh earnáil shonrach, treoirlínte atá deartha lena áirithiú nach n-úsáidfear cosaint barr cheimiceach ach amháin tar éis na modhanna neamhcheimiceacha eile go léir a bhreithniú agus, i gcás inarb infheidhme, nuair a shroichfear tairseach le haghaidh idirghabhála ('treoirlínte barrshonracha nó earnáilsonracha'). Leis na treoirlínte barrshonracha nó earnáilsonracha cuirfear chun feidhme prionsabail an bhainistithe lotnaidí comhtháite a leagtar amach in Airteagal 13, maidir leis an mbarr nó an earnáil ábhartha.
2. [...] (*aistriú go mír 3c*)
3. Faoin ... [*OF: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí tar éis 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], beidh treoirlínte barrshonracha nó earnáilsonracha éifeachtacha i bhfeidhm ag gach Ballstát, le haghaidh barra nó earnálacha a chumhdaíonn limistéar ar 75 % ar a laghad é dá limistéar talmhaíochta atá in úsáid (seachas garraithe cistine).

- 3a. Glacfaidh na Ballstáit rialacha agranamaíocha atá ceangailteach ó thaobh dlí de bunaithe ar phrionsabail an bhainistithe chomhtháite lotnaidí le haghaidh barr ar leith a fhás nó a stóráil nó le haghaidh earnáil shonrach, rialacha atá deartha lena áirithiú nach n-úsáidfear cosaint plandaí cheimiceach ach amháin tar éis na modhanna neamhcheimiceacha eile go léir a bhreithniú agus nuair a shroichfear tairseach le haghaidh idirghabhála, i gcás ina mbeidh fáil uirthi, ('rialacha barrshonracha nó earnáilsonracha'). Leis na rialacha barrshonracha nó earnáilsonracha cuirfear chun feidhme, go hiomlán nó go páirteach, prionsabail an bhainistithe chomhtháite lotnaidí a leagtar amach in Airteagal 13, maidir leis an mbarr nó earnáil ábhartha agus leagfar amach iad i ngníomh dlí ceangailteach. I gcás ina nglacfaidh Ballstát riail bharrshonrach nó earnáilsonrach lena gcuirtear chun feidhme ina n-iomláine prionsabail an bhainistithe chomhtháite lotnaidí a leagtar amach in Airteagal 13, mheasfaí go bhfuil treoirlíne ag an mbarr nó ag an earnáil ábhartha mar a cheanglaítear i mír 3.
- 3b. Cuirfidh na Ballstáit san áireamh dálaí agranamaíocha ábhartha, lena n-áirítear an cineál ithreach agus barr agus na dálaí aeráide atá i réim agus treoirlínte nó rialacha barrshonracha nó earnáilsonracha á nglacadh acu.
- 3c. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil ar a mbeidh sé de chúram a áirithiú go mbeidh na treoirlínte nó rialacha barrshonracha nó earnáilsonracha láidir ó thaobh na heolaíochta de agus go gcomhlíonann siad Airteagal 13.
4. [...] (*modhnaithe agus aistriithe go mír 7a*)
5. [...] (*modhnaithe agus aistriithe go mír 7a*)

6. Sonrófar sna treoracha barrshonracha nó earnáilsonracha, an méid seo a leanas, ar a laghad:
- a) na horgánaigh dhíobhálacha is suntasaí ó thaobh an gheilleagair de a dhéanann difear don bharr nó don earnáil;
 - b) na hidirghabhálacha neamhcheimiceacha lena mbaineann rialú cultúrtha, fisiceach agus bitheolaíoch atá éifeachtach nuair a úsáidtear iad i gcoinne na n-orgánach díobhálach dá dtagraítear i bpointe (a) agus critéir nó coinníollacha cáilíochtúla faoina ndéantar na hidirghabhálacha sin;
 - c) má tá siad ar fáil, na táirgí cosanta plandaí ísealriosca nó na nithe is féidir a úsáid in ionad táirgí cosanta plandaí atá údaraithe lena n-úsáid i gcoinne na n-orgánach díobhálach dá dtagraítear i bpointe (a) agus critéir nó coinníollacha cáilíochtúla faoina ndéantar na hidirghabhálacha sin;
 - d) na táirgí cosanta plandaí nach táirgí cosanta plandaí ísealriosca iad agus atá údaraithe lena n-úsáid i gcoinne na n-orgánach díobhálach dá dtagraítear i bpointe (a) agus critéir nó coinníollacha cáilíochtúla faoina ndéantar na hidirghabhálacha sin;
 - e) má tá siad ar fáil, na critéir nó coinníollacha cáilíochtúla faoina bhféadfar táirgí cosanta plandaí a úsáid tar éis ídiú na modhanna rialúcháin eile go léir is féidir a úsáid gan táirgí ceimiceacha cosanta plandaí a úsáid;
 - f) má tá siad ar fáil, na critéir intomhaiste nó coinníollacha intomhaiste faoina bhféadfar táirgí cosanta plandaí a úsáid tar éis ídiú na modhanna rialúcháin eile go léir is féidir a úsáid gan táirgí ceimiceacha cosanta plandaí a úsáid;
 - g) an oibleagáid beartaithe a thairfead a léiríonn gur baineadh amach an luach tairisí ábhartha, má tá sé ar fáil.
7. Athbhreithneoidh gach Ballstát go rialta a chuid rialacha agus treoirínte barrshonracha nó earnáilsonracha agus nuashonróidh sé iad i gcás inar gá, lena n-áirítear nuair is gá sin chun athruithe ar infhaighteacht uirlisí rialaithe orgánach díobhálacha a chur san áireamh.

- 7a. Ar a laghad 9 mí roimh an tráth a thagann riail bharrshonrach nó earnáilsonrach i bhfeidhm faoin dlí náisiúnta, tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún a fhéadfaidh, laistigh de 6 mhí tar éis dó an dréacht a fháil, cur i gcoinne a ghlactha ag Ballstát, má mheasann sé nach gcomhlíonann an dréacht prionsabail an bhainistithe chomhtháite lotnaidí a leagtar amach in Airteagal 13. Má chuireann an Coimisiún ina choinne sin, leasóidh an Ballstát an téacs bunaithe ar agóidí an Choimisiúin nó tabharfaidh sé cúiseanna gan iad a chur san áireamh.
8. Má bheartaíonn Ballstát riail bharrshonrach nó earnáilsonrach a nuashonrú, tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún, a fhéadfaidh, laistigh de 3 mhí tar éis dó an dréacht a fháil, cur i gcoinne nuashonrú na rialach barrshonraí nó earnáilsonraí ag Ballstát, má mheasann sé nach gcomhlíonann an dréacht prionsabail an bhainistithe chomhtháite lotnaidí a leagtar amach in Airteagal 13. Má chuireann an Coimisiún ina choinne sin, leasóidh an Ballstát an téacs bunaithe ar agóidí an Choimisiúin nó tabharfaidh sé cúiseanna gan iad a chur san áireamh.
9. [...] (*simplithe agus aistriithe go mír 8*)
10. [...]
11. Foilseoidh gach Ballstát a threoirilínte agus a rialacha barrshonracha nó earnáilsonracha uile ar shuíomh gréasáin agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoi.
12. Foilseoidh an Coimisiún ar shuíomh naisc chuig suíomhanna gréasáin na mBallstát, suíomhanna dá dtagraítear i mír 11.

13. Faoin ... [*OF: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí tar éis 7 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ar ghlacadh treoirlínte agus rialacha barrshonracha nó earnáilsonracha agus má chomhlíonann na treoirlínte agus na rialacha sin an tAirteagal seo agus má chomhlíontar prionsabail ghinearálta an bhainistithe chomhtháite lotnaidí i gcomhréir le hAirteagal 13 sna Ballstáit.

Airteagal 15 (Airteagal 14 roimhe seo)

Taifid ar bhearta comhtháite bainistithe lotnaidí arna dhéanamh ag úsáideoirí gairmiúla agus ar na táirgí cosanta plandaí arna n-úsáid acu

1. I gcás ina ndéanfaidh úsáideoir gairmiúil beart coisctheach nó ina ndéanfaidh sé idirghabháil, iontrálfaidh an t-úsáideoir gairmiúil an fhaisnéis seo a leanas sa chlár leictreonach comhtháite i leith bainistiú lotnaidí agus úsáid táirgí cosanta plandaí, clár dá dtagraítear in Airteagal 16 agus a chumhdaíonn an limistéar ina n-oibríonn an t-úsáideoir gairmiúil:
- a) aon bheart coisctheach nó idirghabháil choisctheach de réir Airteagal 13 agus, i gcás inarb ábhartha, aon tuairisc ar chomhlíonadh na dtreoirlínte barrshonracha nó earnáilsonracha;
 - b) aon bheart coisctheach nó idirghabháil choisctheach agus aon tuairisc ar chomhlíonadh na rialacha barrshonracha nó earnáilsonracha, i gcás inar ghlac an Ballstát ina n- oibríonn an t- úsáideoir gairmiúil rialacha maidir leis an mbarr nó earnáil ábhartha agus an limistéar ábhartha.

Cuirfidh an t-úsáideoir gairmiúil an fhaisnéis dá dtagraítear sa mhír seo isteach faoin 31 Eanáir den bhliain i ndiaidh na bliana ina ndearnadh na bearta nó na hidirghabhálacha coisctheacha.

2. [...]
3. Iontrálfaidh úsáideoir gairmiúil **nó oibreoir eile** taifead leictreonach ar gach úsáid de tháirge cosanta plandaí faoi Airteagal 67 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 i gclár leictreonach an bhainistithe chomhtháite lotnaidí agus [...] úsáid táirgí cosanta plandaí [...] dá dtagraítear in Airteagal 16. Iontrálfaidh úsáideoir gairmiúil taifead leictreonach freisin cé acu a rinneadh an táirge a leathadh le trealamh aeir nó trealamh talamhbhunaithe.
- 3a. Measfar gurb ionann taifeadadh na faisnéise faoi mhír 3 sa chlár leictreonach do bhainistiú comhtháite lotnaidí agus do tháirgí cosanta plandaí agus taifead a chruthú ar úsáid an táirge cosanta plandaí faoi Airteagal 67 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
4. Chun a áirithiú go mbeidh struchtúr aonfhoirmeach ar na hiontrálacha atá le déanamh ag úsáideoirí gairmiúla sa chlár leictreonach comhtháite i leith bainistiú lotnaidí agus úsáid táirgí cosanta plandaí i gcomhréir le míreanna 1 agus 3, féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, teimpléad caighdeánach a ghlacadh le haghaidh na n-iontrálacha sin. I ngach teimpléad den chineál sin beidh réimsí chun taifid a ionchur ar gá iad a choinneáil i gcomhréir le hAirteagal 67 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus ar gá aitheantas inaitheanta a úsáid ina leith. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 41(2).

Airteagal 16

An clár leictreonach comhtháite i leith bainistiú lotnaidí agus úsáid táirgí cosanta plandaí

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil nó údaráis inniúla chun clár nó cláir leictreonach(a) c(h)omhtháite i leith bainistiú lotnaidí agus úsáid táirgí cosanta plandaí a chur ar bun agus a choinneáil ar bun.

Sa chlár leictreonach comhtháite nó sna cláir leictreonacha chomhtháite i leith bainistiú lotnaidí agus úsáid táirgí cosanta plandaí, beidh ar a laghad an fhaisnéis de réir Airteagal 15(1) agus 15(3), a dhéanfar a choimeád ar feadh tréimhse 10 mbliana ar a laghad ón dáta a rinneadh an iontráil.

2. Beidh rochtain ag na húsáideoirí gairmiúla ar an gclár/na cláir dá dtagraítear i mír 1 chun go mbeidh siad in ann na taifid a iontráil i gcomhréir le hAirteagal 15.
3. [...]
4. [...]

5. Déanfaidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 1 na sonraí a bailíodh sa chlár nó sna cláir i mír 1 den Airteagal seo a roinnt leis na húdaráis inniúla náisiúnta a bhfuil sé de chúram orthu Treoracha 2000/60/CE agus (AE) 2020/2184 a chur chun feidhme, nó a chur ar fáil dóibh, chun gur féidir na sonraí sin a thrasnascadh, i bhfoirm anaithnid, le sonraí comhshaoil, screamhuisce agus cáilíochta uisce, chun feabhas a chur ar shainaithint, tomhas agus laghdú rioscaí a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí.
6. Déanfaidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 1 a áirithiú go mbeidh rochtain ag údaráis staidrimh náisiúnta ar an gclár/na cláir dá dtagraítear i mír 1 chun staitisticí oifigiúla a fhorbairt, a tháirgeadh agus a scaipeadh.
7. [...]

[Airteagal 17 (aistriú go Caibidil Vbis)]

CAIBIDEAL IVbis

LIMISTÉIR ÍOGAIRE

Airteagal 18

Úsáid táirgí cosanta plandaí i limistéir íogaire

1. Tá srian ar úsáid táirgí cosanta plandaí i limistéir íogaire de réir chatagóir gach limistéir íogair.

2. Sna limistéir leochaileacha talmhaíochta agus foraoiseachta dá dtagraítear in Airteagal 3(16)(a), ní cheadaítear ach úsáid a bhaint as rialú bitheolaíoch, as táirgí cosanta plandaí a mbaineann riosca íseal leo, as táirgí cosanta plandaí atá údaraithe san fheirmeoireacht orgánach agus as aon táirge cosanta plandaí nach bhfuil ina fhoirmlíú aon chothú gníomhach arna aicmiú mar ghrúpa 3 nó grúpa 4 chun táscaire riosca comhchuibhithe 1 dá dtagraítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn VI a ríomh.
- 2a. Sna limistéir nach limistéir thalmhaíochta ná limistéir fhoraoiseachta iad agus dá dtagraítear in Airteagal 3(16)(b), ní cheadaítear ach rialú bitheolaíoch, táirgí cosanta plandaí a mbaineann riosca íseal leo, **táirgí cosanta plandaí atá údaraithe d'úsáid neamhghairmiúil** agus táirgí cosanta plandaí atá údaraithe san fheirmeoireacht orgánach a úsáid.
- 2b. I limistéir nach limistéir thalmhaíochta ná limistéir fhoraoiseachta iad agus a bhfuil saintréithe sonracha ag baint leo dá dtagraítear in Airteagal 3(16)(c), ní cheadaítear ach úsáid a bhaint as rialú bitheolaíoch, as táirgí cosanta plandaí a mbaineann riosca íseal leo, as **táirgí cosanta plandaí atá údaraithe d'úsáid neamhghairmiúil**, as táirgí cosanta plandaí atá údaraithe san fheirmeoireacht orgánach agus as aon táirge cosanta plandaí nach bhfuil ina fhoirmlíú aon substaint ghníomhach atá aicmithe mar ghrúpa 3 nó mar ghrúpa 4 chun táscaire riosca comhchuibhithe 1 dá dtagraítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn VI a ríomh.
- 2c. Mar dhíolúine, níl feidhm ag na toirmisc a shainmhínítear faoin airteagal seo sna himthosca seo a leanas:
- (i) má tá rioscaí ann go scaipfeadh lotnaidí coraintín agus speicis choimhthíocha ionracha, nó lotnaidí nó speicis choimhthíocha ionracha a dtugtar fógra ina leith i gcomhréir le mír 3 d'Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2016/2031 nó le hAirteagal 10 mír 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 nach ndearnadh measúnú fós ina leith i gcomhréir le mír 1 d'Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2016/2031 nó le hAirteagal 10, mír 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014;

- (ii) féadfaidh údarás inniúil arna ainmniú ag Ballstát cead a thabhairt ar a thionscnamh féin d'úsáideoirí gairmiúla táirgí cosanta a úsáid chun críocha aon lotnaidí coraintín ábhartha de chuid an Aontais, lotnaidí coraintín na gcriosanna cosanta nó lotnaidí atá faoi réir na mbeart arna nglacadh de bhun Airteagal 30 mír 1 den Rialachán sin, nó a veicteoirí, a dhíothú nó a shrianadh de réir mar is infheidhme, i limistéir chríochaithe arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 18 mír 1, Airteagal 28 míreanna 1 agus 2, Airteagal 33 mír 1 de Rialachán (AE) 2016/2031, ar feadh thréimhse an chríochaithe.

Airteagal 18bis

Na maoluithe

3. De mhaolú ar Airteagal 18, féadfaidh údarás inniúil arna ainmniú ag Ballstát cead a thabhairt [...] d'úsáideoirí gairmiúla táirgí cosanta plandaí [...] a úsáid i limistéar sonracha íogair cinntithe.
- a) [...]
- b) [...]
4. [...]

5. [...]
- 5a. Ní dhéanfar maoluithe a dheonú ach amháin i limistéar teoranta nó i gceantar teoranta, agus do thréimhse a bheidh teoranta agus ag a mbeidh dáta tosaigh agus deiridh a dhéanfar a shainiú go beacht agus a bheidh chomh gearr agus is féidir agus ní mhairfidh an tréimhse sin níos faide ná 120 lá.
- 5b. Féadfar maoluithe a dheonú i gcás táirge cosanta plandaí amháin nó grúpa táirgí cosanta plandaí.
- 5c. Beidh údar cuí le maoluithe agus ní dheonófar iad ach amháin i gcás ina ndealraíonn sé go bhfuil beart den sórt sin riachtanach de dheasca contúirte nach féidir a shrianadh ar aon mhodh réasúnach eile, agus cúinsí teicniúla, eacnamaíocha agus comhshaoil á gcur san áireamh.
6. Sa chead le haghaidh úsáid táirge cosanta plandaí i limistéar íogair beidh na nithe seo a leanas go léir:
- a) na coinníollacha a bhaineann leis an úsáid theoranta rialaithe a bhainfidh an t-iarratasóir as;
 - b) [...]
 - c) bearta maolaithe riosca;
 - d) an fad a mhairfidh bailíocht an cheada.
7. [...]

8. I gcás ina dtabharfar cead le haghaidh táirge cosanta plandaí a úsáid i limistéar íogair, déanfaidh an t-údarás inniúil, roimh an gcéad lá de bhailíocht an táirge sin, dá dtagraítear i mír 3, an fhaisnéis seo a leanas a chur ar fáil go poiblí:
- e) an áit ina n-úsáidfear an táirge;
 - f) [...]
 - g) dátaí tosaigh agus deiridh thréimhse formheasa an cheada, tréimhse nach mó ná 120 lá tar éis a chéile;
 - h) na dálaí aimsire ábhartha lenar féidir leathadh sábháilte a dhéanamh;
 - i) ainm nó foirmlíú an táirge cosanta plandaí nó na dtáirgí cosanta plandaí;
 - j) [...]

Airteagal 19

Bearta chun an comhshaol uisceach agus uisce óil a chosaint

1. Tá toirmeasc ar gach táirge cosanta plandaí a úsáid ar na huiscí dromchla uile agus laistigh de 3 mhéadar d'uisc den sórt sin. Ní laghdófar an crios maolánach 3 mhéadar trí úsáid a bhaint as teicnící malartacha maolaithe riosca.
2. Féadfaidh na Ballstáit criosanna maolánacha éigeantacha níos mó a bhunú atá cóngarach d'uisc dromchla.
3. Faoin... [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*], cuirfidh na Ballstáit bearta iomchuí i bhfeidhm chun meathlú ar stádas uisce dromchla agus screamhuisce agus ar uiscí cósta agus mara a sheachaint agus chun go mbeifear in ann stádas maith uisce dromchla agus screamhuisce a bhaint amach, chun an comhshaol uisceach agus soláthairtí uisce óil a chosaint ar thionchar táirgí cosanta plandaí, agus chun, ar a laghad, na cuspóirí a leagtar amach i dTreoracha 2000/60/CE, 2006/118/CE, 2008/105/CE, 2008/56/CE agus (AE) 2020/2184 a bhaint amach.

3a. Mar dhíolúine, níl feidhm ag na toirmisc a shainmhínítear faoin airteagal seo sna himthosca seo a leanas:

- (i) má tá rioscaí ann go scaipfeadh lotnaidí coraintín agus speicis choimhthíocha ionracha, nó lotnaidí nó speicis choimhthíocha ionracha a dtugtar fógra ina leith i gcomhréir le mír 3 d’Airteagal 29 de Rialachán (AE) 2016/2031 nó le hAirteagal 10 mír 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014 nach ndearnadh measúnú fós ina leith i gcomhréir le mír 1 d’Airteagal 30 de Rialachán (AE) 2016/2031 nó le hAirteagal 10, mír 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1143/2014;**
- (ii) tithe gloine a bhfuil an t-uisce a ritheann chun srutha uathu saor ó lotnaidicídí geall leis, agus barra ríse.**

CAIBIDIL V

ÚSÁID TÁIRGÍ COSANTA PLANDAÍ I LEATHADH ÓN AER

Airteagal 20

Táirgí cosanta plandaí a leathadh ón aer

1. Tá toirmeasc ar leathadh ón aer.
2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh údarás inniúil arna ainmniú ag Ballstát a cheadú go ndéanfaidh úsáideoir gairmiúil leathadh ón aer sna cásanna seo a leanas:
 - a) níl aon mhodh leata eile ann atá indéanta go teicniúil seachas an leathadh ón aer nó;
 - b) is lú nó is ionann an tionchar diúltach a bheidh ag an leathadh ón aer ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol i gcomparáid le haon mhodh eile leata.
 - i) [...]
 - [...]
 - [...]

- 2a. Ní fhéadfar an ceadúnas le haghaidh leathadh ón aer faoi Airteagal 20 mír 2 a dheonú ach amháin má chomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:
- a) tá an trealamh leata a suiteáladh ar an aerárthach cláraithe sa chlár leictreonach de threalamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil dá dtagraítear in Airteagal 33 mír 1 agus comhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn IV;
 - b) tá an t-aerárthach feistithe le gabhálaí agus teicneolaíocht chun na táirgí cosanta plandaí a leathadh go cruinn agus chun an cáitheadh sprae a laghdú;
 - c) **féadfar** an táirge cosanta plandaí [...] a úsáid **trí bhíthin** leathadh ón aer faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.
3. In iarratas a dhéanann úsáideoir gairmiúil ar chead do leathadh ón aer, áireofar an fhaisnéis is gá chun a léiriú go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach i míreanna 2 agus 2(a) á gcomhlíonadh.
4. I gcás ina ndéonaítear cead do leathadh ón aer, ar a laghad 2 lá roimh dháta an leata ón aer, poibleoidh an t- údarás inniúil dá dtagraítear i mír 2 an fhaisnéis seo a leanas:
- a) suíomh agus achar dromchla an leata ón aer agus iad léirithe ar léarscáil;
 - b) tréimhse bhailíochta an cheada don leathadh ón aer, tréimhse a bheidh teoranta agus ag a mbeidh dáta tosaigh agus deiridh a dhéanfar a shainiú go beacht agus a bheidh chomh gearr agus is féidir agus ní mhairfidh an tréimhse sin níos faide ná 120 lá;
 - c) na dálaí aimsire ábhartha lenar féidir leathadh sábháilte a dhéanamh;
 - d) ainm agus uimhir údaraithe an táirge cosanta plandaí nó na dtáirgí cosanta plandaí;
 - e) an trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** atá le húsáid agus na bearta maolaithe riosca atá le déanamh.

5. Úsáideoir gairmiúil dár deonáíodh cead do leathadh ón aer, ní mór dó ar a laghad **1** [...] lá [...] roimh dháta gach leata ón aer fógraí a thaispeáint ina léirítear sin ar imlíne an limistéir ina ndéanfar an leathadh, nó murar féidir fógraí a thaispeáint sna limistéir sin, déanfar na fógraí a thaispeáint i limistéir a mbeidh rochtain ag an bpobal orthu.
6. Faoin... [*Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí tar éis 36 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*] forbróidh an Coimisiún i gcomhar leis an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia treoirchoiciméad teicniúil a bhaineann leis an údarú chun táirgí cosanta plandaí a leathadh ón aer, lena n-áirítear leathadh arna dhéanamh le catagóirí áirithe aerchóras gan foireann dá dtagraítear in Airteagal 21. Úsáidfear an treoirchoiciméad sin, nuair a bheidh sé ar fáil, chun measúnú a dhéanamh ar iarratais ar údarú táirgí cosanta plandaí sonracha agus leordhóthanacha chun ceadanna don leathadh ón aer a dheonú, i gcomhréir le mír 2 agus mír 2a pointe (c).

Airteagal 21

Táirgí cosanta plandaí a leathadh ón aer le catagóirí áirithe aerchóras gan foireann

1. I gcás ina gcomhlíonann catagóirí áirithe aerchóras gan foireann na critéir a leagtar amach i mír 2, féadfaidh Ballstát leathadh ón aer arna dhéanamh leis na **catagóirí** aerchóras sin gan foireann a dhíolmhú ón toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 20(1).
2. Féadfar leathadh arna dhéanamh le haerchórais gan foireann a dhíolmhú ón toirmeasc a leagtar síos in Airteagal 20(1) i gcás ina léiríonn tosca a bhaineann le húsáid an aerchórais gan foireann gurb ionann nó gur lú na rioscaí a bhaineann lena úsáid ná rioscaí a bhaineann le trealamh leata eile le haghaidh úsáid ghairmiúil. Áireofar ar na tosca sin na critéir go léir a bhaineann leis an méid seo a leanas:
 - a) sonraíochtaí teicniúla na n-aerchóras gan foireann;

- b) na dálaí aimsire;
 - c) cineál an limistéir atá le spraeáil;
 - d) [...]
 - e) úsáid fhéideartha córas aerárthaí gan foireann i gcomhar le leathadh beacht táirgí cosanta plandaí i gcásanna áirithe;
 - f) an leibhéal oiliúna is gá i gcás píolótaí a oibríonn aerchóras gan foireann;
 - g) [...]
3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 40 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann leis na critéir a liostaítear i bpointí (a) go (f) de mhír 2 chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch.
- 3a. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 40 lena bhforlíontar an Rialachán seo d'fhonn an measúnú a shonrú faoi na critéir a leagtar amach i mír 2, nuair is féidir na sonraíochtaí sin a fhorbairt a bhuí leis an dul chun cinn teicniúil agus leis an bhforbairt eolaíoch.

CAIBIDIL V bis

TÁIRGÍ COSANTA PLANDAÍ A ÚSÁID, A STÓRÁIL AGUS A DHIÚSCAIRT

Airteagal 17

Ceanglais ghinearálta maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí le haghaidh úsáid ghairmiúil agus úsáid trealamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil

1. I gcás táirge cosanta plandaí a bhfuil a úsáid ghairmiúil údaraithe, ní fhéadfaidh ach úsáideoir gairmiúil é a úsáid:
 - a) a bhfuil deimhniú oiliúna aige tar éis cúrsaí d'úsáideoirí gairmiúla a dheánamh aige i gcomhréir le hAirteagal 25, agus
 - b) a úsáideann, nuair is gá sin, seirbhísí [...] comhairleora **neamhchlaonta** i gcomhréir le hAirteagal 26(3).
2. Ní fhéadfaidh ach úsáideoirí gairmiúla, leis an leibhéal oiliúna a cheanglaítear de réir an dlí náisiúnta agus de réir Airteagal 25, táirgí cosanta plandaí níos guaisí a úsáid agus a cheannach.
3. Ní fhéadfaidh ach úsáideoirí gairmiúla a bhfuil deimhniú oiliúna faighte acu, arna eisiúint dóibh tar éis cúrsaí d'úsáideoirí gairmiúla a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 25, trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** a úsáid.
- 3a. **De mhaolú ar mhír 1 go mír 3, féadfaidh mac léinn, intéirneach nó duine atá i mbun gníomhaíochtaí taighde agus forbartha táirgí cosanta plandaí a úsáid nó trealamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil a úsáid faoi mhaoirseacht úsáideora ghairmiúil.**

4. Laistigh de 3 bliana dar tús dáta an chéad cheannaigh, agus gach 3 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh úinéir trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** dá dtagraítear in Airteagal 29(0) nó úsáideoir gairmiúil atá cláraithe de bhun Airteagal 29(2a), nó a ionadaí nó a hionadaí, a threalamh nó a trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** a chur isteach le haghaidh cigireachta de bhun Airteagal 31. I gcás ina mbeidh 3 bliana caite ón dáta a ceannaíodh an trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** den chéad uair, ní fhéadfaidh úsáideoir gairmiúil é a úsáid ach amháin má chomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

- a) gur éirigh leis an trealamh sna cigireachtaí a réachtáiltear gach 3 bliana ó dháta an chéad cheannaigh, **nó, i gcás trealamh nua, 5 bliana ó dháta an chéad cheannaigh**, agus gur taifeadh na torthaí i gclár leictreonach an trealamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil i gcomhréir le hAirteagal 31(6);
- b) go bhfuil maolú faoi Airteagal 32(1) nó Airteagal 32(3) maidir leis an trealamh sin.

Tráth a chuirtear isteach an trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** i gcomhair cigireachta, cuirfidh úinéir nó úsáideoir gairmiúil an trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil**, nó a ionadaí nó a hionadaí ar fáil don údarás inniúil nó don chomhlacht a dhéanfaidh an chigireacht an fhaisnéis is gá chun go gcomhlíonfaidh an t-údarás inniúil a oibleagáidí coimeáda taifid de bhun Airteagal 30(1), pointe (b).

5. Is i gcomhréir le lámhleabhar treoracha an mhonaróra a dhéanfaidh an t-úsáideoir gairmiúil **scrúdú amhairc** ar threalamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** agus a oibreoidh sé an trealamh sin.

Stóráil, diúscairt agus láimhseáil

1. Faoin... [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*], beidh bearta éifeachtacha i bhfeidhm ag na Ballstáit mar aon leis na [...] **córais** is gá chun go n-éascófar, ar bhealach nach gcuirfidh sláinte an duine ná an comhshaol i mbaol, stóráil, diúscairt agus láimhseáil shábháilte aon táirge cosanta plandaí nár úsáideadh, aon tuaslagán caol ina bhfuil táirgí cosanta plandaí agus aon phacáistíocht ar na táirgí cosanta plandaí.
2. Maidir le húsáideoirí gairmiúla, áireofar sna bearta dá dtagraítear i mír 1 ceanglais mhionsonraithe maidir leis an méid seo a leanas:
 - a) stóráil agus láimhseáil shábháilte táirgí cosanta plandaí, mar aon le caolú agus meascadh na dtáirgí sin roimh an leathadh;
 - b) láimhseáil pacáistíochta agus iarsmaí táirgí cosanta plandaí;
 - c) glanadh an trealaimh a úsáideadh tar éis an leata;
 - d) diúscairt pacáistíochta fholamh, táirgí cosanta plandaí agus iarsmaí na dtáirgí sin atá imithe i léig agus a bpacáistiú.
3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta uile is gá maidir le táirgí cosanta plandaí atá údaraithe d'úsáideoirí neamhghairmiúla chun oibríochtaí láimhseála contúirteacha a chosc agus, i gcás nach féidir iad a chosc, na hoibríochtaí sin a theorannú. Féadfar a áireamh ar na bearta sin bearta a bhaineann le teorainneacha méide le haghaidh pacáistíochta nó coimeádáin. Féadfar a fhoráil leis na bearta sin gur táirgí cosanta plandaí ísealriosca agus táirgí cosanta plandaí eile atá i bhfoirm foirmlithe réidh le húsáid agus bearta maidir le dúnadh sábháilte nó gaireas glasála le haghaidh pacáistíochta nó coimeádán, agus na táirgí sin amháin, a fhéadfaidh úsáideoirí neamhghairmiúla a úsáid.

4. Áiritheoidh monaróirí, dáileoirí agus úsáideoirí gairmiúla go stórálfar táirgí cosanta plandaí [...] i saoráidí stórála a thógtar sa chaoi go gcoiscfear scaoileadh de thaisme.

Áiritheoidh monaróirí, dáileoirí agus úsáideoirí gairmiúla go bhfuil suíomh, méid, aeráil agus ábhair tógála na saoráide stórála oiriúnach chun scaoileadh de thaisme a chosc agus chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint.

[Airteagal 23- aistrithe go dtí Caibidil VII, Airteagal 25a]

CAIBIDL VI

TÁIRGÍ COSANTA PLANDAÍ A DHÍOL

Airteagal 24

Ceanglais maidir le táirgí cosanta plandaí a dhíol

1. Ní dhíolfaidh dáileoir táirge cosanta plandaí atá údaraithe lena úsáid go gairmiúil le húsáideoir gairmiúil nó le hionadaí an úsáideora ach amháin má tá deimhniúchán oiliúna as cúrsaí d'úsáideoirí gairmiúla a dhéanamh arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 25 ag an úsáideoir gairmiúil [...], tráth an cheannaigh, .
2. [...]

3. Cuirfidh dáileoir ceannaitheoir táirge cosanta plandaí ar an eolas maidir leis an tábhacht a bhaineann le húsáid chuí na dtáirgí cosanta plandaí i gcomhréir le hAirteagal 55 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, lena n-áirítear trí chomhlíonadh na gcoinníollacha a shonraítear ar an lipéadú, agus cuirfidh sé an ceannaitheoir ar an eolas faoin suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 27.
4. Soláthróidh dáileoir, **ar shuíomh gréasáin, ar bhileog nó ar phóstaer**, faisnéis ghinearálta d'úsáideoirí neamhghairmiúla maidir leis na rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí, lena n-áirítear an fhaisnéis maidir le guaiseacha, nochtadh, stóráil chuí, láimhseáil, leathadh agus diúscairt shábháilte i gcomhréir le Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵², agus molfaidh sé modhanna nó bearta eile chun plandaí a chosaint lena n-áirítear táirgí cosanta plandaí eile a mbaineann riosca íseal leo atá ar fáil ar mhargadh an Bhallstáit agus bealaí inar féidir rioscaí a mhaolú agus táirgí cosanta plandaí á n-úsáid.
5. Beidh foireann ar fáil ag gach dáileoir, tráth an díolacháin, ag a mbeidh deimhniú oiliúna [...] tar éis cúrsaí do dháileoirí a dhéanamh arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 25, chun eolas leordhóthanach a thabhairt do cheannaitheoirí táirgí cosanta plandaí maidir le húsáid na dtáirgí sin, na rioscaí gaolmhara sláinte agus comhshaoil a bhaineann leo agus na treoracha sábháilteachta iomchuí chun na rioscaí sin a bhainistiú.
6. [...]

⁵² Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

CAIBIDIL VII

OILIÚINT, FAISNÉIS AGUS MÚSCAILT FEASACHTA

Airteagal 25

Oiliúint agus Deimhniú

1. Ceapfaidh údarás inniúil arna ainmniú i gcomhréir le mír 2 comhlacht amháin nó níos mó chun an oiliúint seo a leanas, ar a laghad, de réir mar is ábhartha do na grúpaí áirithe rannpháirtithe, a chur ar fáil maidir leis na hábhair a liostaítear in Iarscríbhinn III:
 - a) oiliúint tosaigh agus oiliúint leantach d'úsáideoirí agus do dháileoirí gairmiúla, lena n-áirítear oiliúint phraiticiúil maidir le húsáid an trealaimh leata dá dtagraítear in Airteagal 29(0);
 - b) [...]
 - c) oiliúint fhairsing, mar shampla céim ollscoile i gcás inarb oiriúnach, agus oiliúint leantach do chomhairleoirí agus béim ar leith á leagan ar chur i bhfeidhm an bhainistithe chomhtháite lotnaidí.
2. Ainmneoidh [...] gach Ballstát údarás inniúil amháin nó níos mó chun an méid a leanas a dhéanamh:
 - a) dearadh agus cur chun feidhme an chórais um oiliúint agus deimhniú na hoiliúna ar fad dá dtagraítear i mír 1;
 - b) deimhniúcháin oiliúna a eisiúint agus a athnuachan;
 - c) maoirseacht a dhéanamh féachaint go bhfuil an oiliúint dá dtagraítear i mír 1 á cur ar fáil ag an gcomhlacht nó ag na comhlachtaí ceaptha.
3. An oiliúint dá dtagraítear i mír 1, d'fhéadfadh sí a bheith mar chuid de na hidirghabhálacha oiliúna arna mbunú ag na Ballstáit de réir Airteagal 78 de Rialachán (AE) 2021/2115.

4. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad ar áireamh sa deimhniúchán oiliúna:
 - a) ainm an úsáideora ghairmiúil, an dáileora nó an chomhairleora dár soláthraíodh an oiliúint;
 - b) [...]
 - c) an cineál oiliúna a cuireadh ar fáil, i gcás ina gcuireann Ballstát cineálacha éagsúla oiliúna ar fáil do chatagóirí éagsúla úsáideoirí gairmiúla, dáileoirí nó comhairleoirí, nó an deimhniúchán a fuarthas dá dtagraítear i mír 8;
 - d) an dáta a léiríodh eolas leordhóthanach ar na hábhair ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn III;
 - e) ainm an chomhlachta a sholáthair an oiliúint;
 - f) [...]
 - g) an tréimhse bhailíochta.
5. [...]
6. Beidh deimhniú oiliúna bailí ar feadh tréimhse 10 mbliana ar a mhéid.
7. Faoi réir mhír 6, ní dhéanfar deimhniúchán oiliúna a eisiúint nó a athnuachan ach amháin má léiríonn sealbhóir an deimhniúcháin oiliúna gur éirigh leis nó léi cúrsa oiliúna dá dtagraítear i mír 1 a chríochnú, nó gur éirigh leis nó léi i scrúdú nó tástáil ar na hábhair arna gcumhdach le linn an chúrsa oiliúna.
8. D'ainneoin mhír 6, féadfar deimhniúchán oiliúna a eisiúint do dhuine atá in ann oiliúint a thaispeáint trí bhíthin cáilíochtaí foirmiúla lena léirítear go bhfuil eolas aige ar na hábhair a liostaítear in Iarscríbhinn III atá comhionann leis an eolas a chuirfí ar fáil leis an oiliúint dá dtagraítear i mír 1.

9. Déanfaidh údarás inniúil arna ainmniú i gcomhréir le mír 2 nó comhlacht ceaptha dá dtagraítear i mír 1 deimhniúchán oiliúna a tharraingt siar má rinneadh é a eisiúint nó a athnuachan go mícheart.
10. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 40 lena leasaítear Iarscríbhinn III chun dul chun cinn teicniúil agus forbairtí eolaíocha a chur san áireamh.
- 10a. Measfar gur deimhniúcháin bhailí oiliúna iad deimhniúcháin oiliúna a eisíodh bunaithe ar Threoir 2009/128/CE go dtí a ndáta éaga.

Airteagal 25 bis

Comhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a úsáid

Ní fhéadfaidh ach comhairleoir ar eisíodh deimhniúchán oiliúna dó i gcomhréir le hAirteagal 25 comhairle a thabhairt d'úsáideoir gairmiúil maidir le húsáid táirge cosanta plandaí. Cuirfidh comhairleoirí comhairle ar fáil ina gcuirfear san áireamh na treoirlínte agus na rialacha barrshonracha nó earnáil-shonracha is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 14 nó na prionsabail ghinearálta a bhaineann le bainistiú comhtháite lotnaidí dá dtagraítear in Airteagal 13. *[an abairt dheireanach aistrithe ó Airteagal 12(2)]*

Airteagal 26

Córas comhairleach neamhspleách

1. Ainmneoidh [...] gach Ballstát údarás inniúil amháin nó níos mó chun córas comhairleoirí neamhchlaonta d'úsáideoirí gairmiúla a bhunú, agus chun oibriú an chórais sin a mhaoirsiú agus a fhaire. Féadfar an córas sin a bhunú go sonrach ar an leibhéal náisiúnta nó féadfar úsáid a bhaint as comhairleoirí feirme neamhchlaonta dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2021/2115, ar féidir iad a mhaoiniú faoi Airteagal 78 den Rialachán céanna.

2. Déanfaidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 1 forálacha a ghlacadh chun a áirithiú go bhfuil aon chomhairleoir atá cláraithe sa chóras dá dtagraítear sa mhír sin neamhchlaonta ('comhairleoir neamhchlaonta'), agus rialacha á sonrú acu chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint. Leis na rialacha sin, áiritheofar go háirithe nach bhféadfadh an comhairleoir neamhchlaonta a bheith i riocht a bhféadfadh cur as, go díreach nó go hindíreach, dá chumas tabhairt faoina dhualgais ghairmiúla ar bhealach neamhchlaonta.
3. Bunóidh údaráis inniúla gach Ballstáit paraiméadair shonracha an chórais chomhairligh neamhchlaonta chun críocha na comhairle straitéisí dá dtagraítear i mír 4 [...] a fháil: tíopeolaíocht, méid, barra agus saintréithe na bhfeirmeacha atá faoi réir an chórais chomhairligh seo, cineál an chórais chomhairligh agus minicíocht an chomhairliúcháin.
4. Tabharfaidh an comhairleoir neamhchlaonta dá dtagraítear san Airteagal seo comhairle straitéiseach ar an méid seo a leanas ar a laghad:
 - a) [...]
 - b) bainistiú comhtháite lotnaidí a chur chun feidhme, de réir na bprionsabal ginearálta in Airteagal 13;
 - c) úsáid a bhaint as teicnící beachta, agus teicneolaíochtaí nuálacha leata, i gcás inarb infheidhme;
 - d) [...]
 - e) bearta chun rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol a íoslaghdú go héifeachtach, go háirithe rioscaí don bhithéagsúlacht, lena n-áirítear pailneoirí, ó úsáid den sórt sin, lena n-áirítear bearta agus teicnící maolaithe riosca.

Faisnéis agus múscailt feasachta

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil chun faisnéis a bhfuil bonn eolaíoch fúithi a chur ar fáil don phobal agus d'úsáideoirí neamhghairmiúla, go háirithe trí chláir múscailte feasachta, i ndáil leis na rioscaí a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí.
2. An t-údarás inniúil dá dtagraítear i mír 1, cuirfidh sé faisnéis chruinn chothrom ar shuíomh gréasáin faoi rioscaí a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí. Féadfar an fhaisnéis sin a sholáthar go díreach nó trí naisc a sholáthar chuig suíomhanna gréasáin ábhartha de chuid comhlachtaí náisiúnta nó idirnáisiúnta eile.
3. Na suíomhanna gréasáin dá dtagraítear i mír 2, beidh faisnéis orthu a bhfuil bonn eolaíoch fúithi maidir leis na hábhair seo a leanas:
 - a) na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte an duine agus don chomhshaol trí éifeachtaí géara nó ainsealacha a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí;
 - b) an chaoi inar féidir na rioscaí féideartha dá dtagraítear i bpointe (a) a mhaolú;
 - c) roghanna malartacha ar tháirgí cosanta plandaí ceimiceacha;
 - d) an nós imeachta chun substaintí gníomhacha a fhormheas agus chun táirgí cosanta plandaí a údarú;
 - e) ceadanna a dheonaítear faoi Airteagail 18 nó 20;
 - f) nasc chuig an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 7;
 - g) cearta tríú páirtithe rochtain a iarraidh ar fhaisnéis maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí trí theagmháil a dhéanamh leis an údarás inniúil ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 67(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

Faisnéis ar nimhiú géar agus ainsealach

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil chun córais a chur ar bun nó a choinneáil ar bun chun an fhaisnéis seo a leanas a bhailiú agus a choimeád maidir le teagmhais ghéarnimhithe agus, i gcás inar féidir, teagmhais nimhithe ainsealaigh a eascraíonn as nochtadh daoine do tháirgí cosanta plandaí:
 - a) i gcás ina mbeidh an t-eolas ar fáil, ainm agus uimhir údaráithe an táirge cosanta plandaí agus na substaintí gníomhacha a bhaineann leis an teagmhas géarnimhithe nó nimhithe ainsealaigh;
 - b) líon na ndaoine nimhithe;
 - c) siomptóimí a bhaineann le nimhiú;
 - d) i gcás ina mbeidh an t-eolas ar fáil, fad agus déine na siomptóm;
 - e) má tá an t-eolas ar fáil, cé acu a tharla nó nár tharla teagmhas géarnimhithe nó nimhithe ainsealaigh mar thoradh ar na nithe seo a leanas:
 - i) úsáid cheart táirge cosanta plandaí;
 - ii) mí-úsáid táirge cosanta plandaí;úsáid táirge cosanta plandaí nár údaraíodh; nó ionghabháil nó nochtadh d'aon ghnó.
2. Faoin 31 Lúnasa gach bliain, cuirfidh gach Ballstát tuarascáil achomair faoi bhráid an Choimisiúin ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas:
 - a) líon na dteagmhais géarnimhithe agus, i gcás inar féidir, líon na dteagmhais nimhithe ainsealaigh a eascraíonn as nochtadh daoine do tháirgí cosanta plandaí le linn na bliana féilire roimhe sin;
 - b) an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 maidir le gach teagmhas nimhithe.

3. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun an fhormaid maidir le cur isteach na faisnéise agus na sonraí dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a leagan síos. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 41(2).

CAIBIDIL VIII

TREALAMH LEATA le haghaidh úsáid ghairmiúil

Airteagal 29

Cigireacht a dhéanamh ar threalamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil

0. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** nach bhfuil díolmhaithe ó chigireacht i gcomhréir le hAirteagal 32(3), ar trealamh é:
 - a mbeartaítear é a úsáid chun táirgí cosanta plandaí a leathadh nó
 - a bhfuil spraeirí bumaile cothrománacha nó ingearacha nó gléasanna dianspraeála i gcomhair an úlloird air, beag beann ar a úsáid.
1. Faoin... [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], déanfaidh úinéir trealamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil, ionadaí de chuid an úinéara, nó an t-údarás inniúil ar a shon, mar a shonraítear sa dlí náisiúnta, a thaifeadadh sa chláir leictreonach de threalamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil dá dtagraítear in Airteagal 33, gurb é/í úinéir an trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil**, agus úsáid á baint aige as an bhfoirm ina n-áirítear an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn V, mura bhfuil díolúine ó chigireacht tugtha don trealamh sin ag an mBallstát ina n-úsáideann an t-úinéir an trealamh sin i gcomhréir le hAirteagal 32(3).

2. Má dhíoltar trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil**, laistigh de 30 lá tar éis an díolacháin, taifeadfaidh an díoltóir, an ceannaitheoir nó a (h)ionadaí, nó an t-údarás inniúil thar ceann an úinéara, mar a shonraítear sa dlí náisiúnta, gur díoladh an trealamh sin sa chlár leictreonach de threalamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil dá dtagraítear in Airteagal 33, agus úsáid á baint as foirm ina n-áirítear an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn V, ach amháin má tá an trealamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil díolmhaithe ó chigireacht sa Bhallstát nó sna Ballstáit ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 32(3). Tá feidhm ag oibleagáid chomhchosúil maidir le haistriú úinéireachta sa chlár leictreonach i gcás aon athrú eile ar úinéireacht trealamh le haghaidh úsáid ghairmiúil nach bhfuil díolmhaithe ó chigireacht sa Bhallstát nó sna Ballstáit ábhartha i gcomhréir le hAirteagal 32(3).
- 2a. Má aistrítear an ceart chun trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** a úsáid ar feadh tréimhsí is faide ná bliain amháin agus trí chonradh maidir le sannadh úsáide, soláthróidh an t-úsáideoir gairmiúil, úinéir nó ionadaí an úinéara an fhaisnéis sin, laistigh de 30 lá.

Má úsáidtear trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** ar feadh tréimhse éiginnte, i gcás fhoirceannadh an tsocraithe sin, soláthróidh an t-úinéir nó ionadaí an úinéara, laistigh de 30 lá tar éis fhoirceannadh an tsocraithe, an fhaisnéis sin.
3. Má dhéantar trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** a tharraingt siar ó úsáid agus nach bhfuil sé beartaithe é a úsáid chun críocha leata an táirge cosanta plandaí arís, taifeadfaidh úinéir an trealamh, nó a ionadaí nó a hionadaí, nó an t-údarás inniúil thar a cheann nó thar a ceann, mar a shonraítear sa dlí náisiúnta, laistigh de 30 lá tar éis an trealamh cosanta plandaí a tharraingt siar ó úsáid, gur tarraingíodh an trealamh siar ó bheith á úsáid, i gclár leictreonach an trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** dá dtagraítear in Airteagal 33, agus úsáid á baint as foirm ina n-áirítear an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn V.
4. Má chuirtear trealamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil in úsáid arís, déanfaidh úinéir an trealamh nó a (h)ionadaí, nó an t-údarás áitiúil ar a shon, mar shonraítear sa dlí náisiúnta, laistigh de 30 lá tar éis dó an trealamh a chur in úsáid arís, an méid sin a thaifeadadh sa chlár leictreonach de threalamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil dá dtagraítear in Airteagal 33, agus úsáid á baint aige as foirm ina n-áirítear an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

5. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 40 lena leasaítear Iarscríbhinní V chun é a nuashonrú i bhfianaise dul chun cinn teicniúil agus forbairtí eolaíocha.

Airteagal 30

Bailiú faisnéise agus rialuithe

1. Déanfaidh gach Ballstát údarás inniúil amháin nó níos mó a ainmniú chun an méid a leanas a dhéanamh:
- a) clár leictreonach a bhunú agus a choinneáil ar bun chun faisnéis faoi gach trealamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil sa Bhallstát a thaifeadadh;
 - b) an clár leictreonach sin a úsáid chun iontrálacha tríú páirtí a fháil agus a phróiseáil maidir le húinéireacht, aistriú úinéireachta, díol, tarraingt siar ó úsáid agus trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** a chur in úsáid arís;
 - c) cigireacht a dhéanamh ar threalamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** i gcomhréir le hAirteagal 31(1), (2), (3) agus (6);
 - d) deimhnithe cigireachta a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 31(7).

I gcás nach ndéanfaidh an t-údarás inniúil ainmnithe cigireacht ar threalamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil, féadfaidh sé cúram na cigireachtaí sin a tharmligean chuig comhlacht amháin nó níos mó ná sin. Sa chás sin, déanfaidh an t-údarás inniúil maoirseacht ar na cigireachtaí dá dtagraítear i mír (c) agus ar eisiúint na ndeimhnithe dá dtagraítear i mír (d).

2. Déanfaidh gach Ballstát rialuithe oifigiúla chun a fhíorú go bhfuil forálacha an Rialacháin seo i ndáil le trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** á gcomhlíonadh ag na hoibreoirí. Déanfaidh na Ballstáit bearta leantacha iomchuí chun aon easnamh sonrath nó córasach arna sainaitheint tríd na rialuithe arna ndéanamh ag saineolaithe an Choimisiúin i gcomhréir le míreanna 3 agus 4 a leigheas.

3. Déanfaidh saineolaithe ón gCoimisiún rialuithe i gcomhar leis na Ballstáit, lena n-áirítear iniúchtaí, i ngach Ballstát chun cur i bhfeidhm na rialacha a bhaineann le trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** a fhíorú, ar rialacha iad a leagtar síos sa Rialachán seo. Féadfaidh na saineolaithe faisnéis a imscrúdú agus a bhailiú maidir le rialuithe oifigiúla agus cleachtais forfheidhmiúcháin i réimse an trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil**.
4. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:
 - a) ullmhóidh sé dréacht-tuarascáil maidir leis na torthaí agus le moltaí lena dtabharfar aghaidh ar na heasnamh a shainaithin a shaineolaithe le linn na rialuithe sin;
 - b) seolfaidh sé cóip den dréacht-tuarascáil dá dtagraítear i bpointe (a) chuig an mBallstát ina ndearnadh na rialuithe sin chun barúlacha a fháil uaidh;
 - c) cuirfidh sé barúlacha an Bhallstáit dá dtagraítear i bpointe (b) san áireamh agus an tuarascáil deiridh á hullmhú aige maidir le torthaí na rialuithe arna ndéanamh ag a shaineolaithe sna Ballstáit amhail dá bhforáiltear san Airteagal seo;
 - d) cuirfidh sé an tuarascáil deiridh dá dtagraítear i bpointe (c) agus barúlacha na mBallstát dá dtagraítear i bpointe (b) ar fáil go poiblí.

Airteagal 31

Cigireacht a dhéanamh ar threalamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil

1. Déanfaidh an t-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 30 cigireacht ar threalamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** dá dtagraítear in Airteagal 29 mír 0 gach 3 bliana, ag tosú ó dháta an chéad cheannaigh **nó, i gcás trealamh nua, 5 bliana tar éis dháta an chéad cheannaigh**. Áiritheoidh an t-údarás inniúil go bhfuil dóthain foirne, trealamh agus acmhainní eile is gá chun cigireacht a dhéanamh ar an trealamh leata uile **le haghaidh úsáid ghairmiúil** atá dlite le haghaidh cigireachta, laistigh den timthriall trí bliana.
2. Fíoróidh an chigireacht dá dtagraítear i mír 1 cé acu a chomhlíonann an trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn IV nó nach gcomhlíonann.

3. Déanfar an chigireacht in áit inar féidir an riosca truailithe agus éillithe uisce, **chomh maith le rioscaí do shláinte an duine** a sheachaint. Déanfaidh an t-údarás nó an comhlacht a dhéanfaidh an chigireacht an tionchar a bheidh ag dálaí seachtracha ar in-atáirgtheacht thorthaí na cigireachta, amhail éifeachtaí gaoithe agus báistí, a íoslaghdú.
4. An trealamh uile is gá chun cigireacht a dhéanamh chun an trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** a thástáil, beidh an trealamh sin cruinn, i ndea-bhail agus déanfar é a sheiceáil agus, i gcás inar gá, a chalabhrú go tráthrialta.
5. Áiritheoidh úinéir an trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** nó úsáideoir gairmiúil dá dtagraítear in Airteagal 29, mír 2a, go bhfuil an trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** glan agus sábháilte sula gcuirfear tús leis an gcigireacht.
6. Déanfaidh an t-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 30 torthaí gach cigireachta a thairfeadh sa chlár leictreonach de threalamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil dá dtagraítear in Airteagal 33.
7. Maidir le deimhniú cigireachta:
 - a) is é an t-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 30 a eiseoidh an deimhniú chuig úinéir trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** i gcás ina gcomhlíonann an trealamh sin na ceanglais a liostaítear in Iarscríbhinn IV; agus
 - b) is é an t-údarás inniúil sin a dhéanfaidh an deimhniú a thairfeadh sa chlár leictreonach de threalamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil dá dtagraítear in Airteagal 33.
8. Beidh taifead dá dtagraítear i mír 6 bailí agus deimhnithe dá dtagraítear i mír 7 bailí go ceann trí bliana ó dháta na cigireachta mura ndéanann an Ballstát foráil maidir le heatramh cigireachta eile de bhun Airteagal 32.
9. **Aithneoidh gach Ballstát deimhniú dá dtagraítear i mír 7 nó taifead dá dtagraítear i mír 6 maidir le trealamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil a cláraíodh i mBallstát eile.**

10. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmhligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 40 lena leasaítear Iarscríbhinní IV agus V chun dul chun cinn teicniúil agus forbairtí eolaíocha a chur san áireamh.
 11. An trealamh leata le **haghaidh úsáid ghairmiúil** dá dtagraítear in Airteagal 29(0) a ndéantar cigireacht air i gcomhréir leis na caighdeáin maidir le cigireacht chomhchuibhithe arna bhforbairt i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵³, toimhdeofar go gcomhlíonann sé na ceanglais a liostaítear in Iarscríbhinn IV.
- 11a. Measfar gur deimhnithe bailí oiliúna iad na deimhnithe oiliúna a eisíodh bunaithe ar Threoir 2009/128/CE go dtí a ndáta éaga.**

Airteagal 32

Maoluithe na mBallstát maidir le cigireacht ar threalamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil

1. Féadfaidh Ballstát, tar éis dó an measúnú riosca dá dtagraítear i mír 2 a dhéanamh, ceanglais chigireachta nach bhfuil chomh dian céanna a leagan síos agus foráil a dhéanamh maidir le heatraimh chigireachta atá éagsúil leis na cinn sin a leagtar amach in Airteagal 31 maidir le trealamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil ag a bhfuil scála an-íseal úsáide, de réir an mheasúnaithe riosca dá dtagraítear i mír 2 agus **a shonraítear sa dlí náisiúnta** nó a liostaítear sa phlean gníomhaíochta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 8.

Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir leis an trealamh leata seo a leanas le haghaidh úsáid ghairmiúil:

- a) trealamh spraeála a chuirtear ar iarnróid nó ar fheithiclí iarnróid nó ar aerárthaí;
- b) spraeirí cothrománacha búm atá níos mó ná 3 m, lena n-áirítear spraeirí atá suite ar threalamh cuir agus atá níos mó ná 3 m ar leithead;
- c) spraeire ingearach nó spraeire soinneáin úlloird.

⁵³ Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).

2. Sula leagfar síos ceanglais chigireachta nach bhfuil chomh dian céanna agus idirthréimhsí éagsúla cigireachta dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh Ballstát measúnú riosca ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol.
3. Féadfaidh Ballstát trealamh leata úsáide láimhe nó spraeirí cnapsaic, ar le haghaidh úsáid ghairmiúil iad, a dhíolmhú ón gcigireacht dá dtagraítear in Airteagal 31 bunaithe ar mheasúnú riosca ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol, lena n-áireofar meastachán ar an scála úsáide. An t-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 30, coinneoidh sé cóip den mheasúnú riosca le haghaidh rialú ag an gCoimisiún.
4. Trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** atá díolmhaithe ó chigireacht i gcomhréir le mír 3, ní bheidh sé faoi réir an cheanglais iontráil a dhéanamh sa chlár leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 29 nó sna ceanglais chlárúcháin dá dtagraítear in Airteagal 33.

Airteagal 33

Clár leictreonach de threalamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil

1. Gach údarás inniúil arna ainmniú ag Ballstát de bhun Airteagal 30, déanfaidh sé clár leictreonach a bhunú agus a choinneáil ar bun chun an méid seo a leanas a thairfeadh:
 - a) faisnéis arna cur isteach ag tríú páirtithe de bhun Airteagal 20(2), pointe (b)(i), agus Airteagal 29;
 - b) taifid ar chigireachtaí agus ar dheimhnithe mar a leagtar amach in Airteagal 31(6) agus (7)(b);
 - c) faisnéis eile mar a leagtar amach i mír 2 maidir le trealamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil ina Bhallstát nach bhfuil díolmhaithe ó chigireacht faoi Airteagal 32(3).

- 1a. Cuirfidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 30 uimhir aitheantais uathúil ('aitheantas uathúil') ar fáil do threalamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil**, arb é a bheidh ann an cód tíre agus grúpa litreacha nó uimhreacha ina dhiaidh a roghnófar trí úsáid a bhaint as critéir arna socrú ar an leibhéal náisiúnta, chun gach píosa trealaimh a shainaithe. Ba cheart [...] **an t-aitheantas uathúil** a chur san áireamh i ndoiciméid an innealra.
2. Tráth na cigireachta, déanfaidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 30 an fhaisnéis seo a leanas a thairfeadh:
- a) ainm an chomhlachta a dhéanann na cigireachtaí;
 - b) aitheantas uathúil an trealaimh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil**, dá dtagraítear i mír 1a;
 - c) an dáta monaraithe, má tá sé ar fáil;
 - d) ainm agus seoladh an úinéara reatha;
 - e) [...]
 - f) méid an umair;
 - g) leithead an bhúm spraeála chothrománaigh, más infheidhme;
 - h) an cineál nó na cineálacha buinne atá ar an trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** tráth na cigireachta;
 - i) i gcás spraeirí búm, cibé acu atá nó nach bhfuil rialú codanna agus/nó rialú buinní le teicneolaíocht logánaithe gheospásúil ar an trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil**;

- j) i gcás trealamh atá níos sine ná trí bliana, dáta gach cigireachta arna déanamh i gcomhréir le hAirteagal 31;
- k) cibé acu ar éirigh leis an trealamh leata **le haghaidh úsáid ghairmiúil** i ngach cigireacht a rinneadh faoi Airteagal 31 nó ar theip air;
- l) na cúiseanna atá le haon chigireacht inar theip air **agus, i gcás inarb ábhartha, na bearta a rinneadh chun an trealamh leata a cheartú.**

[...]

CAIBIDIL IX

[...] AN DUL CHUN CINN MAIDIR LE SPRIOCANNA LAGHDAITHE ASTAÍOCHTAÍ AGUS TÁSCAIRÍ RIOSCA COMHCHUIBHITHE

Airteagal 34

Modheolaíocht chun an dul chun cinn a ríomh i dtreo spriocanna laghdaithe astaíochtaí an Aontais le haghaidh 2030 a bhaint amach

1. Leagtar síos in Iarscríbhinn I an mhodheolaíocht chun an dul chun cinn i dtreo spriocanna laghdaithe astaíochtaí an Aontais le haghaidh 2030 a bhaint amach a ríomh go dtí 2030, agus an bhliain sin san áireamh. Beidh an mhodheolaíocht sin bunaithe ar shonraí staidrimh arna mbailiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2022/2379.
2. Agus úsáid á baint aige as an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn I, ríomhfaidh an Coimisiún go bliantúil na torthaí ar an dul chun cinn i dtreo bhaint amach spriocanna laghdúcháin an Aontais le haghaidh 2030 go dtí 2030, agus an bhliain sin san áireamh, agus foilseoidh sé na torthaí sin ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 7.

Modheolaíocht chun táscairí riosca comhchuibhithe 1 agus 2 a ríomh

1. Leagtar síos in Iarscríbhinn VI an mhodheolaíocht chun dul chun cinn a ríomh i ndáil le táscairí riosca comhchuibhithe 1, 2 agus 2a, ar leibhéal an Aontais agus ar **leibhéal an Bhallstáit** araon. Beidh an mhodheolaíocht sin bunaithe ar shonraí staidrimh arna mbailiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2022/2379.
2. Agus úsáid á baint aige as an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI, ríomhfaidh an Coimisiún go bliantúil torthaí tháscairí riosca comhchuibhithe 1 agus 2 ar leibhéal an Aontais agus foilseoidh sé torthaí an ríomha sin ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 7.
3. Agus úsáid á baint aige as an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI, ríomhfaidh an Coimisiún torthaí tháscairí comhchuibhithe riosca 1 agus 2 ar bhonn bliantúil ar leibhéal na mBallstát agus roinnfidh sé na torthaí sin leis na Ballstáit.
4. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 40 lena leasaítear an tAirteagal seo agus Iarscríbhinn VI chun dul chun cinn teicniúil, lena n-áirítear dul chun cinn maidir le hinfhaighteacht sonraí staidrimh, agus forbairtí eolaíocha agus agramamaíocha a chur san áireamh. D'fhéadfadh gníomhartha tarmligthe mar sin **na táscairí riosca comhchuibhithe atá ann faoi láthair a mhodhnú** nó foráil a dhéanamh maidir le **cinn** bhreise [...].

5. Faoin... [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 12 mhí tar éis dháta teacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], beidh meastóireacht ar tháscairí comhchuibhithe riosca 1 agus 2 curtha i gcrích ag an gCoimisiún. Beidh an mheastóireacht sin bunaithe ar thaighde eolaíoch [ón Airmheán Comhpháirteach Taighde] agus ar chomhairliúchán fairsing leis na páirtithe leasmhara, lena n-áirítear na Ballstáit, saineolaithe eolaíocha agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta. Cuirfear san áireamh sa mheastóireacht na modheolaíochtaí atá le húsáid chun táscairí riosca comhchuibhithe nua a fhoirmiú i gcomhréir le mír 4.
6. Agus torthaí na meastóireachta dá bhforáiltear i mír 5 á gcur san áireamh aige, déanfaidh an Coimisiún, má mheasann sé gurb iomchuí sin, tráth nach déanaí ná 18 mí tar éis fhoilsiú na staitisticí maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí sa talmhaíocht don chéad tréimhse tagartha dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2022/2379, táscairí riosca comhchuibhithe nua a mholadh nó **iad siúd atá ann faoi láthair a mhodhnú** ar bhonn sonraí staidrimh a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí i gcomhréir le mír 4 den Airteagal seo.

Airteagal 36

Meastóireacht na mBallstát ar dhul chun cinn agus ar tháscairí riosca comhchuibhithe

1. Déanfaidh gach Ballstát meastóireacht ar thorthaí gach ríomha maidir le táscairí comhchuibhithe riosca ar leibhéal na mBallstát, dá dtagraítear in Airteagal 35, gach uair a dhéanfar iad a ríomh.
2. Sainithneofar sna meastóireachtaí ar na táscairí comhchuibhithe riosca ar leibhéal na mBallstát nithe tosaíochta, mar shampla, substaintí gníomhacha, barra, réigiúin nó cleachtais nach mór aird ar leith a thabhairt orthu, nó dea-chleachtais is féidir a úsáid mar shamplaí.

3. Cuirfidh an Coimisiún in iúl do na Ballstáit torthaí ríofa na dtáscairí comhchuibhithe riosca ar leibhéal na mBallstát chun na sonraí a chros-seiceáil, mar a shonraítear in Iarscríbhinn VI. Ina dhiaidh sin, foilseoidh an Coimisiún na torthaí sin. Maidir leis na meastóireachtaí gaolmhara a dhéanfar de bhun an Airteagail seo, cuirfidh na Ballstáit an méid sin in iúl don Choimisiún agus do na Ballstáit eile agus foilseoidh siad an fhaisnéis sin agus táscairí náisiúnta eile nó cuspóirí inchainníochtaithe eile dá dtagraítear i mír 4 ar na suíomhanna gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 27(2).
4. De bhreis ar na táscairí riosca comhchuibhithe a shonraítear in Iarscríbhinn VI agus na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn II, féadfaidh na Ballstáit freisin leanúint d'úsáid a bhaint as táscairí náisiúnta nó as cuspóirí inchainníochtaithe atá ann cheana, nó táscairí náisiúnta nó cuspóirí inchainníochtaithe breise a fhorbairt, agus as sonraí eile a bhailítear ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, lena n-áirítear sonraí amach anseo maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí, ar sonraí iad a bhaineann leis na táscairí agus na spriocanna dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2.

CAIBIDIL X

FORÁLACHA RIARACHÁIN AGUS AIRGEADAIS

Airteagal 37

Faisnéis faoi údaráis inniúla ainmnithe

Faoin ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh [...]
18 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh gach Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoi na húdaráis inniúla arna n-ainmniú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Airteagal 38

Pionóis

Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad gach beart is gá chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus na bearta sin gan mhoill agus tabharfaidh siad fógra dó, gan mhoill, faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

Airteagal 39

Táillí agus muirir

Féadfaidh na Ballstáit na costais a bhaineann le comhlíonadh a n-oibleagáidí faoin Rialacháin seo a ghnóthú trí tháillí nó trí mhuirir.

CAIBIDIL XI

CUMHACHTAÍ THARMLIGTHE, AGUS NÓS IMEACHTA COISTE

Airteagal 40

An tarmligean a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 10(6), 13(9), 21(3), 25(10), 29(5), 31(10) agus 35(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagail 10(6), 13(9), 21(3), 25(10), 29(5), 31(10) agus 35(4) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 10(6), 13(9), 21(3), 25(10), 29(5), 31(10) agus 35(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

Airteagal 41

Nós imeachta coiste

1. Gheobhaidh an Coimisiún cúnamh ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha arna bhunú le hAirteagal 58(1) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵⁴. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás nach dtugann an coiste tuairim, ní ghlacfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme agus beidh feidhm ag Airteagal 5(4), an tríú fómhír, de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

⁵⁴ Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

CAIBIDIL XII

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 42

Meastóireacht ón gCoimisiún

1. Faoin ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 5 bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo bunaithe ar an méid seo a leanas:
 - a) na treochtaí sa dul chun cinn i dtreo spriocanna laghdaithe astaíochtaí an Aontais le haghaidh 2030 a bhaint amach;
 - b) an anailís ar na treochtaí bliantúla agus ar na sonraí bliantúla a fhoilsíonn an Coimisiún gach 3 bliana i gcomhréir le hAirteagal 11;
 - c) an tuarascáil maidir le tuarascálacha bliantúla ar chur chun feidhme a chuir an Coimisiún faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle go dtí seo i gcomhréir le hAirteagal 11(3);
 - d) aon fhaisnéis eile is gá chun an mheastóireacht a ullmhú.

Cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun an tuarascáil sin a ullmhú.
2. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún.

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/2115

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 mar a leanas:

(1) in Airteagal 31(5), cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

‘De mhaolú ar phointí (a) agus (b) den chéad fhomhír den mhír seo, más rud é, i gcomhréir le Rialachán (AE) .../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** go bhforchuirtear ceanglais ar fheirmeoirí, féadfar tacaíocht a dheonú chun na ceanglais sin a chomhlíonadh ar feadh uastréimhse dar críoch an dáta is déanaí den dá dháta seo a leanas – ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 5 bliana ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] nó 5 bliana ón dáta a bheidh siad éigeantach don ghabháltas.

* Rialachán (AE).../... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ... maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 (IO...);

(2) Cuirtear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 70(3):

‘De mhaolú ar phointí (a) agus (b) den chéad fhomhír den mhír seo, más rud é, i gcomhréir le Rialachán (AE).../...** go bhforchuirtear ceanglais ar thairbhíthe, féadfar tacaíocht a dheonú chun na ceanglais sin a chomhlíonadh go ceann uastréimhse dar críoch an dáta is déanaí den dá dháta seo a leanas – ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 5 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] nó 5 bliana ón dáta a bheidh siad éigeantach don ghabháltas’;

+ IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad ... agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

** IO: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad

(3) in Airteagal 73(5), cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

‘De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo, más rud é, i gcomhréir le Rialachán (AE) .../... ++, go bhforchuirtear ceanglais ar fheirmeoirí, féadfar tacaíocht a dheonú chun na ceanglais sin a chomhlíonadh go ceann uastréimhse dar críoch an dáta is déanaí den dá dháta seo a leanas – ... [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 5 bliana ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*] nó 5 bliana ón dáta a bheidh siad éigeantach don ghabháltas. ’.

Airteagal 44

Treoir 2009/128/CE a aisghairm

1. Aisghairtear Treoir 2009/128/CE.
2. Déanfar na tagairtí do Threoir 2009/128/CE a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus a léamh i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.

Airteagal 45

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón ... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh [...]] **12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo**].

Mar sin féin, **beidh feidhm ag** mír 4 d' Airteagal 15 ón **[Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 15 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]**, **beidh feidhm ag Airteagal 15(1)-(3) agus ag Airteagal 16** ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = [...]] **30 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo**], beidh feidhm ag Airteagal 29 mír [...]**1** ón [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = [...]] **24 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo**] agus beidh feidhm ag Airteagal 21**(1) agus (2)** ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = [...]] **30 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo**].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

IARSCRÍBHINN I
dá dtagraítear in Airteagal 4

**MODHEOLAÍOCHT CHUN AN DUL CHUN CINN A RÍOMH I dTREO SPRIOCANNA
LAGHDAITHE ASTAÍOCHTAÍ AN AONTAIS LE HAGHAIDH 2030 A BHAINT AMACH**

Is é atá sa Rialachán seo an ionstraim a úsáidtear chun laghdú 50 % a bhaint amach ar fud an Aontais faoin mbliain 2030 maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha agus maidir leis an riosca a bhaineann leo araon ('Sprioc laghdaithe 1 de chuid an Aontais le haghaidh 2030') agus maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí níos guaisí ('Sprioc laghdaithe 2 de chuid an Aontais le haghaidh 2030'). Leagtar amach thíos an mhodheolaíocht chun an dul chun cinn i dtreo bhaint amach na spriocanna sin a ríomh.

ROINN 1

SPRIOC LAGHDAITHE 1 DE CHUID AN AONTAIS LE HAGHAIDH 2030:
MODHEOLAÍOCHT CHUN MEASTACHÁN A DHÉANAMH AR DHUL CHUN CINN MAIDIR
LE HÚSÁID TÁIRGÍ COSANTA PLANDAÍ CEIMICEACHA A LAGHDÚ AGUS RIOSCA NA
DTÁIRGÍ SIN A LAGHDÚ

1. Bunófar an mhodheolaíocht ar staidreamh an Aontais maidir leis na cainníochtaí de shubstaintí gníomhacha ceimiceacha a chuirtear ar an margadh i dtáirgí cosanta plandaí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, staidreamh arna sholáthar don Choimisiún (Eurostat) faoi Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹.

¹ Rialachán (AE) 2022/2379 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le staidreamh ar ionchur agus aschur talmhaíochta, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 617/2008 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1165/2008, (CE) Uimh. 543/2009 agus (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/16/CE ón gComhairle (IO L 315, 7.12.2022, lch. 1)

2. Beidh feidhm ag na rialacha ginearálta seo a leanas maidir le treochtaí a ríomh sa dul chun cinn i dtreo sprioc laghdaithe 1:
- a) déanfar an dul chun cinn a ríomh ar bhonn aicmiú na substaintí gníomhacha ceimiceacha sna 4 ghrúpa a leagtar amach sa Tábla san Iarscríbhinn seo;
 - b) na substaintí gníomhacha ceimiceacha a liostaítear i gCuid D den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún, is iad sin a bheidh sna substaintí gníomhacha ceimiceacha i ngrúpa 1¹;
 - c) na substaintí gníomhacha ceimiceacha a liostaítear i gCodanna A agus B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, is iad sin a bheidh sna substaintí gníomhacha ceimiceacha i ngrúpa 2;
 - d) na substaintí gníomhacha ceimiceacha atá formheasta mar shubstaintí atá le hionadú i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus a liostaítear i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, nó a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408, is iad sin a bheidh sna substaintí gníomhacha ceimiceacha i ngrúpa 3;
 - e) na substaintí gníomhacha ceimiceacha nach bhfuil formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus dá bhrí sin nach liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, is iad sin a bheidh sna substaintí gníomhacha ceimiceacha i ngrúpa 4;
 - f) beidh feidhm ag na hualuithe i ró (iii) sa Tábla san Iarscríbhinn seo.
3. Ríomhfar an dul chun cinn i dtreo sprioc laghdaithe 1 de chuid an Aontais le haghaidh 2030 a bhaint amach trí na cainníochtaí bliantúla de shubstaintí gníomhacha ceimiceacha i dtáirgí cosanta plandaí a chuirtear ar an margadh do gach grúpa sa Tábla san Iarscríbhinn seo a iolrú faoin ualú guaise ábhartha a leagtar amach i ró (iii), agus ansin trí chomhiomlánú thorthaí na ríomhanna sin.

¹ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

Tábla

Aicmiú substaintí gníomhacha agus ualuithe guaise ar mhaithe leis an dul chun cinn i dtreo sprioc laghdaithe 1 de chuid an Aontais le haghaidh 2030 a ríomh

| Sraith | Grúpaí | | | |
|--------|--|---|--|---|
| | 1 | 2 | 3 | 4 |
| (i) | Substaintí gníomhacha ceimiceacha a mbaineann riosca íseal leo a fhortheasta nó a mheastar a bheith formheasta faoi Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus a liostaítear i gCuid D den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 | Substaintí gníomhacha ceimiceacha atá formheasta nó a mheastar a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus nach dtagann faoi chatagóirí eile agus a liostaítear i gCodanna A agus B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 | Substaintí gníomhacha ceimiceacha atá formheasta mar shubstaintí atá le hionadú i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus a liostaítear i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, nó a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408. | Substaintí gníomhacha ceimiceacha nach bhfuil formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus dá bhrí sin nach liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 |
| (ii) | Ualuithe Guaise is infheidhme maidir le cainníochtaí substaintí gníomhacha ceimiceacha a chuirtear ar an margadh i dtáirgí atá údaraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 | | | |
| (iii) | 1 | 8 | 16 | 64 |

4. Socrófar an bhunlíne do sprioc laghdaithe 1 de chuid an Aontais le haghaidh 2030 ag 100, agus is ionann í agus meántoradh an ríomha thuas don tréimhse 2015-2017.
5. An dul chun cinn i dtreo sprioc laghdaithe 1 de chuid an Aontais le haghaidh 2030 a bhaint amach, sloinnfear é trí thagairt a dhéanamh don bhunlíne.
6. Ríomhfaidh an Coimisiún an dul chun cinn i dtreo sprioc laghdaithe 1 de chuid an Aontais le haghaidh 2030 a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 34(2) den Rialachán seo do gach bliain féilire agus ar a dhéanaí 20 mí tar éis dheireadh na bliana a bhfuil an dul chun cinn i dtreo sprioc laghdaithe 1 de chuid an Aontais le haghaidh 2030 á ríomh ina leith.

ROINN 2

SPRIOC LAGHDAITHE 2 DE CHUID AN AONTAIS LE HAGHAIDH 2030: MODHEOLAÍOCHT CHUN MEASTACHÁN A DHÉANAMH AR DHUL CHUN CINN MAIDIR LE HÚSÁID TÁIRGÍ COSANTA PLANDAÍ CEIMICEACHA NÍOS GUAISÍ A LAGHDÚ

1. Bunófar an mhodheolaíocht ar staidreamh an Aontais maidir leis na cainníochtaí de shubstaintí gníomhacha a chuirtear ar an margadh i dtáirgí cosanta plandaí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, staidreamh arna sholáthar don Choimisiún faoi Airteagal 4(5)(a) agus pointe (e) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2379.
2. Ríomhfar na treochtaí sa dul chun cinn i dtreo sprioc laghdaithe 2 de chuid an Aontais le haghaidh 2030 a bhaint amach trí na cainníochtaí bliantúla de shubstaintí gníomhacha ceimiceacha atá i dtáirgí cosanta plandaí níos guaisí a chuirtear ar an margadh gach bliain a shuimiú.
3. Socrófar an bhunlíne do na treochtaí sa dul chun cinn i dtreo sprioc laghdaithe 2 de chuid an Aontais le haghaidh 2030 ag 100, agus is ionann í agus meántoradh an ríomha thuas don tréimhse 2015-2017.
4. Na treochtaí sa dul chun cinn i dtreo sprioc laghdaithe 2 de chuid an Aontais le haghaidh 2030 a bhaint amach, sloinnfear iad trí thagairt a dhéanamh don bhunlíne.
5. Ríomhfaidh an Coimisiún an dul chun cinn i dtreo sprioc laghdaithe 2 de chuid an Aontais le haghaidh 2030 a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 34(2) den Rialachán seo do gach bliain féilire agus ar a dhéanaí 20 mí tar éis dheireadh na bliana a bhfuil an dul chun cinn i dtreo sprioc laghdaithe 2 de chuid an Aontais le haghaidh 2030 á ríomh ina leith.

ROINN 3

SPRIOCANNA LAGHDÚCHÁIN DE CHUID AN AONTAIS

[...]

IARSCRÍBHINN II

NA SONRAÍ SNA TUARASCÁLACHA BLIANTÚLA MAIDIR LE DUL CHUN CINN AGUS LE CUR CHUN FEIDHME ATÁ LE SOLÁTHAR FAOIN 31 LÚNASA GACH BLIAIN FÉILIRE

Cuid 1: [...]

Cuid 2: Na sonraí cainníochtúla atá ábhartha do chur chun feidhme an Rialacháin seo agus don mhéid atá sé á chomhlíonadh

Úsáid táirgí cosanta plandaí:

1. céatadán na n-úsáideoirí gairmiúla a ndéantar cigireacht orthu maidir le bainistiú comhtháite lotnaidí a chur chun feidhme;
2. céatadán na n-úsáideoirí gairmiúla nach gcomhlíonann an oibleagáid taifid leictreonacha a choinneáil maidir le bainistiú comhtháite lotnaidí;
3. céatadán na n-úsáideoirí gairmiúla nár chomhlíon an oibleagáid sonraí maidir le húsáid lotnaidicídí a choinneáil go leictreonach;
4. líon na gceadanna leata ón aer, tréimhse bhailíochta an cheada, chomh maith le méid agus suíomh na limistéar lena mbaineann, agus na cúiseanna leis an gcead a deonaíodh;
5. céatadán na limistéar talmhaíochta inúsáidte agus limistéir eile a chumhdaítear le ceadanna leata ón aer;

6. líon na gceadanna maidir le táirgí cosanta plandaí a úsáid nach bhfuil údaraithe i limistéir íogaire;
7. an céatadán den limistéar talmhaíochta inúsáidte agus de limistéir eile a chumhdaítear le ceadanna maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí nach bhfuil údaraithe i limistéir íogaire;
8. líon measta na dtáirgí cosanta plandaí neamhdhleathacha a úsáideadh agus na cainníochtaí de tháirgí neamhdhleathacha cosanta plandaí a braitheadh;
9. ar chuir na Ballstáit maoluithe i bhfeidhm lena gceadaítear na nithe seo a leanas
 - a) ceanglais éagsúla chigireachta difriúla maidir le trealamh leata ar scála an-íseal úsáide, nó
 - b) díolúintí ó chigireacht le haghaidh trealamh leata láimhe nó spraeirí cnapsaic.

Oiliúint:

10. céatadán na n-úsáideoirí, na gcomhairleoirí agus na ndáileoirí gairmiúla a oiltear sna hábhair a liostaítear in Iarscríbhinn III agus a bhfuil deimhniú oiliúna acu i gcomhréir le hAirteagal 25;
11. [...]

Trealamh leata:

12. céatadán measta an trealaimh leata atá cláraithe ar an gclár leictreonach de threalamh leata;
13. an céatadán den trealamh leata cláraithe agus atá dlite le haghaidh cigireachta a ndearnadh cigireacht air;
14. an céatadán den trealamh leata, ag tráth na cigireachta, a bhfuil feistí maolaithe riosca feistithe air.

Bearta breise na mBallstát chun bainistiú comhtháite lotnaidí a chur chun feidhme:

15. an céatadán den limistéar talmhaíochta inúsáidte i ngach Ballstát a chumhdaítear le treoracha nó rialacha a bhaineann go sonrach leis an mbarr nó leis an earnáil.

IARSCRÍBHINN III

ÁBHAIR OILIÚNA DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 25

1. An reachtaíocht ábhartha maidir le táirgí cosanta plandaí agus a n-úsáid agus an riosca a bhaineann leo agus go háirithe an Rialachán seo. Cé nach reachtaíocht eisiach í, tá an reachtaíocht seo a leanas ábhartha:

Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹

Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²

Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³

Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴

Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/EEC ón gComhairle (IO L 309, 24.11.2009, lch. 1).

² Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhióch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

³ Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).

⁴ Rialachán (CE) Uimh. 1185/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2009 maidir le staidreamh struchtúrach gnó (IO L 324, 10.12.2009 lch. 1).

⁵ Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹

Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²

Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³

Treoir 2009/127/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴

Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵

Treoir 89/391/CEE ón gComhairle⁶

¹ Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirfeadh i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

² Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

³ Treoir 2006/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le hinnealra, agus lena leasaítear Treoir 95/16/CE (IO L 157, 9.6.2006, lch. 24).

⁴ Treoir 2009/127/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leasaítear Treoir 2006/42/CE maidir le hinnealra leata lotnaidicíde (IO L 310, 25.11.2009, lch. 29).

⁵ Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1).

⁶ Treoir 89/391/CEE ón gComhairle an 12 Meitheamh 1989 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe ar shábháilteacht agus ar shláinte oibrithe ar an láthair oibre a spreagadh (IO L 183, 29.6.1989, lch. 1).

Treoir 89/656/CEE ón gComhairle¹

Treoir 98/24/CE ón gComhairle²

Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³

Treoir 2009/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴

Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵

Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁶

3. Táirgí cosanta plandaí neamhdhleathacha agus góchumtha a bheith ann agus baol na dtáirgí sin, na modhanna chun na táirgí sin a shainaitheint, agus na pionóis a bhaineann le táirgí cosanta plandaí neamhdhleathacha a dhíol nó a úsáid.

¹ Treoir 89/656/CEE ón gComhairle an 30 Samhain 1989 maidir leis na híoscheanglais sláinte agus sábháilteachta maidir le húsáid trealamh cosanta pearsanta ag oibríthe ar an láthair oibre (an tríú treoir ar leith de réir Airteagal 16 (1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 393, 30.12.1989, lch. 18).

² Treoir 98/24/CE ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 maidir le sláinte agus sábháilteacht oibríthe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le hoibreáin cheimiceacha ar an láthair oibre (IO L 131, 5.5.1998, lch. 11).

³ Treoir 2004/37/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le hoibríthe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le nochtadh do charcanaiginí nó do shóghineacha ar an láthair oibre (IO L 158, 30.4.2004, lch. 50).

⁴ Treoir 2009/104/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir leis na híoscheanglais sábháilteachta agus sláinte maidir le húsáid trealamh oibre ag oibríthe ar an láthair oibre (an dara Treoir ar leith de réir bhrí Airteagal 16(1) de Threoir 89/391/CEE) (IO L 260, 3.10.2009, lch. 5).

⁵ Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

⁶ Treoir 2008/68/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2008 maidir le hiompar intíre earraí contúirteacha (IO L 260, 30.9.2008, lch. 13).

4. Na guaiseacha agus na rioscaí a bhaineann le táirgí cosanta plandaí, agus an bealach chun iad a aithint agus a chosc, lena n-áirítear na hábhair seo a leanas:
 - a) rioscaí do shláinte an duine;
 - b) siomptóim de nimhiú táirgí cosanta plandaí agus bearta garchabhrach iomchuí i gcás nimhiú mar sin;
 - c) rioscaí do phlandaí agus feithidí nach spriocanna iad, don fhiadhúlra, don bhithéagsúlacht agus don chomhshaol i gcoitinne.
5. Straitéisí agus teicnící comhtháite bainistithe lotnaidí, straitéisí agus teicnící comhtháite bainistithe barr, prionsabail na feirmeoireachta orgánaí, modhanna rialaithe bitheolaíoch, modhanna rialaithe orgánach díobhálach, an oibleagáid maidir le bainistiú comhtháite lotnaidí a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach in Airteagail 12 agus 13 den Rialachán seo, agus an oibleagáid taifid a chur isteach i gclár leictreonach an bhainistithe chomhtháite lotnaidí agus na húsáide táirgí cosanta plandaí, mar a leagtar amach in Airteagal 14 den Rialachán seo.
6. Nuair a bheidh gá le táirgí cosanta plandaí, an bealach chun na táirgí cosanta plandaí a roghnú ar lú a n-iarmhairt ar shláinte an duine, ar orgánaigh nach spriocorgánaigh iad agus ar an gcomhshaol, i measc na dtáirgí údaraithe go léir le haghaidh fadhb lotnaidí ar leith, i gcás ar leith.

7. Bearta chun rioscaí don duine, d'orgánaigh nach spriocorgánaigh iad agus don chomhshaol a íoslaghdú, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:
- a) cleachtais oibre shábháilte chun táirgí cosanta plandaí a stóráil, a láimhseáil agus a mheascadh;
 - b) cleachtais oibre shábháilte chun pacáistíocht fholamh, ábhair éillithe eile agus barrachas táirgí cosanta plandaí (lena n-áirítear meascáin umar) a dhiúscairt, bíodh siad i bhfoirm tiúcháin nó i bhfoirm caolaithe;
 - c) an bealach a moltar le nochtadh oibreoirí a chosc (lena n-áirítear trealamh cosanta pearsanta);
 - d) faisnéis maidir le diúscairt cheart agus shábháilte táirgí cosanta plandaí nach bhfuil údaraithe a thuilleadh agus i gcás ina mbeidh aon tréimhse chairde maidir lena n-úsáid faoi Airteagal 20(2) nó faoi Airteagal 46 de Rialachán 1107/2009 dulta in éag.
8. Nósanna imeachta chun trealamh leata a ullmhú chun oibriú, lena n-áirítear calabrú an trealaimh sin, leis an riosca is lú is féidir don úsáideoir, do dhaoine eile, do speicis ainmhithe agus plandaí nach spriocspeicis iad, don bhithéagsúlacht agus don chomhshaol, lena n-áirítear acmhainní uisce.
9. Oiliúint phraiticiúil maidir le trealamh leata a úsáid agus a chothabháil, agus maidir le bearta maolaithe riosca lena n-áirítear teicnící sonracha spraeála, úsáid teicneolaíochta nua lena n-áirítear teicnící beachta, chomh maith le seiceáil theicniúil na spraeirí atá in úsáid agus bealaí chun cáilíocht spraeála a fheabhsú. Maidir leis an ábhar seo, tabharfar aird ar leith ar na soic chun cáitheadh a laghdú agus ar na moltaí a dhéanann na monaróirí maidir leis na coinníollacha is fearr dá n-úsáid. Rioscaí sonracha a bhaineann le trealamh leata láimhe nó spraeirí cnapsaic a úsáid agus na bearta bainistithe riosca ábhartha. Cumhdóidh oiliúint phraiticiúil freisin na rioscaí sonracha a bhaineann le síolta a chóireáiltear le táirgí cosanta plandaí a chur.
10. Gníomhaíocht éigeandála chun sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint, lena n-áirítear acmhainní uisce i gcás doirte agus éilliú trí thimpiste agus i gcás teagmhais adhaimsire a mbeadh rioscaí láiste táirgí cosanta plandaí mar thoradh orthu.

11. Cúram speisialta i réimsí fogaire mar a shainítear in Airteagal 3(16) den Rialachán seo agus i limistéir chosanta arna mbunú faoi Airteagail 6 agus 7 de Threoir 2000/60/CE agus feacht ar éilliú de bharr táirgí cosanta plandaí ar leith ina réigiún faoi seach.
12. Saoráidí a sholáthraíonn monatóireacht sláinte agus rochtain ar chúram sláinte ar féidir faisnéis maidir le teagmhais géarnimhithe agus nimhithe ainsealaigh a thuairisciú dóibh.
13. Coinneáil taifead ar dhíol, ar cheannach agus ar úsáid táirgí cosanta plandaí, i gcomhréir leis an reachtaíocht ábhartha.
14. An bealach a n-íoslaghdófar nó a gcuirfear deireadh le leathadh táirgí cosanta plandaí áirithe a aicmítear mar tháirgí atá ‘díobhálach don saol uisceach agus a bhfuil éifeachtaí fadtréimhseacha acu’, ‘an-tocsaineach don saol uisceach agus a bhfuil éifeachtaí fadtréimhseacha acu’ nó ‘tocsaineach don saol uisceach agus a bhfuil éifeachtaí fadtréimhseacha acu’ de bhun Rialachán (CE) 1272/2008 ar bhóithre, ar línte iarnróid, nó feadh bóithre nó línte iarnróid, ar dhromchlaí an-tréscailte nó ar bhonneagar eile gar d’uisce dromchla nó do screamhuisce nó ar dhromchlaí séalaithe a bhfuil ardriosca ann go rithfidh siad isteach in uisce dromchla nó i gcórais séarachais.

15. Cosaint an chomhshaoil uisceigh agus soláthairtí uisce óil ar thionchar táirgí cosanta plandaí, lena n-áirítear i ndáil leis na hábhair seo a leanas:

a) táirgí cosanta plandaí a úsáid i gcomhréir leis na srianta atá curtha in iúl ar an lipéad i gcomhréir le hAirteagal 31, pointe (4)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus tosaíocht á tabhairt do tháirgí cosanta plandaí nach n-aicmítear mar tháirgí atá ‘(an-)mharthanach’, ‘(an-)bhithcharnach’,

‘an-tocsaineach don saol uisceach agus a bhfuil éifeachtaí fadtréimhseacha acu’, ‘tocsaineach don saol uisceach agus a bhfuil éifeachtaí fadtréimhseacha acu’ nó ‘díobhálach don saol uisceach agus a bhfuil éifeachtaí fadtréimhseacha acu’ de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008¹ nó ina bhfuil substaintí tosaíochta a áirítear sa liosta arna ghlacadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 16 de Threoir 2000/60/CE arna chur chun feidhme le Treoir 2008/105/CE agus le Treoir 2013/39/AE, nó lotnaidicídí shainaitheann mar thruailleáin shonracha abhantracha faoi Iarscríbhinn V, pointe 1.2.6 de Threoir 2000/60/CE, go háirithe iad siúd a dhéanann difear d’uisce a úsáidtear chun uisce óil a thógáil i gcomhréir le hAirteagal 7 de Threoir 2000/60/CE agus Treoir (AE) 2020/2184;

b) guaiseacha agus rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ann do shláinte an duine agus don chomhshaoil de bharr úsáid táirgí cosanta plandaí, chomh maith le modhanna chun astaíochtaí isteach sa chomhshaoil agus nochtadh ceirde do tháirgí cosanta plandaí níos guaisí a íoslaghdú;

c) teicneolaíocht chun cáitheadh a laghdú a úsáid i ngach barr machaire;

¹ Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

- d) bearta maolaithe eile a úsáid lena n-íoslaghdaítear an riosca a bhaineann le truailliú lasmuigh den láthair de bharr cáitheadh sprae, sreabhadh draenach agus rith chun srutha, lena n-áirítear go háirithe criosanna maolánacha éigeantacha atá in aice le cúrsaí uiscí dromchla agus screamhuisce agus uiscígh;
- e) an bealach chun na srianta a leagtar amach i Rialachán (CE) 1107/2009 a chomhlíonadh.

IARSCRÍBHINN IV

CIGIREACTH AR THREALAMH LEATA LE HAGHAIDH ÚSÁID GHAIRMIÚIL

Cumhdóidh cigireacht ar threalamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil gach gné atá tábhachtach chun ardleibhéal sábháilteachta agus cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a áirithiú. Ba cheart éifeachtacht agus sábháilteacht iomlán na hoibríochta leata a áirithiú trí fheidhmíocht chuí aon fheiste nó aon ghairis de chuid an trealamh chun na cuspóirí seo a leanas a ráthú.

Feidhmeoidh an trealamh leata le haghaidh úsáid ghairmiúil ar bhealach iontaofa agus ní úsáidfear é ach i gcomhréir leis an lámhleabhar oibríochta chun na críche atá beartaithe dó, rud a áiritheoidh go bhféadfar táirgí cosanta plandaí a leathadh go cruinn i gcomhréir leis an dea-chleachtas talmhaíochta (GAP) mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2), pointe (a) de Rialachán (CE) 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹.

Ní mór an trealamh a choinneáil i riocht inar féidir é a líonadh agus a fholmhú go sábháilte, go héasca agus go hiomlán agus lenar féidir aon sceitheadh de thuaslagán sprae nó de tháirge tiubhaithe a chosc. Beidh sé indéanta é a ghlanadh go éasca agus go críochnúil. Chomh maith leis sin, beifear in ann é oibriú go sábháilte, agus beidh an t-oibreoir in ann é a stopadh láithreach. Beidh sé simplí aon choigeartuithe is gá a dhéanamh. Beidh na coigeartuithe sin cruinn agus beifear in ann iad a atáirgeadh.

Le linn cigireachta, seiceálfar go bhfuil na ceanglais seo a leanas á gcomhlíonadh:

1. Sábháilteacht

Beidh an trealamh glan agus sábháilte sula gcuirfear tús leis an gcigireacht. Déanfar seiceáil ar na nithe seo a leanas:

¹ Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

- garda seafta tiomána na cumhachtdúiseachta a thógáil amach agus na feistí cosanta go léir le haghaidh na cumhachtdúiseachta agus páirteanna tarchurtha cumhachta rothlacha eile,
- sceitheadh ón gcóras hidrálach agus riocht ginearálta sorcóirí agus píopaí hidrálacha,
- sábháilteacht agus feidhmiú gach páirte leictrí, lena n-áirítear lasca solanoideacha,
- feidhmiú comhlaí sábháilteachta,
- riocht na gcodanna struchtúracha, an chreatlaigh agus ghabhdáin na mbúmanna/na soc,
- glasáil na bpáirteanna infhillte, agus
- i gcás aon trealamh a úsáideann cúnaimh aeir, gardaí an tséidire agus riocht an tséidire, lena n-áirítear riocht fisiciúil an aonaid séidire, an ghaothráin agus na muinchillí.

2. **Sceitheadh**

Ní bheidh aon sceitheadh ná sileadh ó aon chuid den trealamh agus é ina stad nó i ndálaí oibre. Ní bheidh aon sileadh ná leathadh neamhbheartaithe ann tar éis don trealamh a bheith múchta. Maidir le trealamh a úsáidtear chun táirgí leachtacha a leathadh, ní bheidh aon sceitheadh ó píopaí ná ó pháipí agus é ag rith ag an uasbhrú infhaighte don chóras agus ní chuirfear aon leacht díreach ar an spraeire féin.

3. **Caidéal (do threalamh a úsáidtear chun táirgí leachta a leathadh)**

Beidh an toilleadh caidéil oiriúnach do riachtanais an trealamh leata agus ní mór don chaidéal feidhmiú i gceart chun ráta leata atá seasta iontaofa a áirithiú.

4. **Suaitheadh nó meascadh (do threalamh chun táirgí leachtacha a leathadh)**

Ní mór d'fheistí suaite nó measctha athshruthú ceart a áirithiú chun tiúchan chothrom de thoirt iomlán an mheascáin leachta sprae san umar a bhaint amach.

5. Umar/crannóg an leachta sprae

Maidir le humair agus crannóga sprae, lena n-áirítear táscairí leibhéal líonta, feistí líonta, scagairí, córais fholmha agus sruthlaithe agus feistí measctha, oibreoidh siad sa chaoi go laghdófar an doirteadh tionóisceach, dáileadh éagothrom tiúchana, nochtadh an oibreora agus inneachar iarmhair.

6. Córais tomhais, córais rialaithe agus rialála

Beidh gach feiste atá ceaptha chun brú nó ráta sreafa a thomhas, a lascadh agus a mhúchadh calabraithe i gceart agus beidh siad ag feidhmiú mar ba cheart. Beidh na rialuithe atá le hoibriú le linn na hoibríochta leata inoibrithe ó shuíomh an oibreora, beidh na hionstraimí is gá chun an oibríocht a rialú i láthair agus beidh siad cruinn agus beidh taispeántí na hionstraimé inléite ó shuíomh an oibreora. I gcás trealamh chun táirgí leachtacha a leathadh, coinneoidh feistí coigeartaithe brú seasmhach oibre ag réabhlóidí seasmhacha an chaidéil, chun a áirithiú go gcuirtear ráta leata seasta i bhfeidhm. Trealamh breise chun táirgí cosanta plandaí a dháileáil nó a instealladh, feidhmeoidh siad go cruinn agus i gceart.

7. Píopaí agus píobáin

Beidh riocht ceart feidhmiúcháin ar phíopaí agus ar pháibáin sa chaoi go seachnófar suaitheadh ar shreabhadh an táirge nó doirteadh tionóisceach i gcás ina dteipfeadh orthu. Ní beidh píopaí ná píobáin lúbtha, caite go hiomarcach ná in áit ina mbeadh siad sínte.

8. Scagadh (le haghaidh trealamh a úsáidtear chun táirgí leachtacha a leathadh)

D'fhonn suaiteacht agus ilchineálacht a sheachaint i bpatrúin spraeála, beidh na scagairí ann agus i riocht maith agus beidh méid mogaill na scagairí ar aon dul le méid na soc a bheidh feistithe ar an spraeire agus beidh siad oiriúnach do mhéid na soc sin. Más infheidhme, oibreoidh an córas tásca blocála scagaire i gceart.

9. Búm spraeála (le haghaidh trealamh a dhéanann táirgí cosanta plandaí a leathadh trí bhúm atá suite go cothrománach nó go ceartingearach, atá suite gar don bharr nó don ábhar atá le cóireáil)

Ní mór don bhúm a bheith i riocht maith agus seasmhach i ngach treo. Na córais daingnithe agus coigeartaithe agus na feistí chun gluaiseachtaí neamhbheartaithe a mhaolú agus le haghaidh cúiteamh as fána, feidhmeoidh siad i gceart.

10. Soic (le haghaidh trealamh chun táirgí leachtacha a dháileadh)/ sceithbhealaí (le haghaidh táirgí soladacha)

Feidhmeoidh soic agus sceithbhealaí i gceart. Ní imeoidh ráta sreafa gach soic ná sceithbhealaigh ar leith go suntasach ó shonraí na dtáblaí ráta sreafa arna gcur ar fáil ag an monaróir.

11. Dáileadh

I gcás inarb ábhartha, caithfidh dáileadh an táirge a bheith cothrom maidir leis an bhfad dáilte, go trasnach agus go ceartingearach (i gcás leathadh le haghaidh barra ingearacha) sa sprioclimistéar.

12. Séidire (le haghaidh trealamh a dháileann táirgí cosanta plandaí le cúnamh aeir)

Beidh dea-bhail ar an séidire agus áiritheoidh sé go mbeidh sruth aeir seasmhach iontaofa ann.

13. Glanadh

Más ann dóibh, na córais sruthlaithe/ghlanta do choimeádáin fholmhaithe, e.g. feistithe ar chruinneoga ionduchtaithe an trealaimh leata, feidhmeoidh siad ar bhealach iontaofa. Ina theannta sin, má tá siad ar fáil, feistí glantacháin umair, feistí glantacháin seachtracha, feistí le haghaidh ghlanadh na gcruinneog ionduchtaithe agus feistí le haghaidh ghlanadh inmheánach an trealaimh leata, feidhmeoidh siad i gceart.

IARSCRÍBHINN V

FOIRM FÓGRA

| | | | |
|--|--------------------------|---|--------------------------|
| Údar an fhógra (Cuir tic isteach le do thoil) | | | |
| Trealamh nua nó an chéad chlárú ar threalamh úsáidte | <input type="checkbox"/> | Tarraingt siar ó úsáid nó úsáid chun críocho eile seachas leathadh an táirge cosanta plandaí ¹ | <input type="checkbox"/> |
| Athrú úinéireachta nó aistriú an chirt úsáide | <input type="checkbox"/> | Dul i mbun úsáide arís | <input type="checkbox"/> |
| Úinéir reatha | | | |
| Ainm: | | Aitheantóir uathúil pearsanta/cuideachta: (Uimhir Chánach) | |
| Seoladh 1: | | | |
| Seoladh 2: | | Gairm bheatha: (Feirmeoir, Tírdhreachóir, Conraitheoir, más eile, sonraigh le do thoil) | |
| Seoladh 3: | | | |
| Seoladh 4: | | | |
| Tír: | | | |
| An t-iarúinéir más infheidhme | | | |
| Ainm: | | | |
| Seoladh 1: | | | |
| Seoladh 2: | | | |

¹ Níor cheart tic a chur sa bhosca seo i gcás spraeirí soinneáin úlloird nó spraeirí cothrománacha nó ingearacha búm chun go mbeidh sé ag teacht le hAirteagal 29(0).

| | |
|------------|--|
| Seoladh 3: | |
| Seoladh 4: | |
| Tír: | |

Úsáideoir gairmiúil ar aistríodh an ceart chun an trealamh a úsáid chuige

| | | | |
|------------|----|--|---------|
| Ainm: | | Aitheantóir uathúil pearsanta/cuideacht a: (Uimhir Chánach) | |
| Seoladh: | | | |
| Fad úsáide | Ó: | | Go dtí: |

Cineál trealamh leata lotnaidicíde (cuir tic leis an gceann is iomchuí, le do thoil)

| | | | | | | | |
|----------------------|--|---|--|---------------------------------------|--|-----------------------|--|
| Spraeire búm | | Trealamh leata táirge cosanta plandaí a tháirgeann braoiníní agus a úsáideann gaothrán chun na braoiníní sin a dháileadh go hingearach agus/nó go cliathánach | | Ceodóir (fuar & te) | | Síolchóiritheoir | |
| Riarthóir gráinnín | | | | Gineadóir gaile | | Spraeire ingearach | |
| Aerárthaí (eitlithe) | | Aerárthach (rótóir) | | Aerárthaí gan foireann (e.g. ladrann) | | Trealamh leata láimhe | |
| Eile | | Déan cur síos uirthi: | | | | | |

An trealamh aerchuidithe é?

An bhfuil an trealamh feistithe le soc nó le stopadóir coda bunaithe ar GNSS?

| Trealamh leata lotnaidicídí | | | |
|---|--|----------------------------------|--|
| Déanamh: | | Samhail: | |
| Uimhir Aitheantais: | | Toilleadh an umair/na crannóige: | |
| Bliain an mhonaraithe nó bliain an chéad chlárúcháin: | | Leithead oibre: | |
| Faisnéis eile: | | | |

IARSCRÍBHINN VI
dá dtagraítear in Airteagal 35

**MODHEOLAÍOCHT CHUN TÁSCAIRÍ RIOSCA COMHCHUIBHITHE A RÍOMH AR
LEIBHÉAL AN AONTAIS AGUS AR AN LEIBHÉAL NÁISIÚNTA**

ROINN 1

TÁSCAIRÍ RIOSCA COMHCHUIBHITHE

Tá an mhodheolaíocht chun táscairí riosca comhchuibhithe a ríomh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta liostaithe i Ranna 2 go 4 den Iarscríbhinn seo agus tá sí bunaithe ar staidreamh náisiúnta nó ar staidreamh uile- Aontais. Ríomhfar na táscairí sin go bliantúil.

ROINN 2

**TÁSCAIRE RIOSCA COMHCHUIBHITHE 1: TÁSCAIRE RIOSCA COMHCHUIBHITHE
GUAISBHUNAITHE ATÁ BUNAITHE AR CHAINNÍOCHTAÍ NA SUBSTAINTÍ GNÍOMHACHA
A CHUIRTEAR AR AN MARGADH I DTÁIRGÍ COSANTA PLANDAÍ FAOI RIALACHÁN (CE)**

UIMH. 1107/2009

1. Bunófar an táscaire seo ar staidreamh an Aontais maidir leis na cainníochtaí de shubstaintí gníomhacha a chuirtear ar an margadh i dtáirgí cosanta plandaí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, staidreamh arna sholáthar don Choimisiún (Eurostat) faoi Airteagal 4(5)(a) agus pointe (e) den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2022/2379. Déantar na sonraí sin a aicmiú sna 4 ghrúpa.
2. Beidh feidhm ag na rialacha ginearálta seo a leanas maidir le táscaire riosca comhchuibhithe 1 a ríomh:
 - (a) déanfar táscaire riosca comhchuibhithe 1 a ríomh ar bhonn aicmiú na substaintí gníomhacha sna 4 ghrúpa a leagtar amach sa Tábla 1;

- (b) na substaintí gníomhacha a liostaítear i gCuid D den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, is iad sin a bheidh sna substaintí gníomhacha i ngrúpa 1;
 - (c) na substaintí gníomhacha a liostaítear i gCodanna A agus B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, is iad sin a bheidh sna substaintí gníomhacha i ngrúpa 2;
 - (d) na substaintí gníomhacha atá formheasta mar shubstaintí atá le hionadú i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus atá liostaithe i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, nó atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408, is iadsan a bheidh sna substaintí gníomhacha i ngrúpa 3;
 - (e) na substaintí gníomhacha nach bhfuil formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus dá bhrí sin nach liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, is iadsan a bheidh sna substaintí gníomhacha i ngrúpa 4;
 - (f) beidh feidhm ag na hualuithe i ró (iii) i dTábla 1.
3. Ríomhfar táscaire riosca comhchuibhithe 1 trí na cainníochtaí bliantúla de shubstaintí gníomhacha i dtáirgí cosanta plandaí a chuirtear ar an margadh do gach grúpa i dTábla 1 a iolrú faoin ualú guaise ábhartha a leagtar amach i ró (iii), agus ansin trí chomhiomlánú thorthaí na ríomhanna sin.

Tábla 1

Catagóiriú substaintí gníomhacha agus ualuithe guaise ar mhaithe le táscaire riosca comhchuibhithe 1 a ríomh

| Sraith | Grúpaí | | | |
|--------|---|---|--|---|
| | 1 | 2 | 3 | 4 |
| (i) | Substaintí gníomhacha ísealriosca atá formheasta nó a mheastar a bheith formheasta faoi Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus a liostaítear i gCuid D den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 | Substaintí gníomhacha atá formheasta nó a mheastar a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus nach dtagann faoi chatagóirí eile agus a liostaítear i gCodanna A agus B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 | Substaintí gníomhacha atá formheasta mar shubstaintí atá le hionadú i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus a liostaítear i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, nó a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408. | Substaintí gníomhacha nach bhfuil formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus dá bhrí sin nach liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 |
| (ii) | Ualuithe guaise is infheidhme maidir le cainníochtaí substaintí gníomhacha a chuirtear ar an margadh i dtáirgí atá údaraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 | | | |
| (iii) | 1 | 8 | 16 | 64 |

4. Socrófar an bhunlíne do tháscaire riosca comhchuibhithe 1 ag 100, agus is ionann í agus meántoradh an ríomha thuas don tréimhse 2011-2013.
5. Toradh tháscaire riosca comhchuibhithe 1, sloinnfear é trí thagairt a dhéanamh don bhunlíne.
6. Déanfaidh an Coimisiún torthaí tháscaire riosca comhchuibhithe 1 ar leibhéal an Aontais a ríomh agus a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 35(2) den Rialachán seo le haghaidh gach bliana féilire agus ar a dhéanaí 20 mí tar éis dheireadh na bliana a bhfuil táscaire riosca comhchuibhithe 1 á ríomh ina leith.

7. Déanfaidh an Coimisiún torthaí tháscaire riosca comhchuibhithe 1 ar leibhéal na mBallstát a ríomh agus a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 35(3) den Rialachán seo le haghaidh gach bliana féilire agus ar a dhéanaí 20 mí tar éis dheireadh na bliana a bhfuil táscaire riosca comhchuibhithe 1 á ríomh ina leith.

ROINN 3

TÁSCAIRE RIOSCA COMHCHUIBHITHE 2: TÁSCAIRE RIOSCA COMHCHUIBHITHE BUNAITHE AR LÍON NA N-ÚDARUITHE ARNA NDEONÚ FAOI AIRTEAGAL 53 DE RIALACHÁN (CE) UIMH. 1107/2009

1. Beidh an táscaire seo bunaithe ar líon na n-údaruithe a dheonaítear do tháirgí cosanta plandaí faoi Airteagal 53 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 mar a cuireadh in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 53(1) den Rialachán sin. Déantar na sonraí sin a chatagóiriú sna 4 ghrúpa.
2. Beidh feidhm ag na rialacha ginearálta seo a leanas maidir le táscaire riosca comhchuibhithe 2 a ríomh:
 - (a) bunófar táscaire riosca comhchuibhithe 2 ar líon na n-údaruithe arna ndeonú faoi Airteagal 53 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus déanfar é a ríomh ar bhonn substaintí gníomhacha a aicmiú sna 4 ghrúpa a leagtar amach i dTábla 2 den Roinn seo;
 - (b) is iad na substaintí gníomhacha a liostaítear i gCuid D den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a bheidh sna substaintí gníomhacha i ngrúpa 1;
 - (c) is iad na substaintí gníomhacha a liostaítear i gCodanna A agus B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a bheidh sna substaintí gníomhacha i ngrúpa 2;
 - (d) na substaintí gníomhacha atá formheasta mar shubstaintí atá le hionadú i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus atá liostaithe i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, nó atá liostaithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408, is iadsan a bheidh sna substaintí gníomhacha i ngrúpa 3;

- (e) na substaintí gníomhacha nach bhfuil formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus dá bhrí sin nach liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, is iadsan a bheidh sna substaintí gníomhacha i ngrúpa 4;
- (f) Beidh feidhm ag na hualuithe i ró (iii) i dTábla 2 den Chuid seo.
3. Ríomhfar táscaire riosca comhchuibhithe 2 trí líon na n-údaruithe a dheonaítear do tháirgí cosanta plandaí faoi Airteagal 53 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 le haghaidh gach grúpa i dTábla 2 a iolrú faoin ualú guaise ábhartha a leagtar amach i ró (iii), agus ansin trí chomhiomlánú thorthaí na ríomhanna sin.

Tábla 2

Catagóirí substaintí gníomhacha agus ualuithe guaise ar mhaithe le táscaire riosca comhchuibhithe 2 a ríomh

| Sraith | Grúpaí | | | |
|--------|---|---|--|---|
| | 1 | 2 | 3 | 4 |
| (i) | Substaintí gníomhacha ísealriosca atá formheasta nó a mheastar a bheith formheasta faoi Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus a liostaítear i gCuid D den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 | Substaintí gníomhacha atá formheasta nó a mheastar a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus nach dtagann faoi chatagóirí eile agus a liostaítear i gCodanna A agus B den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 | Substaintí gníomhacha atá formheasta mar shubstaintí atá le hionadú i gcomhréir le hAirteagal 24 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus a liostaítear i gCuid E den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, nó a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/408. | Substaintí gníomhacha nach bhfuil formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, agus dá bhrí sin nach liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 |
| (ii) | Ualuithe guaise is infheidhme maidir le cainníochtaí substaintí gníomhacha a chuirtear ar an margadh i dtáirgí atá údaraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 | | | |
| (iii) | 1 | 8 | 16 | 64 |

4. Socrófar an bhunlíne do tháscaire riosca comhchuibhithe 2 ag 100, agus is ionann í agus meántoradh an ríomha thuas don tréimhse 2011-2013.
5. Toradh tháscaire riosca comhchuibhithe 2, sloinnfear é trí thagairt a dhéanamh don bhunlíne.
6. Déanfaidh an Coimisiún torthaí tháscaire riosca comhchuibhithe 2 ar leibhéal an Aontais a ríomh agus a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 35(2) den Rialachán seo le haghaidh gach bliana féilire agus ar a dhéanaí 20 mí tar éis dheireadh na bliana a bhfuil táscaire riosca comhchuibhithe 2 á ríomh ina leith.
7. Déanfaidh an Coimisiún torthaí tháscaire riosca comhchuibhithe 2 ar leibhéal na mBallstát a ríomh agus a fhoilsiú i gcomhréir le hAirteagal 35(3) den Rialachán seo le haghaidh gach bliana féilire agus ar a dhéanaí 20 mí tar éis dheireadh na bliana a bhfuil táscaire riosca comhchuibhithe 2 á ríomh ina leith.
8. [...]

ROINN 4

**TÁSCAIRE RIOSCA COMHCHUIBHITHE 2A: TÁSCAIRE RIOSCA COMHCHUIBHITHE
BUNAITHE AR LÍON NA LIMISTÉAR A CÓIREÁLADH FAOI ÚDARUITHE ARNA NDEONÚ
FAOI AIRTEAGAL 53 DE RIALACHÁN (CE) UIMH. 1107/2009**

[...]

Tábla 3

**Aicmiú substaintí gníomhacha agus ualuithe guaise ar mhaithe le táscaire riosca
comhchuibhithe 2a a ríomh**

[...]

IARSCRÍBHINN VII

TÁBLA COMHGHAOIL DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 43(2)

| <i>Treoir 2009/128/CE</i> | An Rialachán seo |
|---------------------------|--|
| Airteagal 1 | Airteagal 1 |
| Airteagal 2 | Airteagal 2 |
| Airteagal 3 | Airteagal 3 |
| Airteagal 4 | Airteagail 8 go 9 |
| | |
| | |
| | |
| Airteagal 5 | Airteagal 17(1), Aireagal 23 agus Airteagal 25 |
| Airteagal 6 | Airteagal 24 |
| Airteagal 7 | Airteagal 27 |
| Airteagal 8 | Airteagal 17(3) go (5), agus Airteagail 29 go 33 |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| Airteagal 9 | Airteagail 20 go 21 |
| Airteagal 10 | |
| Airteagal 11 | Airteagal 19 |
| Airteagal 12 | Airteagal 18 |
| Airteagal 13 | Airteagal 22 |
| Airteagal 14 | Airteagail 12 go 16 |
| | |

| | |
|------------------|--|
| | |
| Airteagal 15 | Airteagail 35 agus 36 |
| Airteagal 16 | Airteagal 11(7), Airteagal 15(13) agus Airteagal 42(2) |
| Airteagal 17 | Airteagal 38 |
| Airteagal 18 | |
| Airteagal 19 | Airteagal 39 |
| Airteagal 20 | Airteagal 31(11) |
| Airteagal 21 | Airteagal 41 |
| Airteagal 22 | — |
| Airteagal 23 | — |
| Airteagal 24 | Airteagal 44 |
| Airteagal 25 | — |
| Iarscríbhinn I | Iarscríbhinn III |
| Iarscríbhinn II | Iarscríbhinn IV |
| Iarscríbhinn III | |
| Iarscríbhinn IV | Iarscríbhinn VI |
